# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL & CUNTAIS 2016

Origin Green IRELAND



Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

# ÁR MISEAN

Rathúlacht tráchtála ardchaighdeáin thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a thiomáint i gcomhar leis an tionscal agus trí léargas ar an margadh.

# CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Cuirtear ár misean in iúl tuilleadh trí na sé chuspóir straitéiseacha seo a leanas:

1. Cuir go gníomhach le rathúlacht agus le forbairt thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann.
2. Cuir le cáil bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe, i measc tomhaltóirí agus ceannaitheoirí trádála in áit an mhargaidh.
3. Bheith ina fhoinse údarásach do léargas straitéiseach a nascann deiseanna margaidh leis an tionscal.
4. Cur chuige comhoibríoch leis na príomhghníomhaireachaí bainteach le fónamh do bhia, deoch agus gairneoireacht na hÉireann a threorú.
5. Coinneáil le deiseanna atá ag teacht chun cinn agus freagairt go gníomhach do shaincheisteanna suntasacha margaidh a bhfuil tionchar acu ar an tionscal.
6. Luach ar airgead a sheachadadh ar chaiteachas.

# RÁITEAS STRAITÉISE

Tá an fhís seo a leanas ag Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2016-2018 do thionscal bia agus dí na hÉireann:

Aithníonn custaiméirí ar fud an domhain go bhfuil bia agus deochanna na hÉireann den scoth: go bhfuil ardchaighdeán acu, iad sainiúil, agus déanta ag raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha ó láthair oileánda uathúil agus ámharach.

Agus leagann ár dtáirgeoirí an caighdeán domhanda amach sa táirgeadh inbhuanaithe – an fhreagracht atá againn go léir don phláinéad, don tsochaí, agus do na glúnta atá le teacht á comhlíonadh.

Tá gach rud againn a theastaíonn do chóras bia níos fearr, níos inbhuanaithe. Ní raibh deis níos fearr riamh ann le gníomhú agus sampla a thabhairt don domhain.

Forbraíodh an fhís agus an plean gnímh a bhfuil cur síos air sa Ráiteas Straitéise tar éis próiseas caidrimh leathan agus fadréimseach le páirtithe leasmhara. Tacaíonn an Plean Straitéiseach go hiomlán le cur chun feidhme Food Wise 2025, tuarascáil an Choiste Straitéise Agraibhia á chomhordú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, a leagann amach an plean straitéiseach d'fhorbairt na hearnála agraibhia go 2025. Braitheann an Fhís ar chúig cholún straitéiseacha agus tacaíonn gach ceann acu siúd le fás an tionscail:

1. Curtha ar an eolas ag léargas tomhaltóra
2. Á chumasú ag daoine fiúntacha, tallann agus bonneagar
3. Buntaca aige ó *Origin Green*
4. Bainte amach trí bhealaí éifeachtacha go dtí an margadh agus tiontú gnó
5. Tacaíocht aige ó chumarsáidí láidre branda san aois dhigiteach

# CLÁR

## ÁR nGNÓ


06
**FIGIÚIRÍ ONNMHAIRÍ**

10
**RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH**

14
**ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-FHEIDHMEANNAIGH**

24
**ATHBHREITHNITHE EARNÁLA:**

24
**FEOIL AGUS BEOSTOC**

29
**BIA & DEOCHANNA**

35
**EARNÁIL NA nGNÓLACHTAÍ BEAGA AGUS AN EARNÁIL ORGÁNACH**

39
**GAIRNEOIREACHT**

46
**SEIRBHÍSÍ**


## ÁR RIALACHAS


61
**RÁITEAS CORPARÁIDEACH**

66
**STRUCHTÚR NA hEAGRAÍOCHTA**

68
**BORD BIA: AN BORD**

68
**BORD BIA: BORD BIANNA TOMHALTÓRA**

69
**BORD BIA: BORD BEOSTOIC AGUS FEOLA**

69
**BORD BIA: BORD DÉIRÍOCHTA**

70
**BORD BIA: AN BORD DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA**

70
**BORD BIA: AN BORD GAIRNEOIREACHTA**


## ÁR gCUNTAIS


72
**FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD**

73
**TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE**

74
**RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH**

74
**RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE**

77
**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH**

78
**RÁITEAS AR SHEASAMH AIRGEADAIS**

78
**RÁITEAS SREABHADH AIRGID**

80
**NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS**

92
**ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAIS MAIDIR LE hAIRGEADAS MARGAÍOCHTA**

# Á CHUR I LÁTHAIR AN AIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA

De réir Alt 22 den Acht um an mBord Bia 1994, tá áthas ar an mBord a Thuarascáil Bhliantúil agus a Chuntais Bhliantúla a chur i láthair an Aire don 12 mí dar críoch 31 Nollaig 2016.

**Michael Carey**
Cathaoirleach





# ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ NA hÉIREANN (€M)

Thaifead earnáil bia agus dí na hÉireann méadú ar fhás onnmhairí don seachtú bliain as a chéile i 2016 de réir mar a chuir aschur méadaithe sna príomhearnálacha agus feabhas a éileamh margaidh le luach na trádála. Ar na príomhearnálacha fáis áiríodh deochanna préimhe, bianna ullmhaithe agus de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, an déiríocht.


D'fhág éiginnteacht ag éirí as an reifreann ar an mBreatimeacht i Meitheamh 2016 go raibh rátaí malairte luaineacha ann don chuid is mó den bhliain a raibh tionchar diúltach aige ar onnmhairí bia agus dí na hÉireann in ár bpríomh-mhargadh onnmhairithe.


Áirítear don bhliain gur mhéadaigh luach onnmhairí bia agus dí na hÉireann de 2% go **€11.15 billiún**, rud a léiríonn fás de bhreis ar 41% nó €3.3 billiún ó 2010. Is iad bianna ullmhaithe, caoireoil, deochanna, muiceoil agus déiríocht is fearr a chruthaigh ó thaobh fás onnmhairí i 2016. Bhí tionchar diúltach ag éileamh margaidh níos moille agus praghsanna níos laige ar luach onnmhairí gairneoireachta inite agus chuaigh praghsanna níos laige i bhfeidhm ar onnmhairí mairteola agus bia farraige.





Thaifead an earnáil an **7ú** bliain fáis in onnmhairí i rith 2016





| | 2015 €m | 2016 (p) €m | 2016/2015 % +/- |
|---|---|---|---|
| Táirgí Déiríochta agus Comhábhair * | 3,310 | 3,380 | +2 |
| Mairteoil* | 2,410 | 2,380 | -1 |
| Bianna Ullmhaithe | 1,770 | 1,925 | +9 |
| Deochanna | 1,340 | 1,400 | +4 |
| Muiceoil | 590 | 615 | +4 |
| Bia Farraige | 570 | 555 | -3 |
| Gairneoireacht agus Gránaigh Inite | 250 | 230 | -8 |
| Éanlaith Chlóis | 320 | 275 | -14 |
| Caoireoil | 230 | 240 | +4 |
| Ainmhithe Beo | 195 | 150 | -23 |
| **IOMLÁN BIA AGUS DÍ** | **10,985** | **11,150** | **+2** |

*scairteach inite san áireamh (p) = is figiúirí sealadacha iad figiúirí 2016 Foinse: meastacháin Bhord Bia





Foinse Bord Bia 2016


# DÁILEADH MARGAIDH ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ NA hÉIREANN (%)

Meastar gur laghdaigh onnmhairí go dtí an **Ríocht Aontaithe** 8% i 2016 go €4.1 billiún agus steirling níos laige agus torthaí níos fearr in áiteanna eile ag dul i gcionn ar thrádáil. Thit scair na n-onnmhairí go dtí an RA de cheithre phointe céatadáin go 37%.

Mhéadaigh onnmhairí go dtí **margaí Eorpacha eile** 3% go €3.53 billiún á dtiomáint go príomha ag teacht aniar in onnmhairí deochanna, bia farraige, bianna ullmhaithe agus feola.


D'fhás lastais táirgí bia agus dí na hÉireann go dtí **Margaí idirnáisiúnta** 13% i 2016 go €3.5 billiún. Is ionann é seo agus 31% de na honnmhairí bia agus dí uile. Taifeadadh fás suntasach in onnmhairí go Tuaisceart Mheiriceá agus go dtí an tSín, rud a rinne fritháireamh ar mheath ar onnmhairí go dtí an Meánoirthear agus an Afraic.





(p) = is figiúirí sealadacha iad figiúirí 2016
Foinse: Meastacháin Bhord Bia

## DÁILEADH ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ – 2016 VS. 2015 (€M)




(p) = is figiúirí sealadacha iad figiúirí 2016
Foinse: meastacháin Bhord Bia

## FÁS ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ GO DTÍ MARGAÍ IDIRNÁISIÚNTA 2016 VS. 2015 (%)




(p) = is figiúirí sealadacha iad figiúirí 2016
Foinse: meastacháin Bhord Bia

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Don seachtú bliain as a chéile léirigh tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann leathnú seasmhach agus suntasach a seachadadh thar margaí nua agus margaí bunaithe araon.

Léirigh figiúirí onnmhairí ó 2016 go bhfuil ar thosaigh ag tús na ndeich mbliana seo ag leanúint ar aghaidh go láidir go dtí an pointe seo: tháinig fás 2% ar onnmhairí bia agus dí na hÉireann le €11.15 billiún a bhaint amach den chéad uair i 2016. Tógadh an fás seo den chuid is mó ar dhinimicí aschuir mhéadaithe agus éileamh neartaithe, agus d'fhéadfaí a mheas go raibh sé níos suntasaí fós ag cur na luaineachta a tugadh isteach inár gcaidreamh trádála leis an gcomhpháirtí is mó agus is sine atá againn, an RA, san áireamh sa drochiarmhairt ó reifreann an Bhreatimeachta i mí an Mheithimh.

Is bliain feidhmíochta suntasaí ar an margadh idirnáisiúnta a bhí ann áit ar fhág méadú sonrach 13% ar luach gur shroich onnmhairí dí agus bia na hÉireann beagnach €3.5 billiún den chéad uair.

Laistigh de seo ní mór aird ar leith a thabhairt ar dhá fheidhmíocht thar a bheith láidir margaidh, Meiriceá Thuaidh agus an tSín, mar chomharthaíocht shoiléir ar dheis todhchaí go háirithe. Is ionann margaí lasmuigh den Eoraip anois, le chéile, agus 31% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann.

Taifeadadh feidhmíocht láidir ar mhór-roinn na hEorpa freisin, méadú 3% ar onnmhairí chuig an réigiún i 2016 arbh ionann é agus €3.5 billiún nó 32% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann. Chuir neartú muinín tomhaltóra i roinnt príomh-mhargaí an AE taca faoin léargas dearfach seo, onnmhairí go dtí an Ísiltír, an Ghearmáin agus an Fhrainc chun tosaigh, agus taifeadadh feidhmíochtaí láidre freisin, cé gur ó bhonn níos ísle a thángadar, sa Spáinn, sa Pholainn agus i gCríoch Lochlann.

Beidh toradh reifreann na RA ar an mBreatimeacht i mí an Mheithimh ina ábhar dianiniúchta polaitiúil agus díospóireachta ginearálta as seo go ceann roinnt mhaith blianta, agus an t-athchalabrú dóchúil den chaidreamh trádála idir ár dá thír ina phríomhimní d'Éirinn agus do thionscal bia agus dí na hÉireann. Bhí an titim shuntasach ar luach steirling tar éis an chinnidh sin ina bhuaireamh níos mó don tionscal, agus rátaí malairte luaineacha ina ngné den chuid eile den bhliain. Ní raibh aon fháilte roimh an timpeallacht luaineach seo ach ní raibh onnmhaireoirí Éireannacha gan aon taithí air agus d'oibrigh Bord Bia go dlúth leis an tionscal sa tóir ar roinnt straitéisí maolaithe. Léirigh figiúirí dheireadh na bliana titim 8% ar luach onnmhairí chuig an RA – ábhar díomá ar ndóigh, ach caithfear breathnú air i gcomhthéacs an teagmhais seismigh seo. Ar an iomlán choinnigh an RA a seasamh mar an margadh aonair is tábhachtaí de chuid na hÉireann, 37% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann á nglacadh aici i 2016, arbh fhiú €4.1 billiún in iomlán é.

## COMHTHÉACS IDIRNÁISIÚNTA

Is cinnte gurb í an neamhchinnteacht a chruthaigh an Breatimeacht an phríomh-shaincheist do thionscal bia agus dí na hÉireann i 2016. Cé go dtiocfaidh na hiarmhairtí polaitiúla chun cinn sna blianta atá le teacht, thug an tionscal faoi dhúshlán airgeadra láithreach a laghdaigh luach onnmhairí bia go dtí an RA de suas le €570 milliún.

Dheimhnigh suirbhé Bhord Bia tar éis toradh an Bhreatimeachta gurb í an neamhchinnteacht a bhí in uachtar i measc onnmhaireoirí, impleachtaí luaineachta ráta malairte á lua ag sé as deich gcuideachta mar a bpríomhimní sáraitheach. An t-ionchas taraifí agus rialuithe teorann a bheith ann a bhí mar phríomhimní ag 20% de ghnólachtaí. Léirigh an taighde freisin go ndúirt cuideachta as gach trí go raibh siad meáite ar mhargaí nua a lorg agus an dá thrian eile ag díriú ar réitigh mhalartacha, mar laghdú ar chostas agus arduithe ar phraghsanna, laistigh de mhargadh na RA. Go luath i mí Iúil d'óstáil Bord Bia an chéad cheann d'imeachtaí eolais agus faisnéise ar an mBreatimeacht don tionscal agus thug tiomantas oibriú go dlúth le gnólachtaí Éireannacha chun freagra straitéiseach a fhorbairt ar shaincheisteanna athraitheacha.

Ag leibhéal an AE, cuireadh tús le réamhphléití ar leasú an Chomhbheartais Talmhaíochta agus an Chomhbheartais Iascaigh i rith 2016. Is dóchúil go ndíreoidh moltaí an Choimisiúin ar shimplíocht agus ar nuachóiriú, agus ailíniú níos soiléire le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an AE. Tar éis toghchán uachtaránachta na Stát Aontaithe go deireanach i 2016, thug an rialtas a bhí ag teacht i réim le fios go soiléir go dtarraingeodh sé amach as nó go ndéanfadh sé athshuí ar na SA i roinnt comhaontuithe saorthrádála. Is é an Comhar Infheistíochta agus Trádála Trasatlantach an ceann is suntasaí d'Éirinn sa chomhthéacs seo agus an chuma ar an scéal go dtabharfaidh an réimeas nua túsáite níos mó do bhearta trádála déthaobhacha.

Cé go raibh praghsanna tráchtearraí níos laige i gceist ó thús na bliana, léirigh Innéacs Praghsanna Bia FAO i Samhain 2016 go raibh siad 10% chun tosaigh ar fhigiúr na bliana roimhe sin, rud a leagann comhthéacs dearfach amach do mhargaí domhanda sa bhliain atá romhainn.

Murab ionann agus cúrsaí steirling, bhí an caidreamh trádála euro/dollar cobhsaí den chuid is mó i 2016, agus ba mhór í an chobhsaíocht ar fud crios an euro i 2016 agus boilsciú measartha i dtíortha mar an Ghearmáin agus an Fhrainc agus ina choinne sin roinnt díbhoilsciú praghsanna i dtíortha mar Éire agus an Spáinn.

Deimhníodh iomaíochas na tionsclaíochta in Éirinn den chuid is mó le torthaí dearfacha ó roinnt foinsí i 2016. I measc tíortha an OECD bhain Éire an 4ú áit shuntasach amach in Innéacs Forbes de na Tíortha is Fearr don Ghnó, agus rangaigh Bliainiris Iomaíochais Domhanda an IMD Éire sa 7ú háit i 2016, ardú ón 24ú háit i 2011. Rangaigh Éire sa 6ú háit d'Innéacs Forbartha Daonna na NA agus sa 13ú háit in Innéacs an Bhainc Dhomhanda i mBun Gnó.

## STRAITÉIS

Ó foilsíodh é ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i 2015, tá Food Wise 2025 tar éis an creat straitéiseach don fhás in earnáil agraibhia na hÉireann a chur ar fáil agus ainneoin na héiginnteachta faoin mBreatimeacht, féadtar breathnú ar fhigiúirí onnmhairí 2016 mar dheimhniú go bhfuil an tionscal ar sprioc chun spriocanna uaillmhianacha a leagadh síos dóibh a sheachadadh, go háirithe an fás ar onnmhairí go €19 billiún faoi 2025, agus cruthú 23,000 post nua breise.

Le seoladh *Difear an Domhain a Dhéanamh,*



*Ráiteas Straitéise 2016-2018*, rinne Bord Bia athnuachan ar a chreat straitéiseach, cúig cholún straitéiseach á leagan amach a thacóidh le iliomad clár agus seirbhísí na heagraíochta sa todhchaí. Is iad seo na cúig cholún:

1. Curtha ar an eolas ag léargas tomhaltóra
2. Á chumasú ag daoine fiúntacha, tallann agus bonneagar
3. Buntaca aige ó *Origin Green*
4. Bainte amach trí bhealaí éifeachtacha go dtí an margadh agus tiontó gnó
5. Tacaíocht aige ó chumarsáidí láidre branda san aois dhigiteach.

Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach cur síos ar an gcaoi ar féidir gníomhaíochtaí Bhord Bia a thomhas in aghaidh na gcuspóirí seo i 2016. Mar Chathaoirleach, is maith liom aitheantas a thabhairt don tiomantas athnuaite don tionscal a léiríonn an straitéis nua. Bliain fhóirsteanach a bhí ann d'athnuachan ár dtiomantas do chláir agus do sheirbhísí a chuireann an luach is fearr agus is féidir ar fáil don tionscal agus a chuireann le cáil an tionscail trí chéile.

## ORIGIN GREEN

Sna ceithre bliana ó seoladh é i 2012, tá clár *Origin Green* tar éis teacht ar aghaidh go han-sciobtha go dtí an pointe ina bhfuil beagnach gach leibhéal de thionscal bia na hÉireann ag ullmhú le haghaidh nó ag feidhmiú go gníomhach i dturas na hinbhuanaitheachta. I ndáiríre tá *Origin Green* tar éis feabhsúcháin intomhaiste i bhfeidhmíocht timpeallachta a chur go lárnach ag gach leibhéal den tionscal bia agus dí.

Faoi dheireadh 2016, bhí thart ar 527 onnmhaireoir bia agus dí, ar ionann agus 90% d'onnmhairí, tar éis a n-ainmneacha a chur le Origin Green, ar bhaill fíoraithe iomlána iad 220 díobh, mar atá formhór mór na bhfeirmeoirí mairteola agus déiríochta.

Ba chéim eile chun cinn é tabhairt isteach cairt inbhuanaitheachta seirbhíse bia agus miondíola i rith na bliana i leathnú rannpháirtíochta páirtithe leasmhara, le linn do Bhord Bia bearta a chur i gcríoch freisin leis na hacmhainní a mhéadú a cheadaíonn do phróiseálaithe a ngníomhaíochtaí inbhuanaitheachta a chur in iúl, a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Bhí comhoibriú le gníomhaireachtaí eile stáit agus comhlachtaí comhairleacha lárnacha chun cur le eolas agus aistriú sonraí ag leibhéal na feirme, agus tá réimsí mar shláinte ithreach, bainistiú cothaithigh agus leas ainmhithe ag teacht anois faoi scóip an chláir. Idir an dá linn beidh obair i gcatagóirí mar éanlaith chlóis agus uibheacha, muiceoil, uaineoil agus gairneoireacht i rith 2016 mar bhonn de shraith tionscnamh inbhuanaitheachta nua a fheidhmeofar go céimneach i 2017.

## CONCLÚID

Cé nach féidir a shéanadh gur bliain í ar bhain éiginnteacht éigin léi, ba bhliain í 2016 freisin de dhul chun cinn agus rathúlacht leanúnach do thionscal bia agus dí na hÉireann. Chuir onnmhaireoirí lena lorg in áiteanna margaidh na hEorpa agus go hidirnáisiúnta agus cruthaíonn ar bhaineadar amach i margaí a bhí ag éirí níos éagsúla i gcónaí, le tacaíocht ó chúinsí margaidh a bhí dearfach tríd is tríd, bonn muiníne sna hionchais do thuilleadh fáis sna blianta atá romhainn.

Sa RA, braithfidh feidhmíocht an tionscail i 2017 cuid mhór ar luaineachtaí sa ráta malairte, agus na roghanna atá ar fáil ag onnmhaireoirí agus á bhfeidhmiú acu i gcomhthéacs euro neartaithe.

Ach rud a bheidh soiléir i rith na bliana áfach, ná tiomantas na hÉireann do chaighdeán ardcháilíochta bia agus don inbhuanaitheacht, cáilíochtaí nach tagarmharcanna marthanacha an tionscail amháin iad ach nithe a neartaíonn tuilleadh é. I lár na héiginnteachta coinneoidh Éire freisin a seasamh seanbhunaithe mar chomhpháirtí gnó iontaofa, agus leanfaidh Bord Bia ag obair leis an tionscal agus é ag freagairt don athrú.

Tugadh aitheantas do thiomantas Bhord Bia don tionscal bia agus dí i rith na bliana nuair a aithníodh é mar an eagraíocht is mó cáil in Éirinn dar le staidéar bliantúil *RepTrak®* 2016.

Mar Chathaoirleach Bhord Bia ba phléisiúr ar leith é oibriú le Bord agus le bainistíocht Bhord Bia agus freagra cuiditheach agus diongbháilte á chur ar fáil aige ar imeachtaí 2016. I ngach a ndearna mé mar Chathaoirleach, tá mé faoi chomaoin ag an treoir a chuir mo chomhchomhaltaí boird agus comhaltaí na gcúig fho-bhord ar fáil. Is foinse inspioráide i gcónaí é an diongbháilteacht agus an paisean

lena n-oibríonn siad i gcomhar do dhul chun cinn an tionscail dhúchasaigh is mó in Éirinn. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leo sin a d'fhág na boird i 2016 as ucht a seirbhíse agus tá mé ag súil le dul ag obair leo siúd a tháinig i bpáirt linn.

Agus mé ag fónamh mar Chathaoirleach bhí sé d'onóir agam freisin oibriú go dlúth leis an iar-Phríomhfheidhmeannach Aidan Cotter a d'fhógair go raibh sé ag éirí as go deireanach i 2016. Léirigh Aidan ceannaireacht láidir, dea-chomhairle agus dea-ghiúmar sna blianta a chaitheamar ag obair le chéile. Is fada an teist air a ndearna sé d'fhorbairt Bhord Bia ina eagraíocht dhomhanda, agus beidh cuimhne cheanúil air acu sin a d'oibrigh leis. Guím gach rath air agus é ar scor.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin le fáilte chroíúil a chur roimh Tara McCarthy i bpost an Phríomhfheidhmeannaigh. Tagann Tara chuig an eagraíocht tar éis di bheith ina Príomhfheidhmeannach ar Bhord Iascaigh Mhara, agus d'oibrigh sí roimhe sin ag leibhéal sinsearach i mBord Bia. Tá tuiscint gan sárú aici ar thionscal domhanda an bhia agus paisean chun deis na hÉireann laistigh den tionscal sin a fhorbairt. I rith a gairmréime sheas sí lena bhfuil ar fheabhas sa tionscal seo againne agus í neamheaglach ina diongbháilteacht ar dhul chun cinn a thiomáint. Le linn a tréimhse oifige osclaítear caibidil nua do Bhord Bia agus thar ceann an Bhoird guím gach rath uirthi agus geallaim gach tacaíocht di ina ról.

Ba mhaith liom buíochas croíúil a ghlacadh freisin leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD agus leis an Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle, TD, ar ghlacadar beirt lena rólanna aireachta i 2016 agus a léirigh tiomantas láidir agus tuiscint ar riachtanais onnmhairí bia agus dí na hÉireann.  Gabhaim buíochas ó chroí freisin leis an Ard-Rúnaí Aidan O'Driscoll ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus gabhaim buíochas freisin as ucht na tacaíochta agus an chomhoibrithe a chuireann siad ar fáil do Bhord Bia ar bhonn leanúnach.

I ndomhan ina bhfuil onnmhaireoirí bia agus dí na hÉireann ag éirí níos domhanda ina ndearcadh tá Bord Bia buíoch as tacaíocht iomlán agus comhoibriú dlúth na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus is mór an onóir dó tacaíocht ár bpríomhshaoránach, A Shoilse, Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, a bheith againn mar phatrún díograiseach ar Bloom agus mar urlabhraí dea-labhartha thar ceann na luachanna inbhuanaitheachta a dtacaítear leo in *Origin Green*.

I rith na bliana oibríonn Bord Bia go dlúth le heagraíochtaí stáit eile i dtionscnaimh agus i gcláir éagsúla, lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, Teagasc, Bord Iascaigh Mhara agus an OPW. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as ucht a dtacaíochta agus a gcomhpháirtíochta. Gabhaim buíochas nach beag freisin le foireann Bhord Bia, sa mbaile nó i líonra atá ag éirí níos domhanda thar lear. Tá sibh lárnach ní hamháin i ngnóthachtálacha na heagraíochta bliain ar bhliain ach ina láidreachtaí buana marthanacha a neartú.

I mbliain inar tuairiscíodh onnmhairí bia agus dí na hÉireann a bheith níos airde ná riamh, bhí an tionscal ar ais go compordach ar an mbóthar ceart leis na spriocanna fáis uaillmhianacha a leag *Food Wise 2025* síos a sheachadadh. Ar ndóigh tá sé i lár tréimhse nua éiginnteachta maidir leis an gcaidreamh trádála todhchaí leis an gcomharsa is cóngaraí atá againn.

Cé go mbeidh dúshláin romhainn gan dabht tá fianaise láidir againn le seacht mbliana anuas faoi chumas tionscal bia agus dí na hÉireann freagairt don athrú agus coinneáil ar aghaidh ar bhealach an fháis. I 2017, meastar gur imeachtaí polaitiúla a chuirfidh freagraí áirithe ar fáil maidir leis na ceisteanna a bheidh againn mar thionscal. Tugann Bord Bia an dearbhú is láidre don tionscal go leanfaidh sé air ag obair lámh ar lámh leis de réir mar a dhéantar an bealach romhainn a shoiléiriú, agus gealfaidh sé an bóthar le léargas, le heolas agus le tacaíocht.

**Michael Carey**
Cathaoirleach

Is féidir eolas breise agus nuashonruithe ar ghníomhaíochtaí Bhord Bia a fháil ó www.bordbia.ie nó trí sinn a leanúint ar líne ag www.facebook.com/bordbia nó ar Twitter@bordbia

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHE-IDHMEANNAIGH

Léirigh tionscal bia agus dí na hÉireann a thiomantas, a ghastacht agus a dhiongbháilteacht arís i 2016 agus feidhmíochtaí láidre á seachadadh aige i margaí ar fud an domhain. Ba bhliain í ina raibh feidhmíochtaí sainiúla i margaí difriúla, agus bliain inar chaith domhain na polaitíochta scáil gan choinne ar cheann de na caidrimh thrádála is sine agus is daingne atá againn.

Tar éis luach €10 billiún a shárú i 2015, d'fhás onnmhairí bia agus dí na hÉireann 2% go réidh i 2016, agus luach €11.15 billiún á bhaint amach ag onnmhairí den chéad uair. Cé gurb é an dea-scéal a bhí ann don chuid is mó in ionaid an mhargaidh, chruthaigh toradh an reifrinn ar an mBreatimeacht éiginnteacht níos cóngaraí do bhaile, agus bhí dímheas láithreach agus inchainníochtúil ar steirling mar thoradh air. Measadh go raibh tionchar suas le €570 milliún aige seo ar onnmhairí bia agus dí na hÉireann as sin go deireadh na bliana.

> 7ú bliain d'fhás ar onnmhairí

## ANAILÍS EARNÁLACH

Deimhníonn breithniú níos grinne ar fhigiúirí onnmhairí 2016 i dtéarmaí earnálacha pictiúr fáis á thiomáint den chuid is mó ag aschur méadaithe agus éileamh a bhí á neartú, mar aon le freagairt ghasta tionscail do chúinsí a bhí ag athrú.

Ar ndóigh beidh feidhmíochtaí ann i gcónaí nach leanann treochtaí atá i réim agus san earnáil feola agus beostoic, cé go raibh méideanna níos mó i gceist, bhí éascú praghsanna ann freisin i roinnt catagóirí a d'fhág go raibh titim siar i luach onnmhairí trí chéile. San iomlán bhí titim 2% ar fhigiúr na bliana roimhe sin ar onnmhairí, a raibh luach €3.66 billiún orthu ar ionann agus 33% sonrach d'iomlán onnmhairí bia agus dí na hÉireann.

Bhí feidhmíocht onnmhairí mairteola na hÉireann lárnach sa mheasarthacht seo, an luach €2.38 billiún orthu thíos roinnt ar fhigiúr 2015. Tharla sé seo agus timpeallacht dhúshlánach ann in ar mhéadaigh onnmhairí 5% agus inar laghdaigh meánphraghsanna 6%.

I gcontrárthacht leis sin tháinig ardú 2% an ceann ar onnmhairí muiceola agus ar phraghsanna, rud a d'ardaigh luach onnmhairí 4% go €615 milliún; agus tháinig ardú 3% ar mhéideanna caoireola comhthreomhar le feabhas beag ar phraghsanna, onnmhairí 4% go €240 milliún. Agus iad buailte ag dúshláin ionad margaidh na RA, thit onnmhairí éanlaith chlóis na hÉireann 14% go €275 milliún, agus d'fhág timpeallacht iomaíoch idirnáisiúnta gur tháinig titim 23% ar onnmhairí beostoic na hÉireann go €150 milliún.

Chuir táirgeoirí comhábhair agus déiríochta tús le 2016 agus praghsanna domhanda lag. Ach d'fhág ardú sa dara leath den bhliain gurb ionann méadú 5% ar mhéideanna onnmhairí agus ardú 2% ar luach, onnmhairí déiríochta i ngar do €3.38 billiún ó thaobh luach agus iad faoi ndear thart ar 30% d'onnmhairí iomlána bia agus dí na hÉireann.

Ba feidhmíocht mhargaidh é á tiomáint ag

éileamh neartaithe ar na púdair déiríochta chothaitheacha, margadh na Síne go háirithe ag leanúint leis an bhfeidhmíocht láidir a bhí ann le blianta beaga anuas. Rinne catagóirí eile a raibh luach níos lú orthu mar mheadhg, púdar bainne agus iógart go maith freisin. Os a choinne sin, bhí tionchar díreach ag steirling lag ar onnmhairí cáise a thit 4% go €675 milliún. Tá brandaí oidhreachta a bhfuil seasamh domhanda acu ag tionscal dí na hÉireann agus le blianta beaga anuas rinne sé giaráil ar a láidreachtaí clú, agus mhéadaigh ar infheistíocht chun feidhmiú le fuinnimh athnuaite ar an stáitse domhanda. Lean an scéal seo ar aghaidh i 2016 agus onnmhairí méadaithe 4% chun €1.4 billiún a bhaint amach, feidhmíocht bhrandaí uisce beatha den scoth lárnach anseo. Chuir an earnáil ghrúdaireachta ceirde atá ag dul i méid, mar aon le onnmhairí láidre ceirtlise agus beorach, leis an leathnú seo freisin, catagóir an licéir uachtair cobhsaí go maith anseo i gcónaí.

Is catagóir éagsúil é bianna tomhaltóra ullmhaithe ina n-áirítear gach rud ó bhainne foirmle do naíonáin, go milseogra seacláide, go píotsa, agus bhí fás láidir faoi i 2016, le méadú 9% go dtí €1.9 billiún meastа. Bhí sé seo á thiomáint cuid mhór ag éileamh ar phúdair shaibhrithe déirí-bhunaithe, agus earnálacha mar bháicéireacht agus milseogra seacláide ag feidhmiú go maith freisin. Go deimhin léiríonn figiúirí Bhord Bia gurb ionann an catagóir seo agus suas le 48% den fhás iomlán ar onnmhairí a bhí ag an tionscal i 2016.

Os a choinne seo bhí tionchar ag titim 4% ar onnmhairí go dtí an RA, an príomh-mhargadh don chatagóir seo go traidisiúnta, ar onnmhairí do chatagóirí mar phíotsa, anlainn agus uachtar reoite.

Féadtar breathnú ar mheath ar onnmhairí bia farraige de thart ar 3% i 2016 go €555 milliún, in aghaidh meath ar aschur méide 20%. Ghlac príomh-mhargaí AE thart ar 63% d'onnmhairí iomlána ó thaobh luach, agus an Fhrainc, an ceann is mó díobh seo, ag méadú 13% go dtí €140 milliún meastа.

Is iad muisiriúin an príomhchatagóir onnmhairí san earnáil ghairneoireachta inite agus gránaigh, agus bhain lagú steirling ó fheidhmíocht láidir méide i 2016, rud a chruthaigh timpeallacht dhúshlánach don earnáil. Ar an iomlán bhí titim 8% ar onnmhairí go dtí €230 milliún meastа.

Tá Bord Bia tar éis iarracht a dhéanamh ról ceannaireachta a ghlacadh agus freagra straitéiseach an tionscail ar an mBreatimeacht á mhúnlú. Ó thoradh an reifrinn tá Bord Bia tar éis caidreamh a bheith aige le páirtithe leasmhara ag iliomad leibhéal, agus tá acmhainní nua tiomanta acu do bhéim a leagan ar sheasamh agus ar láidreachtaí tionscal bia agus dí na hÉireann in áit an mhargaidh sa RA.

## RÁITEAS STRAITÉISE

Agus doiciméad straitéise Bhord Bia *Difear an Domhain a Dhéanamh, Ráiteas Straitéise 2016-2018*, á sheoladh go hoifigiúil i 2016 leagadh amach an creat faoin gcaoi a chuideoidh an eagraíocht le cuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann sna blianta romhainn. Tá an doiciméad straitéise ceaptha a chinntiú go dtagann cláir agus seirbhísí Bhord Bia le riachtanais an tionscail agus go seachadann siad dá réir. Intuigthe anseo tá an dearcadh nach dinimicí trasghníomhaíochta soláthair agus éilimh amháin atá i bhfeidhmíocht an tionscail, ach go bhfuil sé nasctha le láidreachtaí ar leith na hÉireann ó thaobh táirgeadh bia agus, níos mó agus níos mó, lena thiomantais don inbhuanaitheacht.

> Difear an Domhain

Aithníonn an straitéis freisin trí fhórsa shuntasacha agus idirnasctha atá anois ag múnlú todhchaí ár dtionscail: macraidhinimic, go háirithe fórsaí an athraithe timpeallachta agus polaitiúil atá ag cur athrú ó bhonn ar an domhain ina fheidhmímid; treochtaí tomhaltóra, go háirithe na hathruithe sin in iompar agus i meon a chruthaíonn deis agus dúshlán úrnua don tionscal; agus imlínte bia, na bealaí athraitheacha ina ndéantar bia a fhoinsiú, a tháirgeadh agus a chaitheamh.

Féadtar breathnú freisin ar Dhifear an Domhain a Dhéanamh mar leagan úr de phaisean leanúnach Bhord Bia don sármhaitheas, agus diongbháilteacht le bheith roimh an slua go hidirnáisiúnta ina ngníomhaíochtaí agus ina gcláir.

Leagann an doiciméad straitéise amach cúig cholún straitéiseacha ar féidir a bheith mar fhráma ag gníomhaíochtaí na heagraíochta i rith 2016:

1. Curtha ar an eolas ag léargas tomhaltóra
2. Á chumasú ag daoine fiúntacha, tallann agus bonneagar
3. Buntaca aige ó Origin Green
4. Bainte amach trí bhealaí éifeachtacha go dtí an margadh agus tiontó gnó
5. Tacaíocht aige ó chumarsáidí láidre branda san aois dhigiteach.



## COLÚN STRAITÉISEACH 1: CURTHA AR AN EOLAS AG LÉARGAS TOMHALTÓRA

### LÉARGAS TOMHALTÓRA AGUS NUÁLAÍOCHTA

Ní féidir aon áit mhargaidh a bheith ann gan tomhaltóirí ná aon rathúlacht sa mhargadh gan tuiscint ar thomhaltóirí. Tá Bord Bia tiomanta le fada don taighde agus do ghníomhaíochtaí léargas tomhaltóra a nascann cuideachtaí bia agus dí na hÉireann leis an bhfírinne seo, agus do chláir a thacaíonn go gníomhach le gnólachtaí sa bpróiseas casta chun táirge nua a fhorbairt (NPD).

Tá fás mór tagtha ar fhoireann Léargas Tomhaltóra agus Nuálaíochta Bhord Bia le blianta beaga anuas agus is grúpa ildisciplíne gairmithe anois é a bhfuil cúlra acu chomh héagsúil le síceolaíocht agus leabharlannaíocht. Oibríonn an fhoireann Léargas Tomhaltóra agus Nuálaíochta le cuideachtaí ó ghnólachtaí nuathionscanta beaga go dtí cuideachtaí ilnáisiúnta móra, trí thionscnaimh bhuansheasmhacha mar foresight4food, a spreagann fócas tomhaltóra sa phróiseas NPD agus PERIscope, staidéar débhliantúil ar iompar tomhaltóra in Éirinn agus sa RA.

I 2016, d'oibrigh an fhoireann Léargas Tomhaltóra agus Nuálaíochta le 100 cuideachta thar thionscadail bhrandála, straitéise agus nuálaíochta aonair ag cur tacaíocht ar fáil d'fhorbairt brandaí na hÉireann ar fud gach earnáil agus ag gach staid den fhorbairt.

### THE THINKING HOUSE

I 2016 sheol Bord Bia an *Thinking House*, lárionad léargas margaidh agus taighde tomhaltóra den ardchaighdeán gar d'oifigí Bhord Bia i mBaile Átha Cliath. Agus mol nuálaíochta lárnach á thairiscint do chliantchuideachtaí agus timpeallacht chun smaointeoireacht nua a chothú, áirítear sa *Thinking House* gnéithe mar: an Crios Treochtaí, gailearaí brandála agus pacáistithe; an Seomra Cónaithe, a éascaíonn fócas cineálach agus grúpaí plé; an Leabharlann a cheadaíonn rochtain ar bhunachair sonraí agus ar thuarascálacha do SMEanna gan costais choisctheacha; agus spás oibre solúbtha, ceaptha do cheardlanna, do chruinnithe agus do chuir i láthair. Tá an *Thinking House* aitheanta mar chéim mhór chun cinn sa chaoi a dtacaíonn Bord Bia le nuálaíocht agus straitéisí NPD, agus tairgeann sé raon acmhainní a chruthóidh go bunathraitheach do chuideachtaí Éireannacha ar an Aistear nuálaíoch agus NPD sna blianta atá ag teacht.

> Seoladh 'The Thinking House'

### TREOCHTAÍ STÍL MHAIREACHTÁLA TOMHALTÓRA

Tugann an Clár Treochtaí Stíl Mhaireachtála Tomhaltóra an léiriú is sofheicthe b'fhéidir ar thiomantas Bhord Bia chun iompar tomhaltóra a aithint agus a thuiscint.

Cuireadh leagan nua de léargais tomhaltóra ar fáil i 2016 agus ar na buaicphointí bhí aithint 'móimintim' mar phríomhthreocht stíl mhaireachtála: de réir mar a dhéileálann tomhaltóirí mórthimpeall an domhain le neamhdhiongbháilteacht agus éiginnteacht, bíonn uaillmhian mhéadaithe acu a aireachtáil go bhfuil a saoil ag dul chun cinn sa treo ceart. Soláthraíonn an treocht móimintim deiseanna do réitigh shimplí, chliste a shásaíonn mian seo an tomhaltóra do stiúradh agus don chinnteacht. Chinn taighde stíl mhaireachtála 2016 freisin go bhfuil dintiúirí sláinte agus cáilíochta táirgí bia agus dí níos tábhachtaí do thomhaltóirí ná riamh, rud a fhágann gurb é 'trédhearcacht' an dara treocht thábhachtach. Agus sláine á éileamh ag tomhaltóirí óna mbia agus a ndeochanna, is mó aird a thabharfar ar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe ná ar fhocail.

### TAIGHDE BUNÚSACH

Tugann an fhoireann Léargas Tomhaltóra agus Nuálaíochta faoi thaighde bunúsach suntasach atá ceaptha fónamh do thuiscint níos doimhne ar na treochtaí agus na forbairtí ar dóigh a mbeidh tionchar acu ar an tionscal. Sonraíoch i 2016 bhí an staidéar ar Shíceolaíocht an tSiúcra, a thug faoin gcaidreamh athraitheach tomhaltóra le siúcra a rianú, agus Aosú Folláin, súil cháilíochtúil agus séimeolaíoch ar an gcaidreamh a bhíonn ag daoine níos sine le bia agus le deochanna mar chuid dá straitéisí sláinte. Tugann an fhoireann taighde faoi obair eitneagrafach nuálaíoch freisin a bhfuil duaiseanna bainte amach aici. I 2016, rinneadh buntaighde sa tSín chun deiseanna do mhairteoil agus do mhuiceoil na hÉireann a fhiosrú.

> Staidéar Eitneagrafach sa tSín agus Turas Spreagthach go dtí an Iaráin/Vítneam

### LÉARGAS TIONSCAIL

Cuireann Bord Bia léargas margaidh agus eolas faoi threochtaí ar fáil do chliantchuideachtaí trí raon foilseachán lena n-áirítear FoodAlert agus Nuachtlitir Seirbhíse Bia na hÉireann. Cuireann siad seo léargas agus anailís cothrom le dáta ar fáil ar fhorbairtí margaidh a fhaightear ó shainlíonraí Bhord Bia. Bhí éileamh ar leith ar fhorbairtí maidir leis an mBreatimeacht i 2016 agus bhunaigh Bord Bia tairseach nuachta ag

www.bordbia.ie/brexit agus chruthaigh Brexit *Food Alert* ar leith a bhí inrochtana uaidh sin.

### AN FÓRAM BRANDA

Is clár ballraíochta é an Fóram Branda a chuireann deiseanna ar fáil do chuideachtaí bia agus dí Éireannacha a fheidhmíonn sa spás seo foghlaim ó shaineolaithe ceannródaíochta agus chun líonrú lena bpiaraí. Áiríodh ar bhuaicpointí a sceidil i 2016 ceardlanna ar athshuí branda agus dearaí pacáistithe mar aon le cuir i láthair a dhírigh ar ról méadaitheach mórshonraí chun cuidiú le cuideachtaí a dtuiscint ar thomhaltóirí a fheabhsú.

> D'oibrigh Bord Bia le 100 cuideachta ar thionscadail straitéise, brandála agus nuálaíochta i rith 2016

### COMHDHÁIL ÉANLAITHE CLÓIS AGUS UIBHEACHA

Ghlac breis agus 200 ionadaí ó earnáil éanlaithe clóis agus uibheacha na hÉireann páirt i gComhdháil dhébhliantúil Éanlaithe Clóis agus Uibheacha Bhord Bia. Agus téama nuálaíochta agus inbhuanaitheachta i gceist chuala toscairí ó shaineolaithe tionscail ar raon leathan trópaicí lena n-áirítear iompar tomhaltóra agus treochtaí margaidh.

## COLÚN STRAITÉISEACH 2: ÁR gCUMASÚ AG DAOINE FIÚNTACHA, TALLANN AGUS BONNEAGAR

### FOOD WORKS

Is clár fiontraíochta é *Food Works* dírithe ar ghnólachtaí nuathionscanta leis an acmhainn méadú go tapa de réir scála agus tionchar láidir a bheith acu ar áit an mhargaidh idirnáisiúnta. Cuireadh tús leis an gceathrú clár *Food Works* i 2016 agus tugadh chun críche é le ocht gcuideachta réamhchéime agus luathchéime ag dul isteach sa chéim ina mbítear réidh d'infheisteoir. Do na rannphháirtithe is grodchúrsa dian é cuid de *Food Works* agus is ionad tréanfháis cuid eile áit a ndéantar, le tacaíocht meantóirí, cinntí tábhachtacha a thabhairt chun tosaigh agus a chur chun cinn.

> 32% d'alumni Food Works ag easportáil

Agus aitheantas á thabhairt don dream méadaitheach rannphháirtithe atá tar éis *Food Works* a thabhairt chun críche go rathúil, tá grúpa alumni bunaithe anois a thagann le chéile go rialta don líonrú. Chinn suirbhé i 2016 go raibh 60% d'alumni *Food Works* i mbun trádála, agus 32% bainteach le onnmhairí.

### OIDEACHAS

Tá clár oideachais ilshrathach Bhord Bia ceaptha glúin nua de thallann feidhmeach a thabhairt don tionscal bia agus dí. Is é Comhaltacht Mhargaíochta Bhord Bia, a reáchtáiltear i gcomhar le UCD, cuid lárnach an chláir. Tugadh an seachtú clár Comhaltachta chun críche i lár 2016 agus thosaigh earcaíocht do chlár 2016/17 níos deireanaí sa bhliain. Tríd an gComhaltacht oibríonn 20 gairmí, a bhfuil taithí acu, thar ceann cuideachtaí Éireannacha i margaí ar fud an domhain.

Seachadann an clár Fás Straitéiseach Thionscal an Bhia (alumni) agus an Clár Céime in Onnmhairí Bia luach don tionscal freisin, iad dírithe ar dheiseanna foghlama ag taobhanna éagsúla den chonair ghairme, an clár céime á reáchtáil i gcomhar le IBEC, agus deiseanna á dtairiscint ag an leibhéal céimithe.

> Coinníodh 80% de Chéimithe Ánrachta i dTioncscal Bia & Dí na hÉireann

### TACAÍOCHTAÍ DO CHUIDEACHTAÍ NÍOS LÚ

Is tairseach tábhachtach é láithreán gréasáin tiomnaithe Bhord Bia, Vantage, do ghnólachtaí bia níos lú le leas a bhaint as saineolas margaíochta Bhord Bia agus foghlaim faoin ról a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaireachtaí difriúla chun cuidiú le SMEanna. Reáchtálann Bord Bia dhá chlár tábhachtacha deontas-i-gcabhair freisisn: An Clár Cúnamh Margaíochta (MAP), atá oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le láimhdeachas idir €100,000 go €3.5m, agus an Clár Athrú Céime (SCP), a chuireann deontais suas le €50,000 ar fáil do ghníomhaíochtaí nó tionscadail nua suntasacha. I 2016, tugadh faomhadh do 208 cuideachta do €826,500 faoin MAP, agus faomhadh do 11 cuideachta eile do €400,000 in iomlán faoin SCP.

### MOL BIA DIGITEACH

Is é uas-scileáil cuideachtaí Éireannacha i ndomhan margaíochta digiteach broidiúil an sprioc atá ag an Mol Bia Digiteach, a chuireann raon deiseanna foghlama ar fáil i margaíocht sna meáin shóisialta, margaíocht sho-ghluaiste, straitéis agus anailísíocht. Cuireann príomh-shaineolaithe ó '*Silicon Docks*' Bhaile Átha Cliath go minic, seimineáir théamúla i láthair,

agus seachadtar iad le líonrú agus foghlaim piara á gcur san áireamh.

### TIONSCADAL BARAINNEACH PÍOLÓTA

Chuaigh steirling lag i bhfeidhm go mór ar tháirgeoirí muisiriún sa dara leath de 2016 agus tá sé mar aidhm acu a dtáirgeacht a fheabhsú i 2017. Agus aitheantas á thabhairt acu go bhfuil feidhmiú prionsabal barainne fíor-riachtanach dá bhfreagra, chuir Bord Bia tús agus thug maoiniú do thionscadal píolótach le sé tháirgeoir. Leanann an cur chuige samhail tosaithe bharainne Fhiontraíocht Éireann.

### TASTE

Rinne Comhairle *TASTE* na hÉireann agus Bord Bia comhordú ar an séú Scoil Shamhraidh Bhliantúil i gCill Mhantáin. D'fhreastail breis agus 130 duine ar an imeacht a dhírigh ar phobal bia tuaithe.

## COLÚN STRAITÉISEACH 3: BUNTACA Ó ORIGIN GREEN

### ORIGIN GREEN

Ceadaíonn *Origin Green* do thionscal bia agus dí na hÉireann tiomantas fíoraithe agus leanúnach don inbhuanaitheacht a léiriú. Ó seoladh é i 2012, tá breis agus 527 cuideachta Éireannacha, a dhéanann ionadaíocht thar ceann 90% d'onnmhairí Éireannacha, tar éis a n-ainmneacha a chur le Cairt *Origin Green*. Díobh seo is baill iomlán fíoraithe iad 220 cuideachta a dhéanann ionadaíocht do bhreis agus 85% d'onnmhairí, iad go gníomhach agus intomhasta ag déanamh difir thar raon bearta comhshaoil. Ina theannta tá thart ar 154 cuideachta ag staid an mheasúnaithe.

> 527 cuideachta Éireannacha cláraithe 220 ball fíoraithe 137,000 ar mheasúnú carbóin

Ag leibhéal na feirme tá Bord Bia tar éis 137,000 measúnú carbóin a dhéanamh chun feidhmíocht chomhshaoil feirmeacha Éireannacha a thomhas agus a fheabhsú.

### DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Cuireann scéimeanna dearbhaithe cáilíochta Bhord Bia (QAS) dearbhuithe ar fáil do thomhaltóirí go dtí caighdeáin chreidiúnaithe ISO thar raon catagóirí bia agus chuidigh le príomhearnálacha táirgeachta an tionscail caidreamh seasmhach muiníne a bhaint amach le páirtithe leasmhara sa mbaile agus thar lear. É nasctha go dlúth anois le hobair *Origin Green* sna hearnálacha mairteola agus déiríochta, rinneadh forbairt thábhacht i 2016 nuair a cuireadh tús le próiseas na scéimeanna muiceola, uibheacha, éanlaith chlóis agus gairneoireachta a leathnú agus a leasú chun inbhuanaitheacht a leathnú agus a leasú faoi choimirce *Origin Green*.

> Rinneadh 47,332 iniúchadh i rith 2016

### SEIRBHÍS BIA ORIGIN GREEN

Bhí Grúpa Musgrave ar an gcéad ghrúpa miondíola/seirbhíse bia a tháinig chun a bheith ina bhall fíoraithe de Origin Green go luath i 2016, agus *McDonalds Ireland* go luath ina dhiaidh sin. Rinne Bord Bia obair chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr chun diminsean seirbhíse bia *Origin Green* a ghiaráil le pobal na hÉireann ag leibhéal an phobail, ag díriú go háirithe ar an ról ar leith ar féidir a bheith ag na heagraíochtaí seirbhíse bia i bhfeachtas rannpháirtíochta sibhialta do *Origin Green* in Éirinn.

### DÁMHACHTAINÍ TÁIRGEORA INBHUANAITHE ORIGIN GREEN

Is clár ón mbonn aníos é *Origin Green*, tógtha ar bhonn táirgeoirí príomha, éifeachtacha atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Mar aitheantas air seo tugadh onóir do na feirmeacha teaghlaigh Éireannacha is fearr a d'fheidhmigh ag Dámhachtainí Táirgeora Inbhuanaithe *Origin Green* i 2016. Tháinig breis agus 230 feirmeoir agus ionadaí sinsearacha ó eagraíochtaí feirme agus ón tionscal agraibhia le chéile i bPort Laoise áit a raibh 28 feirm san iomaíocht sa bhabhta ceannais. Ainmníodh ocht dtáirgeoir mar bhuaiteoirí ina gcatagóirí siúd.

### TUARASCÁIL INBHUANAITHEACHTA ORIGIN GREEN

Tar éis an chéad Tuarascáil Inbhuanaitheachta de chuid *Origin Green* a fhoilsiú i 2015, cuireadh tús leis an obair ar thuarascáil leantach i 2016 agus foilsíodh é go luath i 2017. Léirigh an tuarascáil fianaise leanúnach fhíoraithe de thionchar agus de luach *Origin Green* go dtí seo, soiléireacht á cur ar fáil faoin áit a raibh dul chun cinn déanta agus léiriú ar an gcaoi a ngabhfaidh turas *Origin Green* chun cinn tuilleadh i dtionscal bia agus dí na hÉireann.

### PLEAN PAILNEORA UILE-ÉIREANN

I 2016, sheol an tIonad Dáta Bithéagsúlachta Náisiúnta agus Bord Bia creat do ghnólachtaí mar chuid de Phlean Pailneora Uile-Éireann, a aithníonn gníomhaíochtaí ar féidir le cuideachtaí a dhéanamh le cúnamh a thabhairt chun pailneoirí a chosaint agus slí bheatha feirmeoirí

a bhíonn ag brath orthu.

Thairg na treoirlínte 18 ngníomh praiticiúla a bhféadfadh aon ghnólacht a dhéanamh i spásanna laistigh nó lasmuigh.

## COLÚN STRAITÉISEACH 4: BAINTE AMACH TRÍ BHEALAÍ ÉIFEACHTACHA GO DTÍ AN MARGADH AGUS TIONTÓ GNÓ

### CAIDREAMH IAR-BHREATIMEACHTA

I ndiaidh toradh reifreann an Bhreatimeachta, thóg Bord Bia ar phleananna teagmhais chun gníomhaíochtaí a athdhíriú go tapa thart ar an réaltacht nua seo a bhí ag teacht chun cinn. Thug cruinniú faisnéise do chliantchuideachtaí i mí Iúil léargas domhain ar na himpleachtaí straitéiseacha do ghnólachtaí bia agus dí na hÉireann agus mheall thart ar 200 toscaire. D'óstáil Bord Bia roinnt ceardlanna airgeadra agus plé ceannaitheora i Londain agus i mBaile Átha Cliath araon.

Reáchtáladh seimineár Breatimeachta eile a d'óstáil Bord Bia i Londain i mí na Nollag agus chuir Bord Bia tús freisin, in éineacht le PwC, le forbairt foireann uirlisí a cheadóidh do chliantchuideachtaí measúnuithe margaíochta straitéiseacha a dhéanamh ar an mBreatimeacht.

Tá athmheasúnú á dhéanamh ar roinnt clár de chuid Bord Bia do chuideachtaí ag dul isteach sa RA, d'fhonn a ngnéithe rialála, conartha, iomaíocha agus airgeadais a neartú. Tá clár meantóireachta duine ar dhuine le saineolaithe miondíola agus seirbhíse bia na RA, atá ceaptha cuidiú le cuideachtaí le pléití agus pleanáil todhchaí, tugtha isteach freisin.

### CLÁR DIANSAOTHRAITHE MARGAIDH

Seoladh an Clár Diansaothraithe Margaidh (MIP) i nDeireadh Fómhair agus tá sé dírithe ar chuideachtaí le láimhdeachas idir €1m agus €30m agus le hardspleáchas ar mhargadh na RA. Cuideoidh MIP le cuideachtaí a seasaimh a neartú agus éagsúlacht mhargaidh a iniúchadh. Ar an iomlán tugadh faomhadh do 32 cuideachta le deontais arbh ionann iad in iomlán agus €655,000.

### CLÁR ASCENT

Is comhthionscnamh é *Ascent* idir Bord Bia agus PwC atá ceaptha raon tacaíochtaí diana agus fócasaithe a thabhairt do chuideachtaí roghnaithe agus iad ag dul isteach i gcéim fáis níos ionsaithí. Tairgeann *Ascent* meascán den mheantóireacht, de chomhairle gnó straitéiseach agus athbhreithnithe catagóire, sainseirbhís ar a gceisteanna gnó á gcur ar fáil do gach rannpháirtí agus cúnamh á thabhairt dóibh chun conair fáis a fhorbairt.

### ACADAMH SEIRBHÍSE BIA

Chuaigh deich gcuideachta bia agus dí Éireannacha i bpáirt leis an gcéad Acadamh Seirbhíse Bia, clár nua á reáchtáil ag Bord Bia agus Musgrave Marketplace. Cuidíonn an tAcadamh Seirbhíse Bia le cuideachtaí beaga bia agus dí na hÉireann a dtairiscint a fhorbairt agus fás a bhaint amach laistigh de ghnólacht seirbhíse Bia Musgrave Marketplace a oibríonn le breis agus 6,000 custaiméir an ceann.

### OIFIGÍ THAR LEAR

Tá líonra idirnáisiúnta oifigí Bhord Bia, 13 a líon in iomlán, leathnaithe amach tuilleadh le hoscailt oifigí i Singeapór agus i Vársá le deireanaí.

> Oifigí oscailte i Singeapór & i Vársá

Tá obair na n-oifigí seo i gcur chun cinn an tionscail i margaí aibithe agus i mbun forbartha araon, leanúnach agus bíonn caidreamh ag leibhéal B2B and B2C i gceist. Cuireann tionscnaimh mar *FoodAlert,* nuachtlitir sheachtainiúil a sheolann léargais agus eolas chuig soláthraithe Éireannacha, nasc rialta agus díreach ar fáil idir obair na n-oifigí thar lear agus cliantchuideachtaí Bhord Bia.

### IMEACHTAÍ TRÁDÁLA AGUS TAISPEÁNTAIS

Chinntigh dianfhéilire imeachtaí láithreacht chuimsitheach Éireannach ag raon aontaí agus taispeántas trádála idirnáisiúnta, agus teachtaireacht *Origin Green* ag spreagadh teachtaireacht na hinbhuanaitheachta ar fáil tríd síos.

> 22 Aonach & Seó Trádála Idirnáisiúnta le teachtaireacht Origin Green

Glac Bord Bia agus 15 cuideachta bia farraige Éireannacha, ar churiarracht é, páirt san aonach bia farraige is mó san Áise, Expo Iascaigh agus Bia Farraige na Síne in Qingdao, an tSín; thaisteal 27 cuideachta bia Éireannacha, an líon ba mhó riamh, le Bord Bia go Páras freisin le freastal ar SIAL; ghlac 10 gcuideachta bia orgánach páirt i Biofach, Nuremberg; agus thug 13 cuideachta Éireannacha taispeántas le Bord Bia ag ISM i Köln sa Ghearmáin. Bhí 16 cuideachta rannpháirteach ar sheastán na hÉireann ag an Speciality & Fine Food Fair i Londain agus bhí 12 cuideachta bia farraige faoi bhratach Origin Green ag Taispeántas Iascaigh & Bia Farraige na Síne, an seó bia farraige is mó a dtugtar cuairt air ar domhan. Ghlac cúig chuideachta bia farraige Éireannacha páirt ag Conxemar 2016 Vigo, sa Spáinn; mheall Seafood Expo Global (SEG) sa

Bhruiséal 19 cuideachta bia farraige Éireannacha agus mheall SIAL na Síne, an seo trádála bia agus dí is mó san Áise seacht gcuideachta feola Éireannacha. Mheall PLMA, Amstardam, san Ísiltír 13 cuideachta Éireannacha agus chuir 15 cuideachta Éireannach taispeántas ar fáil ag Gulfood, an seó bliantúil bia agus fáilteachais is mó ar domhan.

### DÁMHACHTAINÍ ORGÁNACHA NÁISIÚNTA

Reáchtáiltear na Dámhachtainí Orgánacha Náisiúnta gach dhá bhliain agus bhí 278 iontráil, an líon ba mhó riamh, i gceist i mbliana. Bhí an searmanas dámhachtaine ar siúl in ionad bia Bhord Bia i nDeireadh Fómhair agus na dámhachtainí á mbronnadh ag an Aire Stáit, Andrew Doyle TD ar an seachtar buaiteoir catagóire ar an lá.

### MISIN TRÁDÁLA

Chuaigh 17 gcuideachta bia Éireannacha le Bord Bia agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar mhisean trádála trí la go dtí an Iaráin in Aibreán agus níos deireanaí sa bhliain, d'oibrigh Bord Bia go dlúth leis an Roinn ar mhisin rathúla treoraithe ag Aire go Vítneam agus go dtí an tSín i Meán Fómhair agus go Maracó agus go dtí an Ailgéir i mí na Samhna.

### CLÁR INSTITIÚID CÁISE

Is tionscnamh trí shraith é an Institiúid Cáise ceaptha ag Bord Bia i gcomhar le Teagasc dírithe ar ghnólachtaí nua-thionscanta agus oibreoirí tionscail reatha araon. Feidhmíonn an clár ag leibhéil dhifriúla, ag braith ar shaineolas agus riachtanais. Is clár creidiúnaithe QQI é *Cheese Institiute Starter*, tús eolais á chur ar fáil ar tháirgeadh cáis feirme; clúdaíonn *Cheese Institute Fundamentals* topaicí margaíochta agus teicniúla do chuideachtaí cáis feirme seanbhunaithe; agus tá *Cheese Institute Advanced* ceaptha tacú le cuideachtaí a ngnólachtaí a scálú.

## COLÚN STRAITÉISEACH 5: TACAÍOCHT Ó CHUMARSÁIDÍ LÁIDRE BRANDA SAN AOIS DHIGITEACH

### CUMARSÁIDÍ CORPARÁIDEACHA

Tacaíonn foireann Cumarsáidí Corparáideacha Bhord Bia le gníomhaíochtaí na heagraíochta trí chlúdach na meán idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus ar líne a chinntiú do mhórimeachtaí. Is tomhas caighdeánach de rathúlacht cumarsáidí agus tionscnaimh PR é coibhéis luach fógraíochta (AVE), agus úsáidtear é i mbéim a chur ar rathúlacht thionscnamh Bhord Bia i rith na bliana. Bíonn na deicheanna de mhilliúin euro i gceist sa chlúdach a fhaigheann an fhoireann ar na meáin don tionscal in aghaidh na bliana. Mar shampla ghin *Bloom* AVE de bhreis agus €3.5 milliún, le beagnach 800 gné-alt priontáilte, ar líne agus craolta dírithe ar an imeacht.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MHARGADH BAILE

Bhí raon gníomhaíochtaí promóisin ar an margadh baile ar siúl i 2016, deiseanna séasúracha á léiriú acu go minic agus ag tógáil ar láidreachtaí clú an bhranda Dearbhaithe Cáilíochta. Ar na buaicphointe áirítear feachtas uibheacha ag díriú ar an lucht éisteachta níos óige, réamhchlainne agus na deartháireacha O'Donovan a bhain boinn airgid amach ag Cluichí Oilimpeacha 2016 san áireamh ann, agus feachtas margaíochta diúiliciní a dhírigh ar lucht siopadóireachta baineann 30-50 bliain d'aois. D'fhág an ceann deireanach sin gur tháinig méadú idir 14% agus 35% ar mhéideanna ag príomh-ilmhiondíoltóirí de thoradh an fheachtais.

Dhírigh taighde ar ghníomhaíocht PR agus na meán ar an Marc Cáilíochta agus chinn gur spreag sé ardleibhéal feasachta agus freagairt tomhaltóra de ghnáth. Mar shampla léirigh measúnú ar urraíocht ar an gclár *Neven Maguire: Home Chef*, de chuid RTÉ, gur bhreathnaigh 22% d'aosaigh ar an tsraith go rialta agus 280,000 duine ag rá go raibh tionchar dearfach aige ar an gclaonadh táirge Dearbhaithe Cáilíochta a cheannach. Tháinig tuilleadh bailíochtaithe ar obair Bhord Bia sa réimse Dearbhaithe Cáilíochta nuair a ainmníodh é mar an eagraíocht ba chreidiúnaí in Éirinn dar le staidéar bliantúil de chuid Gníomhaireacht na gCáileanna.

> Is dóchúla go gceannóidh 72% de lucht siopadóireachta táirge leis an Marc Cáilíochta

### PROMÓISIN/CÓMHAOINIÚ AE

Is é Bord Bia an ghníomhaireacht threorach do roinnt feachtas promóisin AE a bhain cómhaoiniú 50% amach, lena n-áirítear '*Lamb – Tasty, Easy, Fun*' (2015 - 2017), '*Just Add Mushrooms*' (2013 – 2016), '*Discover Farmhouse Cheeses*' (2013 - 2016) agus '*Potatoes – More Than a Bit on the Side*' (2015 – 2017). Le tabhairt chun críche '*Just Add Mushrooms*' i 2016, fógraíodh feachtas promóisin cineálach muisiriún ar mhargadh na RA agus na hÉireann le maoiniú ón tionscal agus ó Bhord Bia, agus na sócmhainní promóisin ardcháilíochta atá ann cheana in úsáid.

### MAIRTEOIL AGUS UAINEOIL SAN ÁISE

Bhí rath ar iarratas Bhord Bia ar chlár trí bliana AE chun mairteoil agus uaineoil a spreagadh san Áise agus cuireadh buiséad €3.7m (80% maoiniú AE) in áirithe le go gcuirfí tús leis i 2017. Tá Bord Bia tar éis Sopexa na Síne a cheapadh le bheith mar an comhlacht a chuirfidh an feachtas 'Mairteoil agus Uaineoil na hEorpa –Sármhaitheas i sábháilteacht bia & Inbhuanaitheachta' chun feidhme san Áise.

### GNÍOMHAÍOCHT PR ORIGIN GREEN

Ceapadh Straitéis do na Meáin Idirnáisiúnta de chuid *Origin Green* do 2016 chun feasacht leanúnach i margaí a thiomáint agus caidreamh a dhoimhniú. Ar na spriocmhargaí áiríodh an RA, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Bheilg, an Eilvéis agus na Nordaigh. Tar éis misean trádála go dtí an Áise seoladh feachtas déiríochta tomhaltóra na Síne le *Origin Green* i Meán Fómhair. Idir an dá linn shroich comhpháirtíocht Origin Green le Gnó Inbhuanaithe an Guardian 7.1 milliún brabhsálaí uathúil in iomlán i 2016 agus 600,000 úsáideoir uathúil in aghaidh na míosa.

### AMBASADÓIRÍ ORIGIN GREEN

Is geall Clár Ambasadóra *Origin Green* ar bhealach le clár na Comhaltachta Margaíochta, leathnaithe thar dhá bhliain. Díríonn sé ar linn saineolaithe inbhuanaitheachta ardchaighdeáin a chruthú, an-eolas acu faoin smaointeoireacht is deireanaí agus *Origin Green* á spreagadh agus dintiúir inbhuanaitheachta tionscal bia na hÉireann. Seoladh an tríú Ambasadóireacht de chuid *Origin Green* in Aibreán agus socrúcháin ambasadóra lena n-áirítear eagraíochtaí mar Coca Cola HQ in Atlanta, US; Nestle san Eilvéis; Danone in Amstardam, an Ísiltír; Mars i Slough, an RA; agus an FAO sa Róimh san Iodáil.

### BLOOM

Bhí Bloom 2016 ar an 10ú óstáil den imeacht garraíodóireacht is mó in Éirinn agus bhí sé ar siúl ón dara go dtí an séú lá Meithimh. I mbliain seo a chomórtha mheall sé an lucht freastail ba mhó riamh le beagnach 115,000 cuairteoir.

> Bloom – an 10ú Bliain

Bhí an bhliain ab fhearr riamh ag na gairdíní freisin ar lárimeacht na féile iad, gradaim faighte ag gach gairdín agus 10 mbonn óir bronnta in iomlán. Bhí na gnéithe aoibhne ó bhlianta eile a thaitin leis an slua ann arís ag Bloom agus roinnt gnéithe nua ar tugadh freagra dearfach orthu lena n-áirítear an láthair nua *BBQ bliss* agus gné *Origin Green*.

Bhí clúdach ó na meáin fairsing agus 25 pacáiste teilifíse náisiúnta ann agus trí chlár bainteach le Bloom ar an Déardaoin ar RTÉ 1, rud nár tharla riamh roimhe. Bhí 250 gné alt cló náisiúnta agus réigiúnacha ann freisin lena n-áirítear leathanach tosaigh an Irish Times agus an Irish Independent ar thrí lá as a chéile. Bhí #Bloom2016 ag treochtáil ar iliomad uairibh thar an deireadh seachtaine. Bhí clúdach idirnáisiúnta ann ar fud na Stát Aontaithe, san Eoraip agus san Áise.

### LÁ NÁISIÚNTA NA bPRÁTAÍ

Reáchtáladh Lá Náisiúnta an Phráta i nDeireadh Fómhair, feachtas méadaithe ar líne, clóite agus craolta agus #nationalpotatoday ag treochtáil ar feadh an lae. Don lá rinne Bord Bia comhordú ar fhorlíonadh téamach práta 12 leathanach a bhí san Irish Independent, agus Ireland AM de chuid TV3 ar bord mar chomhpháirtí Teilifíse náisiúnta na meán.

### CLUB MAIRTEOLA ÉIREANNACH NA CHEFANNA

Is fóram idirnáisiúnta ar leith é Club Mairteola Éireannach na Chefanna a thugann roinnt de phríomhchefanna Réalta Michelin na hEorpa le chéile sa Bheilg, sa Bhreatain, sa bhFrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Ísiltír sa tSualainn agus san Eilvéis. I 2016, d'óstáil Bord Bia máistir-rang sa Mhairteoil Éireannach i Zurich do bhaill de Chlub Mairteola Éireannach na Chefanna, d'iriseoirí agus blagálaithe bia. Bhí baill de Chlub Mairteola Éireannach na Chefanna bainteach le raon gníomhaíochta a raibh tacú le mairteoil na hÉireann i gceist leo trí phromóisin miondíola agus sna meáin.

### AN COMÓRTAS NÁISIÚNTA TREABHDÓIREACHTA

D'éirigh go seoigh le puball eolais Bhord Bia ag Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2016 agus bhí an-éileamh air ag an dream a thug cuairt ar an seó in Uíbh Fhailí i Meán Fómhair. Dhírigh puball Bhord Bia ar a chláir phromóisin mórthimpeall an domhain d'fheoil, do bheostoc agus do tháirgí déiríochta na hÉireann. Chuir uirlis nascleantóra charbóin scáileáin tadhaill taithí ar fáil d'úsáideoirí ar spriocanna a leagan amach leis an éifeachtúlacht ar an bhfeirm a fheabhsú.

### SEAFEST 2016

Mar chuid de chlár *Seafest*, chuaigh Bord Bia i gcomhar le BIM ar imeacht dhá lá i mí Iúil. Ba é an cuspóir gach gné den tionscal bia farraige/ na mara a chur ar shúile tomhaltóirí.

### MAIRTEOIL 2016

Reáchtáladh an imeacht lae seo ag Ionad Nuálaíochta agus Taighde Teagasc i gContae na Mí. Bhí Bord Bia rannpháirteach lámh le grúpa próiseálaithe feola Éireannacha.

## CAOIRIGH 2016, BAILE ÁTHA AN RÍ

Bhí breis agus 12,000 cuairteoir ag an imeacht náisiúnta caorach. Chuir Bord Bia sonraí faoi fheachtais promóisin ar taispeáint do na margaí baile agus onnmhairí araon, mar aon le taispeántas feola a léirigh na sonraíochtaí margaidh is fearr.

## CONCLÚID

Tá bliain d'fheidhmíochtaí láidre sna hionaid mhargaidh idirnáisiúnta agus Eorpacha, agus ceisteanna faoi chaidreamh trádála todhchaí na hÉireann leis an RA tar éis ábhar maith machnaimh a thabhairt do thionscal bia agus dí na hÉireann.

Mar gheilleagar, is léir go bhfuil Éire tar éis bogadh ar aghaidh go maith ón éiginnteacht a bhí i réim roinnt beag blianta ó shin agus, cé gur chuir 2016 dúshláin úra romhainn, is bliain í seo i gcónaí a bhfuil neart ábhair atá dearfach inti.

Ní raibh aimsiú domhanda tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann níos mó riamh agus, tógtha ar dhéimeagrafaic agus ar éileamh atá ag dul i neart, ní raibh fás bliain ar bhliain in ár margaí domhanda ní ba láidre riamh.

Ní scéal trádála agus figiúirí amháin iad gnóthachtálacha dá leithéid agus cruthú an rachmais a thagann leo. Ina rathúlacht tá ról ríthábhachtach ag an tionscal bia agus dí, mar chuid den gheilleagar agraibhia níos leithne, i gcinntiú gur cuid de scéal geilleagar na tuaithe in Éirinn iad fostaíocht, téarnamh agus athnuachan, agus go gceadaítear do phobail fás agus a bheith rathúil ar fud na tíre.

I gcúinsí athraitheacha, tá ról i gcónaí ag Bord Bia mar eagraíocht a dhéanfaidh réamh-mheas, a éascóidh agus a thabharfaidh freagra. Sa raon seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na bliana, agus go háirithe ina fhreagra ar chinneadh an Bhreatimeachta, deimhníodh arís agus arís eile, dar liom, luach agus diongbháilteacht ghníomhaíochtaí Bhord Bia.

Ba mhaith liom cur leis an méid a dúirt an Cathaoirleach agus buíochas á ghabháil aige leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD; leis an Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle, TD; agus leis an Ard-Rúnaí Aidan O'Driscoll agus lena fhoireann.

Ba mhaith liom a bhuíochas a chur in iúl freisin, agus buíochas Bhord Bia agus an tionscail trí chéile, do Chathaoirleach Bhord Bia, Michael Carey, agus do chomhaltaí an Bhoird agus na cúig fho-bhord as ucht na tacaíochta agus an léargais a chuireadar ar fáil do Bhord Bia i rith na bliana. Tá an t-ádh linn Cathaoirleach agus comhaltaí Boird de mhianach dá leithéid a bheith againn le bonn eolais a chur fúinn agus tacú lenár ngníomhaíochtaí ag an tráth seo.

Agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh á ghlacadh agam is onóir agus is ábhar umhalaíochta dom eagraíocht a threorú inar eol dom grúpa gairmithe den scotha a bheith ann a thugann sármhaitheas agus saineolas leo i ngach ról a ghlacann siad chucu. Tá mé ag súil le bheith ag obair le comhghleacaithe idir sean agus nua sa bhliain atá romhainn. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne mo réamhtheachta Aidan Cotter a bhí spreagtha agus é ina Phríomhfheidhmeannach ag díograis agus dóchas i dtionscal bia agus dí na hÉireann agus arbh é a oidhreacht, creidim, eagraíocht atá á rialú ag fócas straitéiseach inniúil, a sheachadann go rialta níos mó ná mar a bhítear ag súil leis. Guím gach rath ar Aidan agus é ar scor.

Thug tiomantas do cháilíocht, don inbhuanaitheacht agus do nuálaíocht tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann go dtí buaicphointe stairiúil i 2016. Ba bhliain í freisin inar tháinig dúshlán nua, gan choinne cuid mhór, roimh an tionscal.

I 2017, gheobhaimid pictiúr níos soiléire de nádúr na ndúshlán a chuir imeachtaí i 2016 romhainn, agus, cibé constaicí nó deiseanna a thiocfaidh romhainn beidh teachtaireacht Bhord Bia seasmhach i gcónaí: gur foinse í Éire de bhia agus de dheoch de cháilíocht gan sárú, a táirgeadh go hinbhuanaitheach, agus leanfar go treallúsach sa tóir ar fhás i margaí mórthimpeall an domhain agus gar do bhaile.

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach



ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA

# FEOIL AGUS BEOSTOC



## MAIRTEOIL

Áirítear gur mhéadaigh soláthairtí eallaigh ó mhonarchana feola don onnmhairiú in Éirinn 5% i 2016 go thart ar 1.64 milliún cloigeann. Rinne an téarnamh i soláthairtí eallaigh críochnaithe fritháireamh den chuid is mó ar mheánphraghsanna níos ísle, rud a d'fhág luach onnmhairí mairteola beagán níos ísle i 2016. Bhí na méaduithe is airde i soláthairtí i measc tarbh óga agus ba cuileáilte agus méadú thart ar 3% ar thréchur budóg agus bulláin ar aon chéim le leibhéil 2015. Rinneadh fritháireamh roinnt ar théarnamh i líon an tréchuir ag meáchan conablaigh níos ísle chun glantáirgeadh a fhágáil ag thart ar 590,000 tonna nó mar sin lena n-áirítear aschur seamlais áitiúil, ardú 5%. Agus caitheamh baile méadaithe beagán bhí méid na mairteola a bhí ar fáil don onnmhairiú beagán thar 535,000 tonna, 5% nó mar sin chun tosaigh ar leibhéil 2015. Rinneadh an t-ardú ar mhéideanna onnmhairí a fhritháireamh le meath níos mó ná 6% i meánphraghsanna eallaigh. Ba é an glantoradh go raibh meath beag ar luach onnmhairí mairteola na hÉireann go dtí €2.38 billiún.

### MARGAÍ DO MHAIRTEOIL NA hÉIREANN

Tá an margadh miondíola ar fud na hEorpa á thiomáint i gcónaí ag cuardach luacha i measc tomhaltóirí agus iomaíocht ghéar ag mairteoil ó fhoinsí níos saoire próitéine mar mhuiceoil agus éanlaith chlóis. Is léir treochtaí mar a chéile ag leibhéal na seirbhíse bia. Is tosaíocht thábhachtach do roinnt mhaith tomhaltóirí agus déantúsóirí feola i gcónaí é ionad tionscnaimh na feola agus tá sé seo ag éirí níos feiceálaí sa bhFrainc agus sa RA. Sa dáileog phréimhe leanann an t-éileamh ar tháirgí cáilíochta is fearr ithe atá bunaithe go minic thart ar phórtha traidisiúnta nó aibíocht, ag fás i bhformhór ár margaí Eorpacha.

Tháinig meath ar mhéideanna de mhairteoil na hÉireann atá beartaithe don RA de thart ar 2% i 2016 go dtí 270,000 tonna measta, ar ionann é agus 50% d'onnmhairí iomlána. Tháinig ardú beagán ar chaitheamh mairteola sa RA i 2016. Ó thaobh luacha, ní raibh onnmhairí Éireannacha chomh iomaíoch mar gheall ar lagú 12% i steirling in aghaidh an euro. Bhí luach thart ar €1.1 billiún ar onnmhairí iomlána, b'shin 3% níos ísle nó mar sin ná leibhéil 2015.

Mhéadaigh onnmhairí go margaí ar mhór-roinn na hEorpa 9% i 2016 go dtí 240,000 tonna measta. Agus praghsanna Éireannach níos iomaíche i 2016, taifeadadh arduithe in onnmhairí go dtí an Ísiltír, an Ghearmáin, an Iodáil, an Spáinn agus Críoch Lochlann. Chuidigh gníomhaíochtaí promóisin méadaithe sa Ghearmáin agus san Ísiltír i rith na bliana chun láithreacht ar an margadh a fheabhsú. Ar an iomlán rinne méideanna níos airde go dtí an mór-roinn a fhritháireamh roinnt le praghsanna aonaid níos ísle agus d'fhág luach beagnach €1 billiún ar thrádáil don bhliain.

Tháinig ardú géar ar onnmhairí mhairteoil na hÉireann go dtí margaí idirnáisiúnta i 2016 go dtí breis agus 25,000 tonna agus cuireadh luach €60 milliún orthu. Ar mhargaí fáis do mhairteoil na hÉireann áiríodh na Filipíní, méideanna breis agus dhá uair níos mó ná leibhéil 2015 ansin, na SA a sháraigh 3,000 tonna tar éis athoscailt na trádála i 2015 agus an Eilvéis a sháraigh 3,000 tonna freisin.

### TÉARNAMH I SOLÁTHAIRTÍ EALLAIGH ÉIREANNACHA

Tá titim de bheagnach 58,000 cloigeann in onnmhairí eallaigh beo i 2015 i gcomhar le ardú de bhreis agus 133,000 cloigeann i gclárú laonna i rith 2016 ag díriú ar ardú suntasach i soláthairtí eallaigh críochnaithe i 2017. Ag breathnú chun cinn ar 2017 meastar go gcruthóidh soláthairtí eallaigh Éireannacha níos airde agus luaineacht airgeadra dúshláin do phraghsanna. Ach táthar ag súil áfach go gcuirfidh tuilleadh fáis ar onnmhairí go dtí margaí idirnáisiúnta roghanna breise ar fáil d'onnmhaireoirí.

### FORBAIRTÍ AR PHRAGHAS EALLAIGH

I rith 2016 d'fhan praghsanna eallaigh fireann na hÉireann beagán chun tosaigh ar mheán an AE ag €3.77/kg. Léirigh meánphraghsanna eallaigh fireann ar fud an AE i 2016 meath de bhreis agus 4% agus sheas ag €3.76/kg. Ina choinne seo léirigh meánphraghas eallaigh fireann sa RA meath de bhreis agus 10% ag €4.15/kg rud a d'fhág praghsanna na hÉireann ag 92% de mheán na RA. Dar leis an CSO, bhí costais beathaithe tite de thart ar 2% agus laghdaigh praghsanna fuinnimh agus leasacháin de bhreis agus 10% an ceann, rud a d'éascaigh an brú, roinnt, ar tháirgeoirí.

### BEOSTOC

Do 2016, b'ionann onnmhairí eallaigh beo in iomlán agus 145,500 cloigeann. Léirigh sé seo titim 18% ar leibhéil na bliana roimhe sin agus an líon is ísle eallaigh a seoladh ó 2004. Thit líon na laonna a onnmhairíodh de 15% i gcomparáid

le 2015. Tháinig meath 53% freisin ar líon na n-eallaí fásta nó críochnaithe. Ach thaifead lastais laonna coiscthe agus eallaigh stóir le chéile téarnamh 14%.

Is iad an Ísiltír agus an Spáinn na príomh-mhargaí do laonna Éireannacha. I margadh na hOllainne d'fhág tabhairt isteach rialachán iompair níos déine i gcomhar le neart laonna baile agus Gearmánacha, gur thit onnmhairí Éireannacha 38%. Rinneadh é seo a fhritháireamh roinnt le méadú 26% in onnmhairí chun na Spáinne. Tá trádáil na Spáinne comhdhéanta go príomha de laonna tarbh déiríochta: cé go ndíríonn an t-éileamh isteach ar ainmhithe beagán níos troime agus níos luachmhara ná iad sin a chuirtear go dtí an Ollainn.

Is é an laghdú 55% ar ghluaiseachtaí eallaigh go Tuaisceart Éireann a bhí mar phríomh-rannpháirtí sa mheath ar onnmhairí eallaigh fásta. Chuaigh gluaiseachtaí rátaí malairte agus rogha leanúnach i measc monarchana feola Thuaisceart Éireann agus a gcustaiméirí do mhairteoil ó ainmhithe a rugadh sa RA i bhfeidhm ar thrádáil eallaigh críochnaithe. Chuaigh an margadh déiríochta lag i bhfeidhm freisin ar onnmhairí budóga ionlao. Chuir na cúinsí céanna freisin le meath 28% in onnmhairí go dtí an Bhreatain.

Maidir le onnmhairí laonna coiscthe agus eallaigh stóir; d'allmhairigh an margadh Iodáileach 24% níos lú ainmhithe Éireannacha anuraidh nuair a sholáthraigh an Fhrainc breis agus 75% den riachtanas soláthair bliantúil. Bhí onnmhaireoirí laonna coiscthe na Fraince ag brath níos mó fós ar an Iodáil mar gur cuireadh a rochtain margaidh ar an Tuirc ar fionraí de bharr an ghalair ghormtheanga. Osclaíodh margadh na Tuirce d'onnmhairí Éireannacha agus onnmhairíodh beagnach 20,000 tarbh coiscthe ansin i ráithe dheiridh na bliana.

Maidir le onnmhairí caoirigh beo, bhain siad seo téarnamh 50% amach agus sheas ag 48,000 cloigeann don bhliain. Tharla breis agus 85% d'onnmhairí beo Éireannacha i rith Lúnasa agus Meán Fómhair, ag an am céanna leis an éileamh roimh fhéile Mhoslamach Eid al-Adha. Ar na príomh-cheannscríbe d'onnmairí caoirigh beo bhí an Fhrainc (45%), an Bheilg (17%), an Ísiltír (16%) agus an Ghearmáin (10%).

Idir an dá linn bhí onnmhairí muca beo go Tuaisceart Éireann 18% níos ísle ag thart ar 422,000 cloigeann mar gheall ar éileamh baile níos láidre in éineacht leis an athrú ar rátaí malairte.

## CAOIREOIL

Ainneoin timpeallacht dhomhanda dhúshlánach áit a raibh tionchar ar thrádáil ag gluaiseacht airgeadra, praghsanna ola agus drochthoradh ar an gcúigiú ceathrú, sheachaid onnmhairí caoireola Éireannacha feidhmíocht láidir i 2016 le méadú 4% in onnmhairí go €240 milliún. Mhéadaigh diúscairtí caoire beagán i 2016 go 2.65 milliún cloigeann. Léirítear seo in ardú 7% i soláthairtí uascán go luath sa séasúr mar aon le ardú suntasach i ndiúscairtí caorach fásta agus allmhairí níos láidre uaineola ó Thuaisceart Éireann. Tuairiscíodh go raibh meáchain conablaigh níos ísle i 2016 a rinne fritháireamh ar an ardú i dtreochur.

I rith 2016, mhéadaigh táirgeadh caoireola Éireannach de bhreis ar 2% go dtí thart ar 60,000 tonna. D'fheidhmigh praghsanna caorach Éireannacha go maith agus go seasmhach i rith 2016 ainneoin luachmhéadú13% sa ráta malairte euro/steirling agus bhí meánphraghsanna caorach don bhliain ag €4.82/kg thart ar 1c/kg ar gcúl ón mbliain roimhe.

Tháinig meath ar chaitheamh baile i 2016 tar éis laghdú ar phraghsanna príomhphróitéin iomaíocha. Don bhliain meastar gur laghdaigh caitheamh iomlán caoireola ag an leibhéal miondíola agus seirbhíse bia go díreach faoi bhun 15,000 tonna a léiríonn titim de bhreis agus 5%.

### ONNMHAIRÍ

Is iad an RA agus an Fhrainc ár bpríomh-mhargaí onnmhairí i gcónaí d'onnmhairí caoireola na hÉireann ar ionann iad agus díreach faoi bhun 60% de mhéid iomlán ár n-onnmhairí. D'éascaigh onnmhairí chun na Fraince de thart ar 2% go dtí 16,000 tonna agus cuireadh luach €90 milliún orthu. Bhí tionchar ag timpeallacht airgeadra dhúshlánach ar lastais chun na RA agus léirigh siad titim de 4% go dtí beagnach 13,000 tonna.

Ar na príomh-mhargaí fáis ar fud na hEorpa áiríodh an Ghearmáin, an Bheilg, an tSualainn agus an Danmhairg. Léirigh lastais go dtí an Ghearmáin ardú de 9% go dtí 4,000 tonna ag luach measta €24 milliún, de bharr praghsanna níos airde an tonna. Is í an Ghearmáin ár gceathrú margadh is mó don uaineoil agus tá luachmhéadú ar uaineoil i measc tomhaltóirí atá ag dul i méid go háirithe i gcainéil eitneacha. Tá miondíoltóirí préimhe agus soláthraithe seirbhíse bia tar éis an luachmhéadú seo atá

ag dul i méid a aithint agus d'fhreagair le gníomhaíocht promóisin mhéadaithe lasmuigh de thréimhsí traidisiúnta do chaitheamh uaineola, um Cháisc agus um Nollaig.

D'fheidhmigh onnmhairí Éireannacha go dtí an tSualainn go láidir le méideanna measta de 5,000 tonna i 2016, rud a fhágann gurb í an tSualainn ár dtríú margadh is mó. Soláthraíonn Éire beagnach aon trian d'onnmhairí caoireola na Sualainne agus tagann sí sa dara háit tar éis an phríomhsholáthraí, an Nua-Shéalainn. Tá láithreacht láidir bainte amach ag uaineoil na hÉireann thar roinnt miondíoltóirí Nordacha faoi lipéad príobháideach agus tairiscintí branda araon. Bhí méadú láidir freisin i lastais go dtí an Eilvéis á fágáil ar cheann den chúig mhargadh fáis is mó d'uaineoil na hÉireann.



### PROMÓISIN

Is feachtas cómhaoinithe AE é "*Lamb – Tasty, Easy, Fun*" idir Bord Bia, Interbec (an Fhrainc) agus AHDB (an RA). Tá infheistíocht ag an bhfeachtas pan-Eorpach seo (2015 - 2017) de €1.6 milliún ar fud na hÉireann, na Beilge, na Danmhairge, Shasana, na Fraince agus na Gearmáine. Tá an feachtas ag díriú ar thomhaltóirí san aoisghrúpa 25-45 agus tá sé tar éis díriú ar bhéim a chur ar thábhacht táirgeadh uaineola na hEorpa agus a ilúsáideacht mar fheoil laethúil. Ar bhuaicphointe eile feachtais i 2016 bhí gníomhaíochtaí promóisin ar an láthair i hipearmhargaí agus in ollmhargaí ar fud na Fraince, feachtas fógraíochta amuigh faoin aer sa Bheilg agus feachtas raidió náisiúnta coicíse in Éirinn.

I 2016 d'éirigh le Bord Bia maoiniú AE a fháil i dtreo feachtas promóisin do mhairteoil agus d'uaineoil Eorpach ar fud na hÁise. Thar thrí bliana an fheachtais (ó 2017 go 2019), tabharfaidh Bord Bia faoi mhórphromóisean i bpríomh-spriocmhargaí na Síne, Hong Cong agus sa tSeapáin. Is é an bunsprioc feasacht a neartú ar na hardchaighdeáin sábháilteachta bia, dearbhaithe cáilíochta agus inrianaitheachta a bhaineann le mairteoil agus le huaineoil ón Aontas Eorpach.

## MUICEOIL

Ghlac éileamh idirnáisiúnta láidir isteach méadú 3% i dtáirgeadh baile den chuid is mó, agus d'fhág go raibh feabhas beag ar an timpeallacht mhargaidh do mhuiceoil na hÉireann i rith 2016. Léirítear é seo i bpraghsanna táirgeora muiceola níos mó, le praghsanna na hÉireann agus AE thart ar 2% agus 3% níos airde faoi seach don bhliain i gcomparáid le leibhéil 2015. Bhí soláthairtí muc don onnmhairiú ó mhonarchana feola in Éirinn thart ar 3% níos airde i 2016 ag 3.25 milliún cloigeann. Léiríonn an méadú seo ardú de thart ar 4% i soláthairtí muc críochnaithe de bharr méadú ar an tréad pórúcháin i rith 2015, é sin agus táirgíocht mhéadaithe in aghaidh na cránach. Cuireadh tuilleadh le soláthairtí trí thitim 19% in onnmhairí beo. Rinneadh méideanna táirgthe a fhritháireamh trí laghdú ar mheáchain conablaigh. D'fhág sé seo go raibh an táirgeadh do 2016 breis agus 2% níos airde ag 283,000 tonna i gcomparáid le leibhéil na bliana roimhe. D'fheidhmigh díol miondíola muiceola ar mhargadh na hÉireann go láidir cé is moite d'fho-chatagóir na muiceola. Bhí díolacháin muiceola in 2016 thart ar 3% níos ísle ó thaobh méide. Ach d'fheidhmigh na fo-chatagóirí bagún agus ispíní go láidir le fás d'aon digit singil ard follasach. Bhí an t-éileamh ar fheoil chócaráilte shlisnithe láidir freisin agus taifeadadh fás 2%. Ar an iomlán mhéadaigh caitheamh muiceola beagán go 148,000 tonna do 2016.

### TRÁDÁIL MUICEOLA NA hÉIREANN

Thit allmhairí muiceola na hÉireann de 3% i 2016 go dtí thart ar 97,000 tonna mar gheall ar allmhairí laghdaithe ó mhargaí mór-roinn an AE go príomha. Mhéadaigh glantáirgeadh de bheagnach 3% don bhliain agus le téarnamh sa

chaitheamh d'fhág sé seo gur ardaigh an méid muiceola a bhí ar fáil le honnmhairiú de 2% go dtí thart ar 233,000 tonna. D'fhág méadú ar phraghsanna muc go háirithe sa dara leath den bhliain, go raibh luach onnmhairí muiceola na Éireann 4% níos airde i rith 2016 ag €615 milliún. Léirigh lastais muiceola na hÉireann go dtí an RA roinnt meatha freisin mar gheall ar ghluaiseachtaí ráta malairte neamhfhábharacha iar-Bhreatimeachta a raibh titim 4% i lastais go dtí 88,000 tonna. Áirítear gur fiú €345 milliún an trádáil seo, thart ar 5% níos ísle ná na leibhéil an bhliain roimhe. Níor léirigh onnmhairí go dtí Mór-Roinn an AE mórán athrú le roinnt ardú ar lastais go dtí an Danmhairg agus an Ísiltír a ndearnadh fritháireamh air le méideanna níos lú go dtí an Fhrainc agus an Ghearmáin. Don bhliain bhí onnmhairí go dtí an Mór-Roinn ag 50,000 tonna agus luach na trádála méadaithe ar éigean go dtí beagnach €100 milliún. Bhí fás láidir ar onnmhairí muiceoil na hÉireann go dtí margaí Idirnáisiúnta, rud a léirigh éileamh bríomhar ón Áise agus ón tSín go háirithe. D'fhág athrú leanúnach iompar tomhaltóra na Síne i dtreo aiste bia a luíonn níos mó leis an iarthar go raibh méadú suntasach ar an éileamh ar tháirgí le luach níos airde mar chnámh i bhfeoil choise agus ghualainne a raibh praghsanna aonaid níos airde d'onnmhairí muiceola de thoradh air. Is í an tSín an dara margadh is tábhachtaí i gcónaí do mhuiceoil na hÉireann, le onnmhairí a sháraíonn 65,000 tonna. Rinneadh fritháireamh ar éileamh níos moille ón Áise Thoir Theas trí onnmhairí méadaithe go dtí an tSeapáin tar éis meath i 2015. Don bhliain iomlán áirítear gur mhéadaigh onnmhairí muiceola na hÉireann go dtí margaí idirnáisiúnta de bhreis agus 20% go 95,000 tonna. Cuireadh luach €170 milliún ar an trádáil seo.

## ÉANLAITH CHLÓIS

D'fhág soláthairtí níos láidre ar fud an AE agus praghsanna níos ísle go raibh timpeallacht mhargaidh dhúshlánach ann don earnáil éanlaith chlóis i 2016. Bhí ardú thart ar 3% ar tháirgeacht Éanlaithe Clóis AE agus bhí formhór an ardaithe seo le feiceáil in aschur turcaí agus sicín grísce. Shroich soláthairtí éanlaithe clóis na hÉireann leibhéil níos airde ná riamh ag 91 milliún cloigeann do 2016. Bhí onnmhairí go dtí an AE níos airde i rith 2016, ardú 2% ar lastais ón mBrasaíl agus ardú 6% ar onnmhairí ón Téalainn. Bhí onnmhairí AE thart ar 10% níos airde de thoradh trádáil mhéadaithe go dtí margaí na hAfraice Theas agus na hÁise mar Hong Cong agus na hOileáin Fhilipíneacha. Laghdaigh praghsanna sicíní grísce ar fud na hEorpa de thart ar 4% go €1.78/kg. D'ardaigh díolachán miondíola Éireannach d'éanlaith chlóis úr agus fuaraithe de 8% i rith 2016 i gcomparáid le leibhéil na bliana roimhe seo. Cuireadh formhór an mhéadaithe seo i leith an sicín, na méideanna a ceannaíodh in aghaidh an turais siopadóireachta 8% níos airde, agus minicíocht an cheannaigh méadaithe de 2% cé go raibh meánluach níos ísle an kilo air.

### TRÁDÁIL ÉANLAITHE CLÓIS NA hÉIREANN

Tháinig meath de bhreis ar 7% ar allmhairí éanlaith chlóis go 120,000 tonna do 2016. Allmhairithe laghdaithe úra agus reoite ón RA agus ó mhargaí AE eile ba chúis leis seo den chuid is mó. Laghdaigh méideanna onnmhairí na hÉireann de thart ar 10% go dtí 95,000 tonna i 2016. Don bhliain, áirítear gur laghdaigh luach onnmhairí éanlaithe clóis na hÉireann de 14% go dtí thart ar €275 milliún, rud a léirigh praghsanna onnmhairí níos ísle in éineacht le rátaí malairte neamhfhábharacha inár bpríomh-mhargaí onnmhairithe. Laghdaigh luach trádála go dtí an RA de bhreis ar 10% i 2016, agus bhí sé seo tiomáinte ag méideanna níos ísle d'ábhar próiseáilte, reoite agus scairteach a onnmhairíodh mar aon le laghdú suntasach ar phraghsanna aonaid. B'fhiú luach na trádála don bhliain agus thart ar €235 milliún nó 85% d'onnmhairí iomlána. Is táirgí de chineál scairteach céatadán ard de na honnmhairí seo a atreoraítear go dtí margaí Idirnáisiúnta nuair a shroicheann siad an RA. Ainneoin méideanna onnmhairí níos láidre, laghdaigh luach onnmhairí go dtí margaí Eorpacha eile go dtí thart ar €20 milliún i 2016 de bharr praghsanna aonaid níos ísle. Is ionann é seo agus titim de thart ar 30% i dtéarmaí luacha i gcomparáid le 2015. Ba iad an Fhrainc agus an Ísiltír na príomh-mhargaí onnmhairí, go háirithe do tháirgí próiseáilte agus reoite, agus taifeadadh fás áirithe ar thrádáil go dtí an Spáinn cé gur ó bhonn íseal é. Ar an gcaoi chéanna léirigh lastais go dtí margaí idirnáisiúnta roinnt meatha agus bhí thiar ag thart ar 6% i 2016 ag €20 milliún. Bhí onnmhairí idirnáisiúnta beartaithe go príomha don Afraic, go háirithe don Afraic Theas le roinnt méideanna á n-onnmhairiú go dtí an Meánoirthear agus an Áise Thoir Theas freisin.



ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA

# BIA AGUS DEOCHANNA

## TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA AGUS COMHÁBHAIR

Bhí an déiríocht ina measc siúd is láidre a chruthaigh ó thaobh fás onnmhairí i rith 2016. Ba ionann cúinsí margaidh déiríochta domhanda go luath sa bhliain agus an timpeallacht mhargaidh a bhí ann i rith 2015. Sháraigh táirgeadh láidir i bpríomhréigiúin onnmhairithe an t-éileamh rud a chuir brú anuas ar mhargaí déiríochta. Agus praghsanna bainne níos ísle ann i gcónaí thit táirgeacht i gcuid mhaith réigiún agus thóg idirghabháil Eorpach méideanna suntasacha as an margadh rud a chuir le athchothromú margaí diaidh ar ndiaidh sa dara leath de 2016. Tháinig praghsanna domhanda chucu féin roinnt sa dara leath de 2016. D'iompaigh an t-athrú sa dara leath den bhliain méadú 5% i méideanna onnmhairí ina ardú 2% ar luach, agus onnmhairí déiríochta gar do luach €3.38 billiún ar ionann iad agus thart ar 30% d'onnmhairí bia agus dí iomlána na hÉireann. Is feidhmíocht mhargaidh a bhí ann tiomáinte ag éileamh neartaithe ar phúdair déiríochta chothaitheacha, agus margadh na Síne ach go háirithe ag leanúint leis an bhfeidhmíocht láidir a bhí ann le blianta beaga anuas. Rinne catagóirí a raibh luach níos lú orthu, mar mheadhg, púdar bainne agus iógart go maith freisin. Ina choinne sin bhí tionchar ag steirling lag go díreach ar onnmhairí cáise a thit de 4% go €675 milliún. Bhí an fás ar bhianna ullmhaithe tomhaltóra tiomáinte den chuid is mó ag éileamh ar phúdair shaibhrithe déiríocht-bhunaithe le hearnálacha mar bháicéireacht agus milseogra seacláide ag déanamh go maith freisin.

Is príomh-mhargadh i gcónaí í an Ríocht Aontaithe ar ionann é agus thart ar an gceathrú cuid d'onnmhairí déiríochta na hÉireann. Bhí onnmhairí go dtí margaí AE eile beagnach 6% níos ísle ag thart ar €880 milliún, ar ionann é agus 26% den trádáil iomlán. D'fhás luach onnmhairí go dtí Margaí Idirnáisiúnta 19% measta go dtí €1.66 billiún, ar ionann é agus 49% d'onnmhairí agus ardú ó 41% i 2015. Bhí an Áise chun tosaigh le fás 31% in onnmhairí arbh ionann é agus breis agus 23% d'onnmhairí déiríochta iomlána. Taifeadadh trádáil níos airde go dtí an Afraic agus Meiriceá Thuaidh. Ar na catagóirí is láidre a d'fheidhmigh bhí púdair bainne cothaithe, meadhg, bainne púdair agus iógart.

Bhí cuideachtaí déiríochta Éireannacha rannpháirteach mar aon le Bord Bia i roinnt aontaí trádála idirnáisiúnta lena n-áirítear SIAL, Páras agus Gulfood, Dubai, agus aontaí nach iad. Thug roinnt imeachtaí agus comhdhálacha bainteach le hagraibhia deiseanna do Bhord Bia taispeántas a thabhairt ar rogha agus togha táirgí bia agus dí na hÉireann agus chun béim a chur ar Chlár Inbhuanaitheachta *Origin Green* do lucht éisteachta idirnáisiúnta. Áiríodh orthu seo Cruinniú Mullaigh Bia Domhanda IUFOST i mBaile Átha Cliath, Siompóisiam *Food on the Edge* i nGaillimh, an *International Dairy Federation Symposia* i mBaile Átha Cliath, Féile Liteartha Bia Bhaile Uí Mhaolmhuaidh, Fóram Bia Chorcaí/Chiarraí agus an tSeachtain Náisiúnta Eolaíochta. Cuireadh tús le fógraíocht trádála do dhéiríocht *Origin Green* ar fud na RA, na Fraince, na Gearmáine, na hÍsiltíre, na Spáinne, na hIodáile agus na Stát Aontaithe. D'eagraigh Bord Bia roinnt cuairteanna isteach do cheannaithe agus do na meáin ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Ísiltír, ón gCoiré Theas agus ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.



Ceapadh Straitéis na Meán Idirnáisiúnta de chuid *Origin Green* do 2016 chun feasacht leanúnach a thiomáint i margaí agus caidreamh custaiméara a dhoimhniú. Ar na spriocmhargaí áiríodh an RA, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Bheilg, an Eilvéis, agus na Nordaigh. Shroich comhpháirtíocht *Origin Green* le Gnó Inbhuanaithe an Guardian 7.1 milliún brabhsálaí uathúil in iomlán i 2016 agus 600,000 úsáideoir uathúil in aghaidh na míosa.

Bhunaigh Bord Bia an dara oifig i réigiún na hÁise Thoir Theas chun cuidiú le neartú gnó do chuideachtaí onnmhairithe Éireannacha, go háirithe cuideachtaí déiríochta, feola agus bia farraige.

Tar éis misean trádála go dtí an Áise, seoladh feachtas déiríochta ag déileáil le tomhaltóirí sa tSín de chuid *Origin Green* i Meán Fómhair. Seoladh an mórfheachtas digiteach nua seo chun táirgí déiríochta na hÉireann a chur chun cinn i measc lucht siopadóireachta ar líne agus lucht tionchair na Síne. Is é seo an chéad fheachtas dírithe ar an tomhaltóirí ar líne ar thug Bord Bia faoi sa tSín agus meastar, sa chéim thosaigh, go sroichfidh sé breis agus 33 milliún tomhaltóir Síneach trí shraith fógraí ar líne, promóisin chomhpháirtíochta le soláthraithe Éireannacha agus rannpháirtíocht blagaithe spriocdhírithe. Thug breis agus 900,000 duine cuairt ar ár láithreán gréasáin *Origin Green* Síneach agus bhí 1.7m amas de thoradh an fheachtais a bhí ar siúl ó Mheán Fómhair go Nollaig 2016. Is iad Aipeanna Meán Sóisialta na Síne príomhthiománaithe an tráchta gréasáin, is iad sin Weibo, BBS agus Wechat.

Thug beirt bhall d'fhoireann léargais Bhord Bia cuairt ar an India le staidéar Eitneagrafach a reáchtáil maidir leis an gcatagóir déiríochta agus deiseanna a aithint do chuideachtaí déiríochta na hÉireann. Thug beirt bhall den fhoireann léargais cuairt freisin ar roinnt cathracha san Iaráin le am a chaitheamh le tomhaltóirí áitiúla ina dtithe siúd. Rinne an staidéar iniúchadh ar iompar tomhaltóra áitiúil laistigh den chatagóir déiríochta ach rinne ar an leibhéal cultúrtha freisin é chun deiseanna a aithint do chuideachtaí déiríochta Éireannacha. Thug Bord Bia cuairt freisin ar an gCósta Eabhair chun measúnú a dhéanamh ar an margadh do dhéiríocht agus d'aon deiseanna ionchasacha eile d'onnmhairí, agus rinneadh taighde margaidh déiríochta príomha freisin sa tSeineagáil in Iarthar na hAfraice.

Bhí ballraíocht 13,623 ag an Scéim Dearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe ag deireadh 2016 agus ó thosaigh na hiniúchtaí carbóin ar fud feirmeacha déiríochta in Éirinn, tá laghdú leanúnach ar mheánlorg carbóin ó 1.21kg CO2e/kg saille & bainne próitéin ceartaithe i 2014 go 1.14kg CO2e/kg i 2016. Reáchtáladh thart ar 9,943 iniúchadh de chuid na Scéime Dearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe i rith 2016. Thug Bord Bia urraim d'fheirmeoirí déiríochta is inbhuanaithe in Éirinn i rith na bliana trí Dhámhachtainí Táirgeora Mairteola agus Déiríochta Inbhuanaithe *Origin Green*. Cuireann na Dámhachtainí béim ar an nasc idir inbhuanaitheacht timpeallachta agus táirgeadh éifeachtach ag leibhéal na feirme. Chuir uirlis nascleantóra charbóin scáileáin tadhaill ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta taithí ar fáil d'úsáideoirí ar spriocanna a leagan amach d'éifeachtúlacht ar an bhfeirm a fheabhsú.

## BIANNA TOMHALTÓRA ULLMHAITHE

Cuimsíonn Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe raon táirgí bia agus dí breisluacha lena n-áirítear báicéireacht, milseogra seacláide, brioscaí, táirgí déiríochta próiseáilte agus bia farraige breisluacha. Chuaigh onnmhairí iomlána i léig de bheagnach 2% i 2016 go dtí €2.5 billiún measta.



Rinneadh fritháireamh roinnt ar onnmhairí feola, táirgí déiríochta agus éanlaith chlóis a bhí ag laghdú trí fhás ar bháicéireacht, milseogra seacláide, deochanna agus bia farraige breisluacha. Is é an RA príomh-mhargadh onnmhairí do bhianna tomhaltóra ullmhaithe. Ba ionann é agus thart ar 65% d'onnmhairí ó

thaobh luacha cé go raibh an trádáil 9% níos ísle i 2016 ag €1.6 billiún measta. Bhí trádáil go dtí margaí AE eile thart ar 15% níos airde ag €615 milliún, agus an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Pholainn ina bpríomh-mhargaí fáis.

### BÁICÉIREACHT

Sheachaid earraí bácáilte feidhmíocht onnmhairí láidir i 2016, agus méadú beag ar onnmhairí aráin agus feidhmíocht níos láidre i milseogra bácáilte milis, agus méadú foriomlán 4% bliain ar bhliain chun €270 milliún measta a bhaint amach.

Clúdaíonn an earnáil earraí bácáilte raon leathan táirgí lena n-áirítear arán, cácaí agus earraí maidine. Ar na príomhtháirgí a onnmhairítear áirítear aráin do bháicéireacht ar an láthair agus cácaí timpeallacha. Tá na raonta a sholáthraíonn déantúsóirí le haghaidh margaí idirnáisiúnta tar éis leathnú amach freisin le deireanaí agus áirítear iontu táirgí ar nós fillteoga, brioscaráin agus táirgí gan ghlútan.

Ar phríomhthreochtaí sa chatagóir áirítear "glanlipéadú" agus diailiú nó luacha cothaitheacha a chur leo agus tá méadú le feiceáil sa mhargadh freisin sna roghanna gan ghlútan nó veigeánach atá ar fáil. Leanann an margadh gan ghlútan air ag fás go láidir le fás thar a bheith láidir á léiriú sa RA de 30% bliain ar bhliain. Tá déantúsóirí agus brandaí ag cur cineálacha nua agus níos sláintiúla ar fáil, táirgí á gcur i láthair mar phléisiúr "bainistithe" agus ag díriú ar mhargaíocht uathúil agus gnéithe táirge mar threisiú, foinse, inbhuanaitheacht, laghdú dramhaíola, méid ar an bpláta agus stair.

Cé gur mhoilligh fás onnmhairí i rith 2016, tá bunúsaigh na catagóire láidir agus tugann léirithe le fios go bhfanfaidh an t-éileamh margaidh foriomlán dearfach.

### REOITE

Ainneoin an brú atá ar onnmhaireoirí ó iarmhairt an Bhreatimeachta, d'fhan táirgeoirí bia reoite na hÉireann seasta do 2016, agus roinnt réimsí fáis tugtha ar aird freisin. Bhí fás 0.5% ó thaobh méide ar chatagóir miondíola reoite na RA agus fás 0.1% i luach thar an tréimhse 12 mí (Kantar World Panel), agus tá margadh miondíola reoite na hÉireann tar éis fás de 4% ó thaobh méide agus 3% i luach. Tugann liostuithe gnó sa mhiondíol reoite agus seirbhís bia, ar mhargaí Mór-Roinn na hEorpa agus tríú tíre, deiseanna atá ag fás ar aird do thairiscintí reoite nuálaíocha laistigh de na spásanna Sláinte agus Préimhe. Bhí roinnt liostuithe reoite ar lipéad príobháideach i gcuntais mhiondíola Eorpacha



freisin. Fanfaidh an RA mar phríomh-mhargadh d'onnmhaireoirí Éireannacha i rith 2017, ach tá suim láidir á cur i bhforbairt ghnó nua ar mhargaí Mhór-Roinn na hEorpa.

### GRÓSAEIREACHT

Cuimsíonn an earnáil ghrósaeireachta thart ar 90 cuideachta a tháirgeann meascán éagsúil táirgí lena n-áirítear subha, anlainn, tarsainn, olaí, gránaigh agus comhábhair báicéireachta. D'fheidhmigh onnmhairí go maith i 2016 ag fás de 7% ainneoin na ndúshlán ó chomhábhar luaineach agus costais ionchuir; éiginnteacht maidir leis an mBreatimeacht agus láithreacht láidir táirgí a allmhairíodh mar aon le costais oibríochta mhéadaithe.

Braitheann an earnáil go mór ar an margadh baile ar ionann é agus thart ar 65% d'aschuir. Chuaigh onnmhairí i 2016 go príomha chuig príomh-mhargaí na RA agus na hEorpa agus margaí atá ag teacht chun cinn, mar an Meánoirthear agus an Áise ag cur deiseanna nua ar fáil don earnáil. Is príomhriachtanais iad cáilíocht agus foinse do rathúlacht ar mhargaí idirnáisiúnta mar atá bonn láidir sa mhargadh baile.

### MILSEOGRA

Tháinig fás 5% ar onnmhairí seacláide, barraí seacláide príomhshrutha go príomha, agus boscaí préimhe seacláide mar bhronntanais. Cé gur léirigh an RA, ár margadh is mó, ráta measartha fáis, mhéadaigh margaí idirnáisiúnta mar an Astráil agus an UAE. Tháinig méadú 20% ar onnmhairí milseogra siúcra go dtí na príomh-mhargaí sa RA, san Iodáil, sa Ghearmáin agus sa bhFrainc, agus éileamh níos láidre ón dá cheann deiridh sin.

## DEOCHANNA

Thiomáin éileamh láidir ar alcól préimhe onnmhairí dí arís i 2016. Léiríonn éileamh méadaithe téarnamh in ioncaim indiúscartha i roinnt mhaith margaí forbartha, an dúil i só, úsáid alcóil mar chomhartha stádais agus an comhcheangal idir an lipéad "préimhe" agus cáilíocht agus blas dí. Chuidigh na forbairtí seo chun éileamh níos moille a fhritháireamh ó roinnt margaí i mbéal forbartha. Ar na príomh-mhargaí fáis áirítear Meiriceá Thuaidh, an Áise agus Mór-Roinn na hEorpa.

Chuir uisce beatha na hÉireann agus fás deochanna 'ceirde' le honnmhairí i 2016. Thaifead beoir agus ceirtlis araon fás agus d'fhan licéir réasúnta seasta. Neartaíodh onnmhairí deochanna neamhalcólacha ag díolacháin níos láidre uisce, onnmhairí laghdaithe súnna agus deochanna boga carbónáitithe á bhfritháireamh.

Bhí praghsanna gránaigh níos iomaíche i rith 2016, roinnt brú costais á mhaolú cé go raibh cuid mhór costas ionchuir ard i gcónaí de réir caighdeán stairiúla. Chuaigh neartú an euro in aghaidh dollair Mheiriceá agus steirling araon i bhfeidhm ar iomaíochas de réir mar a chuaigh an bhliain chun cinn.



Meastar ar an iomlán gur mhéadaigh onnmhairí de 4% i 2016 go €1.4 billiún.

Lean onnmhairí uisce beatha ag tiomáint trádáil dí na hÉireann i 2016, ardú 8% measta orthu go thart ar €505 milliún. Tiomáineadh an fás ag onnmhairí níos láidre go dtí na Stáit Aontaithe agus Oirthear na hEorpa agus ar bhonn níos lú an Ghearmáin agus an RA.

Bhí an timpeallacht mhargaí domhanda do licéir uachtair réasúnta mall do chuid mhór den bhliain ach tháinig sé chuige féin ag druidim ar dheireadh na bliana. Taifeadadh fás go margaí Mór-Roinn na hEorpa mar an Ghearmáin agus bhí trádáil go Meiriceá Thuaidh seasta, Áiríodh gurbh fhiú an trádáil don bhliain €305 milliún measta.

Measadh fás measta 2% ar luach onnmhairí beorach de bharr fás ar mhéideanna i 2016. Ainneoin rátaí malairte dúshlánacha, bhí lastais go dtí an RA níos airde agus chuidigh margaí AE eile mar an Fhrainc, an Spáinn agus an Iodáil chun borradh a chur faoi thrádáil. Cuireadh le honnmhairí trí fhás onnmhairí beorach ceirde go dtí roinnt príomh-mhargaí. Áirítear gur fiú thart ar €290 milliún onnmhairí beorach don bhliain.

Bhí roinnt téarnaimh in onnmhairiú ceirtlise na hÉireann i 2016 tar éis meath le blianta beag anuas. Tiomáineadh é seo den chuid is mó ag méideanna méadaithe go dtí an RA, rud a rinne luaineachtaí airgeadra a fhritháireamh.

Ó thaobh deochanna neamhalcólacha de tuairiscíodh trádáil mheasctha sa RA agus d'fheidhmigh deochanna neamhalcólacha, uiscí agus súnna go háirithe, go láidir rud a léirigh brú ar an margadh dí carbonáitithe.

## BIA FARRAIGE

Thit luach onnmhairí bia farraige de 3% i 2016 go dtí €555 milliún measta agus laghdú 25% i méideanna onnmhairí á chúiteamh ag méadaithe ar phraghas aonaid a léiríonn neart an éilimh i bhformór na bpríomh-mhargaí.

Is iad príomh-mhargaí AE, is iad sin an Fhrainc, an Spáinn, an RA, an Iodáil agus an Ghearmáin, atá in uachtar i gcónaí in onnmhairí bia farraige, arbh ionann iad agus thart ar 63% d'onnmhairí iomlána de réir luacha. I 2016, bhí an Fhrainc ar



an margadh onnmhairí is mó i gcónaí, méadú de bheagnach 8% air ainneoin titim 5% i méideanna onnmhairí. Thiomáin méaduithe ar phraghas aonaid de bheagnach 14% luach onnmhairí go dtí an margadh seo. Léirigh margadh na Spáinne comharthaí de théarnamh leantach agus onnmhairí beagnach 12% chun tosaigh ó thaobh luacha mar aon le méadú 7% ar mhéideanna. Thiomáin praghsanna méadaithe aonaid an fás, rud a léirigh an t-éileamh ar bhia farraige Éireannach sa mhargadh seo. Ar an gcaoi chéanna, thiomáin éileamh níos airde onnmhairí go dtí an Iodáil agus an RA, méaduithe de 29% agus 11% faoi seach ó thaobh luacha. Bhí an trádáil go dtí an Ghearmáin statach den chuid is mó le laghdú 1% ó thaobh luacha, méaduithe ar phraghsanna aonaid a bhí substaintiúil, iad á méadú de bheagnach 40%.

Tháinig laghdú suntasach ar onnmhairí bia farraige go dtí margaí idirnáisiúnta go €145 milliún i 2016 a léiríonn thart ar 26% d'onnmhairí bia farraige iomlána. Ba ionann ceithre phríomh-mhargaí Afracach na hÉireann– an Nigéir, Camarún, an Éigipt agus Gána – agus 10% de luach onnmhairí bia farraige iomlán a bhí thíos ar 2015. Bhí onnmhairí go dtí an Nigéir 55% níos ísle ó thaobh luacha de bharr méideanna níos ísle den chuid is mó. Thaifead Camarún titim shuntasach freisin cé gur léirigh onnmhairí bia farraige go dtí an Éigipt agus Gána fás láidir. Mhéadaigh onnmhairí go dtí príomh-mhargaí na hÁise –an tSín, an Chóiré Theas agus an tSeapáin –le chéile de 12% measta ó thaobh luacha i 2016. Rinne fás láidir onnmhairí go dtí an tSeapáin agus an tSín titim 10% a fhritháireamh i luach trádála go dtí an Chóiré Theas.

## AONTAÍ TRÁDÁLA

Chun críocha aimsiú onnmhaire déantúsóirí bia agus dí na hÉireann a fheabhsú, leanann aontaí trádála orthu ag cuidiú le cuideachtaí i gcomhdhlúthú agus i bhforbairt gnó nua thar raon leathan margaí agus earnálacha. I rith 2016, ghlac thart ar 145 taispeántóir páirt ag 14 seó trádála go hidirnáisiúnta, ionadaíocht á dhéanamh ar bhianna ullmhaithe, déiríocht, iasc/bia farraige agus deochanna. Ar roinnt de na príomhimeachtaí i seónna trádála áirítear ISM Cologne, *Biofach, Speciality and Fine Food Fair,* Salon du Fromage (et des produits laitiers), *Seafood Expo Global, Seafood Expo* Meiriceá Thuaidh, Prowein, *Sial Paris, Gulfood, Conxemar*, PLMA agus Expo Bia Farraige na Síne. Freastalaíodh ar roinnt seónna trádála rathúla den chéad uair freisin i 2016, lena n-áirítear *Free From Expo* Amsterdam agus Lunch!i Londain. Rinneadh teagmháil le príomhcheannaitheoirí roimh na haontaí go léir rud a cheadaigh do rannpháirtithe a ndeiseanna trádála agus gnó ábhartha a uasmhéadú.



ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA

# GNÓLACHTAÍ BEAGA & GNÓLACHTAÍ ORGÁNACHA

Le cúig bliana anuas bhí méadú suntasach ar líon na ngnólachtaí beaga ar fud na n-earnálacha uile mar fhreagra ar shuim níos mó ag tomhaltóirí i dtáirge bainteach le táirgeacht ar scála beag. Meallann an earnáil táirgeoirí ó éagsúlacht leathan cúlraí gairme agus eitneacha a aithníonn na deiseanna gnó atá ag dul i méid i dtionscal an bhia. Cuireann Bord Bia seirbhísí ar fáil ag leibhéil éagsúla do 700 cuideachta beaga bia agus dí.

## LÁ OSCAILTE NA nGNÓLACHTAÍ BEAGA

Ar an 19 Eanáir 2016 d'fhreastail breis agus 220 ionadaí ó phobal na dtáirgeoirí beaga bia ar Lá Oscailte na nGnólachtaí Beaga bliantúil i dTeach Johnstown, an Bóthar Buí, Co. na Mí. Ba é téama an imeachta ná Treochtaí Domhanda – Ábharthacht Áitiúil.

Roinn Bord Bia eolas faoin Ráiteas Straitéise, Difear an Domhain a Dhéanamh, a seoladh le deireanaí, chuireadar síos ar thacaíochtaí ábhartha Bhord Bia do ghnólachtaí beaga, agus chuir síos freisin ar thaighde agus ar léargais faoin tomhaltóir Éireannach. Rinne Wayne Anderson, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, cur síos gearr ar na hoibleagáidí sábháilteachta bia riachtanacha do ghnólachtaí beaga mar aon le forléargas ar threoirlínte FSAI ar úsáid téarmaí margaíochta áirithe. Thug David Berry ó Kantar Worldpanel forléargas ar a bhfuil ag tarlú ó thaobh miondíola sa RA agus in Éirinn araon, agus reáchtáladh dhá phlé painéil a bhí thar a bheith faisnéiseach, ag leagan béim ar théamaí 'Do Bhranda a Fhorbairt in Aois Dhigiteach' agus 'Treochtaí Domhanda Rathúlacht Áitiúil'.

Bhí deis ag na toscairí freisin bualadh le hionadaithe Bhord Bia agus gníomhaireachtaí tacaíochta éagsúla eile lena n-áirítear Teagasc, Fiontraíocht Éireann agus LEOanna, le tuiscint níos fearr a fháil ar na seirbhísí atá ar fáil.

## VANTAGE BHORD BIA

Tugann Bord Bia aghaidh ar riachtanais ghnólachtaí beaga le láimhdeachas de níos lú ná €3.5 milliún trí Chlár Vantage Bhord Bia a chuireann ar chumas úinéirí/bainisteoirí rochtain a fháil ar shaineolas agus ar phróisis dea-chleachtais chun cuidiú leo a margaí faoi seach a neartú. Is iad seo príomhardáin seirbhíse Vantage Bhord Bia i 2016:

**Vantage Point Bhord Bia:** Is é Vantage Point treoir acmhainne ar líne Bhord Bia do ghnólachtaí beaga. Is spás idirlín fócasaithe é seo do ghnólachtaí beaga bia agus dí ag www.bordbiavantage.ie.

Tá cur síos ar an láithreán gréasáin ar phríomhsheirbhísí Bhord Bia don phobal beag bia agus dí mar aon le sonraí margaidh, imeachtaí trádála agus tomhaltóra. Sháraigh cuairteanna ar an suíomh 26,000 in 2016 agus is iad eolas margaidh, léargais earnála, airgeadas margaíochta agus forbairt ghnó na ranna is minicí ar tugadh cuairt orthu.

**Vantage Plus Bhord Bia:** Is Clár é *Vantage Plus* atá ceaptha cumais agus inniúlachtaí cuideachtaí beaga gnó a fhorbairt i bpríomhréimsí forbartha gnó agus margaidh.

*Food Academy Start* Is clár oiliúna é a thacaíonn le gnólachtaí bia nuathionscanta agus a chothaíonn iad trína n-oibríonn Bord Bia, SuperValu agus Oifigí Fiontair Áitiúla le chéile chun eolas faoi mhargaíocht bia a chur ar fáil d'úinéirí gnólachtaí bia nua nó luathchéime. Agus é á reáchtáil ar fud líonra iomlán na hOifige Fiontair Áitiúla (LEO) tá tacaíocht tugtha do thart ar 600 rannpháirtí ag an gclár go dtí seo. Cuireann comhpháirtí an Chláir, Supervalu, oiliúint agus tacaíocht bhreise ar fáil agus rochtain ar an *Food Academy Fixture*, áit a bhfuil breis agus 320 cuideachta ag díol táirgí i stór faoi láthair. I 2016, chuaigh thart ar 20 céimí an chláir Tús an Acadaimh Bia ar aghaidh go *Acadamh Bia Advance*, ar thuras forbartha soláthraí le SuperValu, á chomhordú go dlúth le Bord Bia, ag cuidiú le cuideachtaí a raibh ionchas láidir acu dul ó stádas soláthraí áitiúil go stádas soláthraí réigiúnach agus náisiúnta.

Tá an clár nuafhorbartha ailínithe le *Vantage Plus* freisin *Clár Chun Ullmhú don Onnmhairiú* do na cuideachtaí sin ar mian leo roghanna margaidh ionchais a iniúchadh, agus rochtain a fháil ar thacaíocht agus ar threoir chun plean comhordaithe a fhorbairt agus a chomhdhlúthú ina samhlacha gnó faoi seach. Seachadtar an clár seo trí shraith ceardlanna idirghníomhacha, tacaíocht leantach inchuideachta agus cuairt mhargaidh sa RA. Ghlac dhá chuideachta déag páirt sa chlár agus aschuir mar a leanas: 1. Taighde agus aitheantas spriocmhargaí; 2. Fócas margaí ar leith; 3. Deighilt an mhargaidh; 4. Roghanna faoin mbealach go dtí an margadh; agus, 5. Forbairt phlean onnmhairithe

**Vantage Promote Bhord Bia:** Forálann *Vantage Promote* do ghníomhaíochtaí forbartha gnó agus caidrimh phoiblí; d'urraíocht dámhachtainí agus

d'fhorbairt bealaí turais do chur chun cinn na hearnála gnólachtaí beaga agus speisialtachta.

## SCOIL SHAMHRAIDH NA COMHAIRLE TASTE

Rinne Bord Bia in éineacht le Comhairle TASTE na hÉireann an séú Scoil Shamhraidh Bhliantúil a reáchtáil ar an 22 Lúnasa ag óstán Brooklodge, Sráidbhaile Macreddin i gContae Chill Mhantáin. D'fhreastail breis agus 130 toscaire ar an imeacht a dhírigh ar an bpobal bia tuaithe agus a raibh roinnt plé painéil idirghníomhach i gceist ann. Tugadh an chomhdháil chun críche leis na torthaí ó gach ceann den ghrúp-phlé, leis an bpríomhfhócas ar ghníomhaíochta réalacha a cheapadh chun a chinntiú go gcuirtear táirgeadh bia ar scála beag i gcroílár an phobail tuaithe.

## BLOOM 2016

Is gné seanbhunaithe ag Bloom an Margadh Bia a thugann taispeántas ar cháilíocht agus ar raon táirgeoirí ceardaí & bia níos lú in Éirinn. Is iad na táirgeoirí féin a ritheann na stainníní margaidh a thugann deis uathúil do chuairteoirí foghlaim ar an láthair faoi na táirgí atá á dtairiscint agus faoin gcaoi le iad a ullmhú. Bhí 64 táirgeoir sa mhargadh i 2016, a raibh 25 díobh ag Bloom den chéad uair agus 5 a raibh 10 mbliana ag an seó á cheiliúradh acu. Ina theannta bhí líon níos leithne catagóirí táirge ann agus láithreacht níos mó ag táirgeoirí orgánacha agus slánbhia.



Bhí an *Bloom Inn* lonnaithe lámh leis an margadh bia inar chuir 13 táirgeoir fuisce ceardaí, beorach agus leanna úll a dtáirgí ar taispeáint i rith féile Bloom. Lámh leo siúd léirigh táirgeoirí cáise tí feirme na hÉireann láidreacht agus leithead an tionscail seo in Éirinn.

## BIA ORGÁNACH

Tá fás láidir á léiriú ag margadh grósaeireachta orgánach na hÉireann, mar atá margaí orgánacha eile ar fud na hEorpa, le blianta beaga anuas. Agus móiminteam fáis 2015 á neartú (breis agus 6%), léiríonn figiúirí nua amach i 2016 méadú eile bliain ar bhliain de 23.7% chun luach iomlán díolacháin ghrósaeireachta orgánaigh a thabhairt go dtí €142 milliún i 2016. Bhí fás comparáideach de ghnáthdhíolachán miondíola don tréimhse chéanna ag 3%, a leagann béim ar fheidhmíocht eisceachtúil táirgí orgánacha. Is léir fás ar dhíolachán miondíola thar gach catagóir táirge orgánach, gan aon eisceacht, a d'fhás de €5.6m i 2016 chun €34 milliún a shárú.

Tionóladh na Dámhachtainí Orgánacha Náisiúnta i nDeireadh Fómhair 2016 agus 278 iontráil, an líon ba mhó ariamh, a léiríonn an fás mór ar shuim san earnáil orgánach.Rinne Bord Bia comhardú ar na dámhachtainí a thionóltar gach 2 bhliain, mar a aontaíodh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus mara a rinne maoiniú orthu faoi Phlean Margaíochta Orgánach 2016.

Ar an seachtar buaiteoir a d'fhógair an tAire Stáit Andrew Doyle TD, in éineacht le Príomhfheidhmeannach Bhord Bia na linne, Aidan Cotter, bhí:

**Gradam an Táirge Úir is Fearr:**
The Organic Centre's Organic Salad Bag;

**An Táirge Nua is Fearr:**
Ummera Smoked Products' Smoked Organic Picanha beef;

**Gradam Rogha na Chefanna (catagóir nua do 2016):** Highbank Orchards' Orchard Syrup;

**Gradam Onnmhairí:**
Flahavan's Irish Organic Porridge;

**Gradam Díolacháin Dhírigh:**
Green Earth Organics;

**Gradam don Táirge is Fearr a Ullmhaíodh:**
Blake's Always Organic's Culture Blend Coffee;

**Gradam Nuálaíochta:**
Mulberry Meadow Organic Farm's My Organics Living Salad - Salad Bowl Mix.

Lean tionscadail spriocdhírithe maidir leis an gcuspóir seanbhunaithe chun deiseanna onnmhairithe a fhorbairt d'earnáil orgánach na hÉireann i 2016 le tuairisc chuimsitheach ar mhargadh orgánach na RA agus mioncheistiú;

meantóireacht chliaint aonair agus cuairt staidéar margaidh fócasaithe go Londain. Tugadh cuairt staidéir mar é ar Chríoch Lochlann i mí na Samhna ag déanamh iniúchadh ar threá an orgánaigh i miondíol príomhshrutha sa Danmhairg agus sa tSualainn, Aonach Orgánach Nordach i Malmo san áireamh ann.

Ar thionscnaimh earnáil-shonrach laistigh den chatagóir orgánach áiríodh turas slabhra soláthair saothróirí glasraí i Meán Fómhair go dtí margadh na hÍsiltíre, le 10 saothróir Éireannacha chun bualadh le oibreoirí éagsúla chun foghlaim faoi fheidhmíocht scálaithe agus dea-chleachtais i bpacáistiú, margaíocht agus lóistíocht.



Áiríodh ar phríomhthionscnamh eile i 2016 tionscadal onnmhairithe bunaithe ar an bhfeoil, a raibh mór-áireamh caorach orgánach san áireamh ann a rinneadh ar fud na tíre le méid na huaineola orgánaí a bhí ar fáil don onnmhairiú a chainníochtú agus séasúracht an tsoláthair a thuiscint roimh mhargaí do dheiseanna onnmhairithe a aithint agus díriú orthu.

Leanann Bord Bia air ag déanamh comhordú bliantúil ar sheastán na hÉireann ag Biofach i Nuremberg a bhíonn ar siúl mí Feabhra. Is í an sprioc feasacht agus eolas ar earnáil orgánach na hÉireann a mhéadú i measc ceannaitheoirí trádála i spriocmhargaí ábhartha, a ndéantar canbhásáil orthu go léir agus a dtugtar faisnéis dóibh roimh an imeacht. Agus Origin Green mar théama uileghabhálach an seastáin, suíonn Bord Bia Éire mar sholathraí inbhuanaithe, glas, glan. Bhí deich gcomhlacht orgánacha agus taispeántas acu i láthair ag Biofach i 2016 agus ionadaíocht á dhéanamh acu thar ceann táirgeoirí bianna ullmhaithe, deochanna, déiríochta, bia farraige agus feola.



ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA

# GAIRNEOIREACHT

## AN MARGADH TÁIRGE ÚIR MIONDÍOLA

Bhí luach €1.496 billiún ar an margadh táirge úir i 2016, torthaí faoi ndear €709 milliún, glasraí €585 milliún agus prátaí €201 milliún. Chuir méaduithe ar an meánphraghas agus ar mhinicíocht cheannaigh torthaí i ngach ceann de na catagóirí leis an méadú ar luach an mhargaidh mhiondíola i 2016. Taifeadadh fás ar mhéideanna freisin thar na trí chatagóir táirge úir.

### MUISIRIÚIN

I 2016 cuireadh luach ag geata na feirme sa bhreis ar €125 milliún ar thionscal na muisiriún a chuir 70,000 tonna táirge ar fáil.

Onnmhairíonn tionscal na muisiriún 80% dá tháirgeadh go dtí margadh na RA agus dá bhrí sin ba í an earnáil ghairneoireachta is mó a ndeachaigh an luaineacht airgeadra i bhfeidhm air a lean an vóta don Bhreatimeacht i rith 2016 a chuir le dúnadh sé aonad táirgthe. Chlúdaigh roinnt bearta a rinne an tionscal agus gníomhaireachtaí tacaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a chruthaigh an Breatimeacht roinnt réimsí lena n-áirítear costais ionchuir a laghdú, bainistiú airgeadra, arduithe ar phraghsanna a lorg, taighde margaidh agus gníomhaíochtaí promóisin.



Is í an RA an margadh onnmhairithe is mó do mhuisiriúin na hÉireann le onnmhairí níos lú go dtí an Fhrainc agus an Ísiltír. Mhéadaigh méid na n-onnmhairí muisiriún i rith 2016 cé gur laghdaíodh a luach ag luaineacht airgeadra agus brúnna praghsanna. Ag an leibhéal miondíola sa RA, tháinig méadú ar mhéid in aghaidh an cheannaitheora, minicíocht cheannaigh agus méid in aghaidh an turais i 2016. Ach thit an meánphraghas a d'fhág luacha níos ísle ar an iomlán.

Ar an margadh baile bhí díolacháin muisiriún láidir agus méadú 7% ar luach agus ar mhéid araon.

### PRÁTAÍ

Áiríodh go raibh táirgeadh prátaí i 2016 ag 346,000 tonna, méadú beag ar 2015. Bhí 8,700 heicteár sa cheantar fáis, 5% níos mó ná an bhliain roimhe. Thit an méid ón bpríomhchineál, Rooster, (55% den cheantar curtha) siar de 4.6% agus cuireadh méideanna méadaithe do tháirgeadh criospaí agus sceallóga. Ar phríomhchineálacha eile áirítear Kerrs Pink (9%), Queens (8%) agus cineálacha do tháirgeadh criospaí (11%). Is é an margadh baile an príomh-mhargadh do thionscal na bprátaí a raibh luach €200m air i 2016 agus inar taifeadadh méaduithe ar mhinicíocht cheannaigh agus ar an meánphraghas miondíola araon.



### GLASRAÍ PÁIRCE

Ainneoin tús fionnuar san earrach ba bhliain mhaith fáis ar an iomlán í 2016 do ghlasraí páirce. Chruthaigh aimsir shéimh sa bhfómhar fadhbanna le barraí ag teacht chun foirfe níos luaithe ná mar a bhí beartaithe. Léirigh an t-áireamh is deireanaí don earnáil ghlasraí páirce go bhfuil 166 saothróir glasraí tráchtála againn anois a fhásann 4,297 heicteár barranna. Léiríonn sé seo laghdú de 20% ar líon na saothróirí agus laghdú ar an gceantar curtha foriomlán de 7% ó rinneadh an t-áireamh deiridh i 2009. Ar na príomhbharraí a fhástar áirítear barraí brasacha agus fréimhe. Tá luach €585m ar an margadh miondíola baile do ghlasraí (lena n-áirítear glasraí cosanta) agus méadú ar mhinicíocht cheannaigh agus ar an meánphraghas miondíola araon taifeadta i 2016.

### BARRAÍ GLASRAÍ COSANTA

Léirigh an t-áireamh a rinneadh le gairid ar ghlasraí/sailéid chosanta go raibh 190 heicteár tugtha don réimse curaíochta agus luach aschuir measta de €21 milliún air. Is iad trátaí,

piobair agus leitís na mórbharraí san earnáil seo agus tá a bhformhór ceaptha dul chuig margadh miondíola na hÉireann. Tá táirgeadh trátaí na hÉireann daingnithe le blianta beaga anuas agus bhí roinnt méaduithe i réimse fáis na dtithe gloine. Bhí cúinsí maithe fáis ann i rith 2016 agus éileamh seasta ar chomhábhair sailéid i rith an tsamhraidh. Bhí méadú idir 8-10% ar luachanna i ndíolacháin miondíola cúcamair, piobar, trátaí agus leitís.

Bhí ráta an mhéadaithe ar mhéideanna piobair agus cúcamair mórán ar aon dul leis an luach, agus mhéadaigh trátaí agus leitís de 2-4%, roinnt méaduithe ar phraghas á léiriú.

## BARRA TORTHAÍ

Tháinig fás ó thaobh luacha ar thorthaí, an catagóir táirge úir is mó, de 9% i 2016 go dtí luach miondíola iomlán €709 milliún. Is iad úlla agus sútha talún an dá phríomhbharr torthaí a tháirgtear in Éirinn.



Léirigh an t-áireamh is deireanaí ar an earnáil torthaí boga go bhfástar breis agus 330 heicteár agus luach de bhreis ar €30 milliún ar an aschur. Déantar an chuid is mó de thorthaí boga a tháirgeadh anois faoi chosaint ghloine nó polaitéine. I margadh na dtorthaí boga is iad sútha talún an barr is tábhachtaí agus d'fhág infheistíocht san earnáil gur cuireadh le séasúr fáis sútha talún ó luath san Aibreán go dtí mí na Nollaig. Bhí bliain mhaith ag sútha talún le méadú 18% ar dhíolacháin miondíola idir mhéid agus luach araon. Bhí soláthar agus éileamh oiriúnaithe go cothrom do shaothróirí Éireannacha. Tháinig méadú ar luach shútha craobh, fraocháin ghorma agus cuiríní dearga de idir 10 agus 15% den chéad uair le roinnt mhaith blianta.

Áirítear luach aschuir úlla a tháirgtear sa mbaile ag €5 milliún. Le blianta beaga anuas tá úlloird nuachurtha ann ar fhorbairt dhearfach é. Tá éileamh ar úlla milse na hÉireann láidir i gcónaí agus mhéadaigh díolachán miondíola úll milse de 7% ó thaobh luach agus méide araon. Mhéadaigh luach miondíola Úlla Cócaireachta de bheagnach 5% agus tháinig méadú de 24% ar mhéideanna. Bhí fás arís faoi úlla milse don mhilseog i 2016 tar éis titim ar mhéid an fháis i 2015, agus bhí ardú 7% ar luach agus ar mhéid araon.

## BARRA TAITNEAMHACHTA

Áiríodh go raibh luach breis agus €45 milliún ar an aschur ón earnáil taitneamhachta i 2016. Léiríonn an tomhas is deireanaí ar an margadh garraíodóireachta a rinneadh i 2016 go bhfuil luach ar an margadh taitneamhachta – á thomhas ag caiteachas tomhaltóra – de €729 milliún. Is méadú de 16% é seo ó tomhaiseadh go deireanach é i 2014 tráth ar cuireadh luach €631 milliún air. Bhí feidhmíochtaí láidre ar fud na n-earnálacha go léir agus fás sláintiúil ar líon na n-ócáidí ceannaigh agus ar luach.

Taifeadadh na méaduithe is láidre sna réimsí tírdhreacha boga– plandaí amuigh agus plandaí bláthanna agus plandaí pota istigh. Tuairiscítear ardú suntasach ar Bhláthanna Gearrtha Úra agus ar Tháirgí Gairdín ó 2014, ach ardú atá roinnt mhaith níos measartha.

Faoi láthair tá luach €168 milliún ar phlandaí lasmuigh agus plandaí bláthanna agus is ionann iad agus 37% de gach ócáid cheannaigh taitneamhachta. Is ag táirgí don ghairdín atá an sciar is mó den luach ag €340 milliún, cé gur ionann iad agus an cheathrú chuid den cheannach a ndéantar. Laistigh d'earnáil na bplandaí bláthanna agus plandaí lasmuigh, bhí fás thar a bheith láidir ar luach bláthchiseán ar crochadh, gabhdáin réamhphlandáilte, bleibeanna/síolta bláthanna don phlandáil agus plandaí luibheacha, agus ar ghníomhaíocht cheannaigh ó 2014.

Bhí gníomhaíocht mhéadaithe freisin ar thógáil tírdhreacha, cainéal tábhachtach do dhíolachán plandaí, le roinnt forbairtí cónaitheacha nua mar aon le spásanna poiblí agus tógáil tráchtála.

Bhí luach thart ar €16.3 milliún ar bharra gairneoireachta taitneamhachta i 2016, ar méadú de 2% é ar 2015. Is de bharr onnmhairí níos láidre lus an chromchinn agus duilliúir ghearrtha a úsáidtear i mbláthdóireacht an t-ardú seo den chuid is mó.

I 2016, bhí luach díolacháin onnmhairí stoic plandlainne réasúnta seasta ag €6.1 milliún agus formhór na n-onnmhairí ag dul go dtí an RA. Ainneoin luaineachtaí ráta malairte dúshlánacha, bhain onnmhairí leas as comhdhlúthú na hearnála plandlainne agus téarnamh i margadh tírdhreacha na RA.



Mhéadaigh onnmhairí duilliúr gearrtha de thart ar 15% go €4.2 milliún i 2016 de bharr éilimh níos airde ag buaicthréimhsí. Téann breis agus 75% d'onnmhairí go dtí an RA agus tá tionchar gearrthéarmach ag an mBreatimeacht ar phraghsáil. Ach meastar áfach go gcuideoidh easpa iomaíochais le meath ar phraghsáil a íosmhéadú. Ina dhiaidh sin tá duilliúr na hÉireann i riocht mhaith don fhás mar gheall ar infheistíocht a rinneadh le deireanaí i margaíocht agus i dtáirgeacht.

I 2016 áiríodh gur bhain saothróirí crann Nollag na hÉireann 550,000 crann a ndeachaigh aon trian díobh chuig margaí na hEorpa mar an RA, an Ghearmáin agus an Fhrainc agus díoladh an chuid eile sa mbaile. D'éascaigh an margadh onnmhairithe ó thaobh luacha arbh fhiú beagnach €4.8 milliún é de bharr rátaí malairte ba lú fabhair. Ach táthar ag súil an sciar margaidh a choinneáil agus a mhéadú ainneoin corrlach níos déine.

## PROMÓISIN GHAIRNEOIREACHTA

### JUST ADD MUSHROOMS

Cuireadh tús leis an bhfeachtas "*Just Add Mushrooms*" maoinithe ag an AE agus ag an Tionscal i 2013 agus tugadh chun críche é i 2016. Cuireadh luach €2.7milliún air thar thrí bliana agus chlúdaigh sé margaí na hÉireann agus na RA. Chonaic an feachtas Just Add Mushrooms méadú de 30,000 tonna i méid charnach díolacháin sna trí mhargadh ó thús an fheachtais (22,500 tonna sa RA agus 7,700 tonna in Éirinn i gcomparáid le figiúirí bunlíne i 2013). Bhain an feachtas leibhéil treáite de 81.4% agus 89.5% faoi seach tar éis trí bliana den fheachtas le minicíocht cheannaigh mhéadaithe. Ar an leibhéal minicíochta ceannaigh baineadh 18.7 amach don RA agus 33.8 d'Éirinn faoi 2016.

### PROMÓISEAN PRÁTAÍ

Tá an feachtas promóisin maoinithe ag an AE agus ag an tionscal dar teideal "*Potatoes – More Than A Bit On The Side*" á fheidhmiú go céimneach ó 2015 go 2018. Ar na príomhghníomhaíochtaí áirítear fógraíocht i gcló agus ar líne mar aon le cumarsáid shuntasach ar na meáin sóisialta thar roinnt ardán digiteacha. Cuireadh fógraíocht lasmuigh leis an meascán promóisin i 2016.

Áiríodh ar phríomhthorthaí ó bhliain 1 den fheachtas:

- Aimsiú fógraíochta clóite – 257,000 duine
- 40 ionsá fógraíochta preasa
- Fógraíocht dhigiteach & imprisean shoghluaiste– 8m
- Clúdach PR– 75 píosa
- Cuairteanna ar láithreán gréasáin 125,000
- Na meáin shóisialta, 94,000 is maith linn ar Facebook (3.7milliún duine aimsithe)
- Lucht leanúna Twitter (GB/Éire) – 14,000
  Lucht Leanúna Instagram (GB/Éire) – 4,000

Léiríonn taighde tomhaltóra atá ag rianú an fheachtais go bhfuil feasacht agus teachtaireachtaí ag fáil tríd. Tuairiscíonn sonraí *Kantar Worldpanel* do 2016 fás luacha agus méide araon sa mhargadh agus méadú ar mhinicíocht ceannaigh ag an spriocluchtéisteachta.

### PROMÓISEAN GARRAÍODÓIREACHTA

Lean an feachtas promóisin tomhaltóra garraíodóireachta dar teideal GróMór chun spreagadh a thabhairt don aoisghrúpa 35 go 45 dul i mbun garraíodóireachta, i 2016. Is tionscnamh é seo den ghrúpa lárionad garraíodóireachta faoi scáth Feabhas Miondíola Éireann agus tacaíocht aige ó thionscal an stoic plandlainne agus ó Bhord Bia. Agus gan ach caiteachas réasúnta measartha ar PR d'éirigh leis an bhfeachtas luach coibhéiseach fógraíochta de bhreis agus leathmhilliún euro a bhaint amach. Ba iad na meáin shóisialta an



príomhchainéal a úsáideadh don fheachtas, agus mhéadaigh an lucht leanúna ar Facebook go breis agus 11,000 duine, ó bhonn 4,000 ag an seoladh i mí Márta. Mheall an láithreán gréasáin athchóirithe go hiomlán breis agus 16,000 cuairteoir uathúla agus breis agus 40,000 amas. Thacaigh seasca is a cúig ionad garraíodóireachta ó ghrúpa garraíodóireachta REI, baill de Chomhlachas Stoc Plandlainne Crua na hÉireann leis an bhfeachtas agus ghlac páirt ann anuraidh.

### SEACHTAIN NÁISIÚNTA SÚ TALÚN

Reáchtáladh an tSeachtain Náisiúnta Sú Talún i Meitheamh. Bhí fócas feachtas 2016, é anois sa naoú bliain, ar ghníomhaíocht ar an láthair le lipéad athdheartha ar an bpaca ag cur tuilleadh caidrimh ar fáil le tomhaltóirí. Bhí mionsonraí faoin gcomórtas ar phóstaeir agus ar chartaí seilfe a raibh rannpháirtíocht mhéadaithe ó thomhaltóirí agus ó mhiondíoltóirí araon de thoradh orthu. Tharla sraith de ghníomhaíochtaí eile lena n-áiríodh comórtas scoile, urraíocht ar sheó raidió, fógraíocht san IFJ, agus fógraíocht ar líne. Thuairisc figiúirí díolacháin Kantar go raibh méadú 26% ar mhéid na ndíolachán sútha talún ó Mheitheamh 2015 go dtí Meitheamh 2016, i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

### PROMÓISEAN SAILÉAD

Cuireadh tús le tionscnamh promóisin le tacaíocht na hearnála sailéid i 2016. Thuairisc achoimre ar na torthaí do phromóisean seachtain na sailéad i 2016 na torthaí seo a leanas: aimsíodh 183,000 éisteoir trí urraíocht ar sheó raidió náisiúnta; aimsíodh 405,043 duine trí láithreán gréasáin *Mykidstime* agus leathanach Facebook; aimsíodh 148 000 duine trí leathanach Facebook Bhord Bia agus trína bpríomhláithreán gréasáin; agus aimsíodh 259,000 léitheoir trí fhógraíocht preasa.

### CLÁR FOOD DUDES

Cuirtear Scéim Ghlasraí agus Thorthaí Scoile an AE i bhfeidhm in Éirinn tríd an gClár *Food Dudes*. Is tionscnamh athrú iompair dreasaithe fianaisebhunaithe é Clár *Food Dudes* a d'fhorbair Aonad Taighde Gníomhaíochta agus Bia de chuid Ollscoil Bangor sa Bhreatain Bheag. Tá sé bainistithe ag Bord Bia agus maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ag an Aontas Eorpach.  Tá sé d'aidhm ag an gClár *Food Dudes* caitheamh inbhuanaithe torthaí agus glasraí a mhéadú i measc páistí bunscoile trí sholáthar agus tástáil torthaí agus glasraí arís agus arís eile thar thréimhse idirghabhála 16 lá le tacú ó bhearta ag dul leis i bhfoirm eiseamláir (Laochra *Food Dudes*) agus duaiseanna beaga (céim bhaile ina dhiaidh sin áit a gcuirtear na torthaí agus na glasraí ar fáil ón mbaile).

Tugadh an Clár *Food Dudes Boost* isteach ag tús 2015. Ghlac 719 scoil in iomlán agus breis agus 94,000 páiste scoile páirt sa chlár treisithe i 2016.

### INCREDIBLE EDIBLES

Is clár scoilbhunaithe é *Incredible Edibles* agus é mar aidhm aige páistí a spreagadh le torthaí agus glasraí a fhás agus feasacht a mhéadú ar a ról in aiste bia sláintiúil agus cothromaithe. Á chómhaoiniú ag an tionscal gairneoireachta agus Bord Bia déantar an clár a bhainistiú ag leibhéal na scoile ag an gcomhlacht promóisin feirmeoireachta *Agri Aware*. Ghlac 1,300 scoil náisiúnta páirt sa chlár i rith 2016.

## CLÁIR GHAIRNEOIREACHTA

### BLOOM

Tionóladh seó Bloom 2016 i bPáirc an Fhionnuisce ar feadh chúig lá ar an deireadh seachtaine saoire bainc sa Mheitheamh agus mheall an t-imeacht freastal de 115,000 cuairteoir. Áiríodh gurbh fhiú díolacháin ar an láthair ag Bloom agus €6.1 milliún i 2016 agus áiríodh gurb ionann an caiteachas ar gharraíodóireacht agus ar ghníomhaíocht bainteach le garraíodóireacht spreagtha ag Bloom agus €34 milliún. Léirigh suirbhé rátálacha sástachta Taispeántóra agus Cuairteora rátálacha 96% agus 91% faoi seach. Léirigh suirbhé na gcuairteoirí go raibh 17% den lucht freastail ina gcuairteoirí nua ag an seó agus rátáil95% acu a n-eispéireas ag an seó mar luach ar airgead. Bhí an PR a ghin an seó an-

suntasach le 6,262 alt curtha ar fáil thar ardáin éagsúla na meán.

### MARGAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT

Faoi Chlár Cúnamh Margaíochta Bhord Bia fuair 42 gnólacht gairneoireachta agus 18 gnólacht Taitneamhachta agus 22 gnólacht Inite, cúnamh arbh fhiú €146,000 in iomlán é do raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear seónna trádála, taighde margaidh, díolphointe, giniúint lipéadaithe agus forbairt láithreáin ghréasáin. Bronnadh deontais ar cheithre chuideachta gairneoireachta faoin gClár Diansaothraithe Margaidh.



Agus aghaidh á thabhairt ar na dúshláin mhargaidh ag éirí as toradh an Bhreatimeachta, rinneadh canbhásáil ar chliantchuideachtaí ón earnáil taitneamhachta agus cuireadh sraith seisiún meantóireachta ar bun le sé cinn déag de ghnólachtaí plandlainne.

Seoladh an Thinking House agus a áiseanna do chliaint na hearnála Taitneamhachta ar fhreastail 62 cliant as 57 cuideachta air. Rinneadh cur síos ar an raon leathan seirbhísí atá ar fáil.

### CLÁIR CHÁILÍOCHTA TÍRDHREACHA

Rinneadh cuairteanna iniúchta agus measúnuithe do na cuideachtaí sin atá ag obair chun a ndeimhniúchán faoin scéim a choinneáil.

### TIONSCNAMH PRÁTA SAILÉID

Lean Bord Bia lena urraíocht ar chomhairleoir speisialaithe san earnáil prátaí ó SRUC Albain chun teacht le clár leathnaithe thart ar agranamaíocht agus fás prátaí óga/sailéid in Éirinn. Áirítear gur ionann na prátaí seo agus idir 10-12% den mhargadh miondíola ó thaobh méide a fhreastalaíonn idir 15-20 saothróir Éireannach orthu. Tá bliain eile le dul ag an tionscadal trí bliana seo, atá á reáchtáil i gcomhar le Teagasc agus leis an IFA, agus tá faoi agranamaíocht agus eolas níos fearr a chur ar fáil do shaothróirí na hÉireann san earnáil seo.

### ÁIREAMH GLASRAÍ PÁIRCE

Tugadh áireamh iomlán ar gach Táirgeoir Glasraí Páirce Tráchtála, ar chuir Bord Bia agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tús leis i rith 2015, chun críche i rith 2016 agus cuireann sé eolas staitisticiúil cothrom le dáta ar fáil faoin earnáil. Léiríonn torthaí ón áireamh go raibh 4,297 heicteár sa réimse glasraí páirce i 2014 a bhí 7% níos ísle ná áireamh 2008 ach a raibh méadú beag ann ar réimse 4,267 heicteár i 2005. Tá torthaí iomlána an áirimh le fáil ar láithreán gréasáin Bhord Bia.

### BEART MARGAIDH GARRAÍODÓIREACHTA

Gach dhá bhliain déanann Bord Bia tomhas cuimsitheach ar an margadh garraíodóireachta in Éirinn. Rinne Ipsos MRBI an tomhas is deireanaí ar an margadh i rith 2016 thar ceann Bhord Bia. Áirítear go bhfuil luach faoi láthair de €729 milliún ar an margadh taitneamhachta – arna thomhas ag caiteachas tomhaltóra –méadú de 16% ó tomhaiseadh don uair dheireanach é i 2014 nuair a cuireadh luach €631 milliún air.

### GLAS

Tionóladh an 6ú seó trádála, GLAS in Iúil 2016 agus ba é an ceann ba mhó go dtí seo é. Bhí breis agus 130 taispeántóir (lena n-áirítear 31 plandlann) agus breis agus 1,000 cuairteoir trádála ag an seó. Agus scoth gairneoireacht na hÉireann á chur chun cinn i dtimpeallacht atá réitithe do ghnó agus do líonrú, tugann Bord Bia tacaíocht do GLAS agus cuirtear i láthair ceannaitheoirí sinsearacha agus lucht cinnteoireachta sna hearnálacha gairmiúla, rialtais agus miondíola é.

### AONTAÍ PLANDAÍ NÁISIÚNTA

Reáchtáladh dhá aonach plandaí i rith na bliana á n-eagrú ag Cumann Stoic Plandlainne Chrua na hÉireann le tacaíocht ó Bhord Bia. Is í aidhm na n-aontaí ceannaitheoirí agus saothróirí plandaí a thabhairt le chéile ar aon láthair amháin chun díolacháin plandaí de tháirge áitiúil a éascú agus a spreagadh ag tús an tséasúir.

### CLÁR FORBARTHA ONNMHAIRÍ TAITNEAMHACHTA

Aithníodh forbairt agus leathnú onnmhairí do tháirgí taitneamhachta, go háirithe stoc plandlainne, duilliúr gearrtha agus bleibeanna, mar dheis leathnaithe. Tá an Clár Onnmhairí Taitneamhachta (AEP) dírithe ar úinéirí gnólachtaí gairneoireachta taitneamhachta ar mian leo tógáil ar dhíolacháin onnmhairí reatha nó dul isteach i margaí onnmhairithe den chéad uair. Tá na cuideachtaí seo gafa le gairneoireacht taitneamhachta; duilliúr gearrtha, bleibeanna/bláthanna, Crainn Nollag agus plandaí don ghairdín. De ghnáth bíonn 20 cuideachta rannpháirteach in AEP gach bliain agus baineadh rathúlacht amach i liostuithe táirgí nua, fáil custaiméirí onnmhairithe nua agus iontráil rathúil sa mhargadh d'onnmhaireoirí céad uaire. I 2016 reáchtáladh dhá lá de mheantóireacht duine ar dhuine le comhairleoir ón RA do chuideachtaí a bhí rannpháirteach.

### SEIMINEÁR DO NA SAOTHRÓIRÍ TORTHAÍ IS FEARR

Áiríodh sa bpríomhsheimineár bliantúil torthaí nuashonraithe ar an margadh miondíola d'úlla agus cur i láthair ar thaighde nua ar an margadh úll a chuir léargas ar fáil faoin gcaoi le díol úlla áitiúla a mhéadú agus cuairt ar úllord atá á fhorbairt do tháirgeadh ceirtlise

Leanann Bord Bia air ag tabhairt tacaíochta do chomórtas Gairneoir óg na Bliana agus eagrú Léacht Chuimhneacháin David Robinson chun suim mac léinn san oideachas gairneoireachta a spreagadh, agus tacú leis.

### GIY SPUDOFF

Rinne Bord Bia urraíocht ar *GIY Ireland (Grow it yourself)* don dara bliain chun comórtas a bhunú do shaothrú prátaí i measc baill GIY. Ba é aidhm an chomórtais príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl go bhfuil prátaí saor ó shaill agus ó ghlútan go nádúrtha chomh maith le bheith ilúsáideach agus sláintiúil. Bhí an comórtas ar siúl ar feadh an tsamhraidh agus bronnadh duaiseanna sa bhfómhar.

### ATHBHREITHNIÚ AR SHAOTHAR

Rinne Bord Bia athbhreithniú ar shaothar i dtionscal na gairneoireachta a measadh a bheith tábhachtach chun críocha pleanála, chun meastacháin cothrom le dáta a chur ar fáil faoi leibhéal na fostaíochta laistigh den ghairneoireacht, mar aon le cúinsí a théann i gcionn ar fhostaíocht. Bhreathnaigh an suirbhé freisin ar chuid de na tionscail iartheachtacha agus réamhtheachtachta a thacaíonn leis an ngairneoireacht agus a chuireann breis fostaíochta ar fáil. Chinn an t-athbhreithniú go bhfostaíonn an tionscal breis agus 6,600 ball foirne ag leibhéal geata na feirme agus 11,000 eile i ngníomhaíochtaí breisluacha agus réamhtheachtacha. Áirítear gur fiú €165 milliún in aghaidh na bliana do gheilleagar na hÉireann an fhostaíocht ghairneoireachta ag geata na feirme i gcomhthéacs aschur gheata na feirme a bhfuil luach €424 milliún air.

### AN BREATIMEACHT AGUS EARNÁIL NA MUISIRIÚN

Is in earnáil na muisiriún is mó a raibh tionchar an Bhreatimeachta ar an tionscal gairneoireachta le brath a bhfuil roinnt mhaith onnmhairí aici go dtí an RA. D'eagraigh Bord Bia ceardlanna airgeadra d'onnmhaireoirí agus rinne taighde margaidh le tomhaltóirí na RA ar a n-iompar agus a ndearcadh i leith muisiriún a cheannach agus ar a bhfoinse chun cuidiú le margóirí ina bpléití le ceannaitheoirí. Thacaigh Bord Bia freisin le gníomhaíochtaí promóisin bhreise i margadh na RA ag deireadh 2016 mar aon le gníomhaíocht phromóisin ar an margadh baile. Thacaigh Clár Deontais Diansaothraithe Bhord Bia freisin le príomhghníomhaíochtaí margaíochta onnmhaireoirí.

Ar phríomhthionscamh breise eile a tháinig chun cinn i rith 2016 bhí cur i bhfeidhm cláir phíolótaigh i bpróisis déantúsóireachta barainní d'aonaid fáis muisiriún mar uirlis le cuidiú chun táirgiúlacht a mhéadú agus costais ar fheirmeacha Éireannacha a laghdú. Áiríodh sa chlár píolótach sé tháirgeoir muisiriún a chur ar chlár tús Barainneach chun próisis táirgthe a fheabhsú. Nuair a thabharfar an clár píolótach chun críche go luath i 2017, déanfar athbhreithniú air chun a oiriúnacht a mheas do fheidhmiú céimneach don chuid eile de tháirgeoirí muisiriúin, agus don tionscal gairneoireachta níos leithne b'fhéidir.

### URRAÍOCHTAÍ

Tacaíonn Bord Bia le riachtanais an tionscail ghairneoireachta trí sholáthar urraíochta chuig comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna ábhartha mar aon le himeachtaí a eagraíonn eagraíochta eile a bhfuil Bord Bia bainteach leo. I 2016 tugadh tacaíocht do bhreis agus deich n-imeacht/comhlachas dá leithéid.



ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA

# SEIRBHÍSÍ

## DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS COMHSHAOIL

Lean an obair ar athchóiriú na Scéime Dearbhaithe Cáilíochta Mairteola agus Uaineola (BLQAS) i 2016 agus cuireadh an scéim athchóirithe – an Scéim Dhearbhaithe Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe faoi bhráid Bhord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann do chreidiúnú faoi dheireadh na bliana. Táthar ag súil le creidiúnú foirmiúil go luath i 2017 agus feidhmiú céimneach náisiúnta ina dhiaidh sin. Rinneadh 35,279 iniúchadh in iomlán don Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Mairteola agus Uaineola i 2016. Chomh maith leis sin rinneadh 9,943 iniúchadh ar fheirmeacha déiríochta don Scéim Dhearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe. Rinneadh 2,110 iniúchadh in iomlán sna scéimeanna éanlaith chlois, uibheacha, muc, beatha, gairneoireachta agus próiseálaithe feola, rud a thug líon iomlán na n-iniúchtaí i 2016 go 47,332.

Rinneadh athchóiriú ar an Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Gairneoireachta chun critéir na hinbhuanaitheachta a ionchorprú inti agus cuireadh na chéad modúil den Scéim Dhearbhaithe Gairneoireachta Inbhuanaithe (SHAS), is iad sin M1- Saothróir agus M2- Láimhseáil Táirge agus Pacáistiú faoi bhráid an INAB don chreidiúnú. Rinneadh dul chun cinn substaintiúil ar athchóiriú an mhodúil Dáilitheora agus modúl na Saothróirí Ornáideacha, agus cuirfear iad araon isteach le haghaidh creidiúnaithe go luath i 2017. Chomh maith leis seo forbraíodh uirlis measúnaithe riosca ar líne do shaothróirí. Beidh sé seo infheidhme nuair a chuirfear an scéim athchóirithe i bhfeidhm. I rith 2016 thug an INAB síneadh do scóip chreidiúnaithe Bhord Bia GlobalGap Leagan 5 do thorthaí agus do ghlasraí a chur san áireamh.

Chun onnmhairí go dtí na SA a éascú agus chun maíomh a fhíorú maidir le cáilíochtaí mhairteoil na hÉireann, d'fhorbair Bord Bia Clár Fíoraithe Próisis saincheaptha (PVP). Bhí forbairt chóras nua QMS i gceist anseo a bhí deartha go sonrach le tacú le riachtanais an Chaighdeáin USDA Standard, QAD 1001. I Nollaig 2016 chuir Bord Bia an t-iarratas go dtí an USDA le faomhadh a fháil chun 8 bPointe Fíoraithe Próisis (pointí PV) a úsáid ar mhairteoil na hÉireann a díoladh ar mhargadh na SA. Chuir an USDA tús le athbhreithniú ar an iarratas agus tabharfaidh sé cuairt ar fheirmeacha agus ar mhonarchana feola i 2017 mar chuid den phróiseas faofa.

Tá athchóiriú á dhéanamh ar na scéimeanna éanlaith chlóis agus muc le critéir inbhuanaitheachta a ionchorprú agus cuirfear le haghaidh creidiúnaithe iad nuair a aontóidh na Coistí Comhairleacha Teicniúla.

Ba é 65,242 líon iomlán na mball creidiúnaithe sna Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta go léir ar an 31 Nollaig. Bhí ballraíocht 49,672, 13,623 agus 416 faoi seach ag BLQAS, an Scéim Dhearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe agus Scéim na dTáirgeoirí Muc. Ba é líon iomlán na dtáirgeoirí éanlaith chlóis agus uibheacha ná 707 agus 175 faoi seach. Bhí 441 ball sa Scéim Ghairneoireachta agus bhí 93 ina mball de Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Beatha. Bhí 96 monarcha feola agus 19 pacálaí uibheacha ina mbaill dheimhnithe de na scéimeanna próiseálaí agus pacálaí.

Déanfar Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta nua do na Marglanna Beostoic a fhorbairt i 2017, mar fhreagra ar iarratas ó na bainisteoirí marglanna.

## INFHEISTÍOCHT I dTODHCHAÍ INBHUANAITHE TRÍ ORIGIN GREEN

Origin Green IRELAND — Working with nature


Is clár forbartha inbhuanaithe uathúil é Origin Green a d'fhorbair Bord Bia chun tiomantas tionscal bia agus dí iomlán na hÉireann don fheidhmiú inbhuanaithe a léiriú– ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa, caomhnú fuinnimh, bainistiú uisce, bithéagsúlacht, tionscnaimh phobail agus sláinte & cothaitheacht. Tá faoi Origin Green tabhairt ar dhéantúsóirí agus ar fheirmeoirí araon a bheith páirteach in oibriú ar chosán na táirgeachta inbhuanaithe. Tá cuid mhór de mhór-onnmhaireoirí na hÉireann tar éis a dtiomantas a léiriú chun é seo a dhéanamh trína bpleananna inbhuanaitheachta a chur faoi réir fíoraithe neamhspleáigh.

Ó 2012, tá breis agus 527 cuideachta Éireannach, a ionadaíonn thar ceann 90

faoin gcéad d'onnmhairí na hÉireann tar éis a n-ainmneacha a chur le Origin Green. Ag leibhéal na feirme tá Bord Bia tar éis 137,000 measúnú carbóin a dhéanamh chun feidhmíocht chomhshaoil feirmeacha na hÉireann a thomhas agus cuidiú chun iad a fheabhsú.

De na 527 cuideachta atá rannpháirteach tá 220 tar éis ballraíocht sa chlár atá fíoraithe go hiomlán a bhaint amach, a thugann le fios go bhfuil a bplean inbhuanaitheachta fíoraithe go neamhspleách ag an nGrúpa SGS. Tá 154 cuideachta eile tar éis dréachphleananna inbhuanaitheachta a chur isteach agus iad ag obair lena n-iarratas a choigeartú agus dul chun cinn i dtreo ballraíochta atá fíoraithe go hiomlán. Tá na cuideachtaí atá fanta ag freastal ar cheardlanna pleanála de chuid Origin Green agus a bpleananna inbhuanaitheachta á bhforbairt go gníomhach.

**Próiseas Origin Green ag Leibhéal Déantúsaíochta**




Tríd na Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta de chuid Bord Bia aithníonn feirmeoirí go mbainfidh siad leas as ar dhá bhealach trína sonraí feidhmíochta inbhuanaithe a roinnt:


- faigheann siad aiseolas soiléir ar an gcomparáid lena piaraí mar aon le treoir ar an gcaoi lena n-éifeachtúlacht táirgeachta féin a fheabhsú, agus,
- cuireann siad tuilleadh le cáil feirmeoireachta na hÉireann faoi ní hamháin bia ardcháilíochta a tháirgeadh ach bia atá inbhuanaithe freisin.

Is é an meánlorg carbóin ar fud feirmeacha rannpháirteacha anois ná 11.58 cileagram de choibhéis dé-ocsaíd charbóin (CO2e) an cileagram (kg) de bheomheáchan mairteola i gcoinne mean de 11.59kg CO2e/kg mairteola i 2015.

Ó thosaigh iniúchtaí carbóin ar fud feirmeacha déiríochta in Éirinn tá laghdú marthanach sa mheánlorg carbóin ó 1.21kg CO2e/kg saille & bainne próitéin ceartaithe i 2014 go 1.14kg CO2e/kg i 2016.



**Cén chaoi a n-oibríonn Measúnuithe Feirme?**




## AISEOLAS CURTHA CHUIG GACH FEIRMEOIR

Tá mórfheachtas cumarsáide margaíochta trádála idirnáisiúnta ar bun ag Bord Bia d'Origin Green lena n-áirítear fógraíocht trádála, aontaí trádála idirnáisiúnta, 10 nAmbasadóir Origin Green á socrú i bpríomh-mhargaí onnmhairí atá ag teacht chun cinn, cuairteanna iriseoirí agus na meán go hÉirinn a óstáil, etc.

### DÁMHACHTAINÍ TÁIRGEORA INBHUANAITHE ORIGIN GREEN

Thug Bord Bia urraim do na feirmeoirí is inbhuanaithe in Éirinn trína Dhámhachtainí Táirgeora Déiríochta agus Mairteola Inbhuanaithe. Díríonn na Dámhachtainí ar bhéim a chur ar an nasc idir inbhuanaitheacht chomhshaoil agus táirgeacht éifeachtach déiríochta agus mairteola ag leibhéal na feirme. Tá buaiteoirí an Ghradaim ar na daoine is fearr feidhmíochta i linn de bheagnach 60,000 feirm a ndearnadh suirbhé orthu sa Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta de chuid Bord Bia don mhairteoil agus don déiríocht go háirithe maidir lena lorg carbóin, bithéagsúlacht agus bainistiú uisce.

### DÁMHACHTAINÍ MAIRTEOLA – BUAITEOIRÍ FORIOMLÁNA NA CATAGÓIRE

**An Catagóir - Bó Diúil go Mairteoil:** Tá ceann de na rátaí breithe is airde sa tír ag tréad bó diúil Alfie Kirwan gar do Chill Íomair, Co. na Gaillimhe agus tá sé ag aistriú anois go táirgeacht orgánach, spreagtha ag an éileamh ar an margadh nideoige préimhe seo.

**An Chatagóir Lao go Lao Coiscthe/Stór:** Tugadh aitheantas do Neville Myles, ó Bhéal Átha Seanaigh i gContae Dhún na nGall a bhfuil tréad de 70 bó diúil aige as ucht cáilíocht a phóraithe agus a bhainistiú féaraigh a tháirgeann laonna coiscthe ardfheidhmíochta.

**An Chatagóir - Lao Coiscthe/Stór go Mairteoil:** Déanann Kieran Dooley, atá lonnaithe sa Tulach Mhór, mar aon lena dheartháir Brian agus a mhac Joe, speisialú i ndianchríochnú tarbh óga agus budóga ilchríocha folaíochta agus tá fócas géar acu ar éileamh margaidh.

**An Chatagóir Lao Déiríochta go Mairteoil:** Tá na deartháireacha Pat agus Tom Redmond i mbun fiontair shuntasaigh lao go mairteoil i nGuaire, Contae Loch Garman. Déantar comhordú ar an dtáirgeadh chun go ndéantar 10 mbodóg ardcháilíochta Angus crosáilte a chríochnú in aghaidh na seachtaine chun mairteoil a chur ar fáil do dhá óstán teaghlaigh i nGuaire.

### DÁMHACHTAINÍ DÉIRÍOCHTA – BUAITEOIRÍ FORIOMLÁNA NA CATAGÓIRE

**An Chatagóir – Tréad Beag/Meánmhéid:** Bíonn fuadar faoin táirgeacht ar fheirm déiríochta John Joe and Theresa O'Sullivan i Ros Ó gCairbre i gContae Chorcaí, a sholáthraíonn do Chomharchumann Lios an Bhaird, dar leis na moltóirí. Blíonn siad 70 bó ar 45 heicteár, agus na ba ag innilt breis agus 300 lá sa bhliain gach bliain. Tugadh ar aird gur príomhghné an bhithéagsúlacht ar an sárfheirm déiríochta seo le gnáthóg, roinnt coillearnach, dún ársa agus úllord áit a gcleachtann John Joe an bheachaireacht mar chaitheamh aimsire.

**An Chatagóir –Bainne Leachtach/Geimhridh:** Tá tomhas agus bainistiú féarach in úsáid ag Dermot Sherry, Drumhillock, Contae Mhuineacháin chun táirgeacht a fheabhsú ar a fheirm. Agus soláthar á dhéanamh do Chomharchumann LacPatrick, shroich líon na mbó buaic de 118 i mbliana, ardú ó 70 gan ach roinnt blianta ó shin.

**An Chatagóir – Laghdú Lorg Carbóin:** Tá athruithe beaga déanta ag Patrick Brennan, feirmeoir lasmuigh de Bhaile an Gharraí, Contae Thiobraid Árann, a bhlíonn breis agus 170 bó agus a sholáthraíonn do Chomharchumann, ach bhí gnóthachtálacha móra éifeachtúlachta de thoradh orthu. D'fhág pointeáilteacht Patrick agus mionathruithe ar a chóras gur laghdaíodh lorg carbóin na feirme seo.

**An Chatagóir – An Tréad Mór:** Chuaigh John Hannigan ó Dhrom Collachair, Contae Luimnigh, a sholáthraíonn do Chomharchumann Chiarraí, agus a dhírigh ar phórú chun bonn láidir a chur faoina fheirm de bhreis agus 110 bó Freaslannacha, i bhfeidhm go mór ar na moltóirí.

## LÉARGAS TOMHALTÓRA & MARGAIDH

### FOIREANN LÉARGAS MARGAIDH & TOMHALTÓRA BHORD BIA

Cibé an spreagtha ag athruithe in áit an mhargaidh, brúnna iomaíocha nó an mhian rud éigin níos mó agus níos fearr a chruthú, tá gnólachtaí bia agus dí ag déanamh mionathruithe agus athshainiú de shíor ar an gcaoi a n-oibríonn siad agus ar an rud a dtáirgíonn siad. Glacann Foireann Léargas Margaidh agus Tomhaltóra Bhord Bia mar chúram a chinntiú go bhfuil an tomhaltóir i gcroí lár straitéisí nuálaíochta agus margaíochta do ghnólachtaí bia agus dí na hÉireann. Oibríonn an fhoireann le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann ag cur rochtain ar fáil ar *eolas domhanda, eolas agus taithí catagóire speisialaithe, agus scileanna taighde gairmiúil agus éascaithe* ó smaointeoirí margaíochta samhlaíocha agus soiléire.

### THE THINKING HOUSE

I rith 2016 bhunaíomar Ionad Léargais Bhord Bia mar ionad Léargais den scoth. D'fhaomhaigh an Bord cruthú ***The Thinking House***– Ionad Léargais nua lámh lenár n-oifigí ar Shráid an Mhóta Íochtarach. Agus é brandáilte don tionscal mar *Thinking House* Bhord Bia, tugadh tógáil agus feistiú an ionaid chun críocha i Meitheamh 2016. Is é fís agus cuspóir an lárionaid seo den scoth Éire a ardú ina náisiún táirgthe bia comhaimseartha den 21ú haois a dhéanann tráchtálú ar tháirgeadh bia ag teacht le fíor-riachtanais an tomhaltóra.

Tá an *Thinking House* ceaptha a chinntiú go dtosóidh na slabhraí brandála agus nuálaíochta ar fud tionscal dí agus bia na hÉireann, leis

an tomhaltóir, agus go gcríochnóidh siad leis an tomhaltóir. Is spás a bheidh ann do chomhoibriú, do chomhtháthú agus d'idirghníomh - campas a bhriseann síos stórtha agus a nascann a páirtithe leasmhara - fóram leis an rud a theastaíonn ón tionscal a chur in iúl don phobal taighde agus vice versa – táirgí inscálaithe, inbhuanaithe bunaithe ar riachtanas tomhaltóra.

Seoladh *The Thinking House* go hoifigiúil do gach earnáil den tionscal. D'fhág seoltaí tiomnaithe go mbeidh ionadaithe tionscail i láthair ag lá seolta saincheaptha. Áiríodh orthu seo turais ar an ionad, líonrú agus scaipeadh na staidéar léargais ábhartha is deireanaí á reáchtáil ag an bhfoireann Léargas Margaidh & Tomhaltóra.  Is é an tAire Michael Creed TD a sheol an tIonad do cheannairí tionscail. Bhí seoltaí sonracha ann freisin d'earnálacha feola, bianna ullmhaithe, táirgeoirí ceardaí, déiríocht agus bia farraige tionscal an bhia, mar aon leis na meáin.

## OBAIR ATÁ SONRACH DO CHUIDEACHTA

Leanann ***Leabhair Oibre Brandála agus Nuálaíochta*** Bhord Bia agus cur chuige struchtúrtha fócasaithe ar thomhaltóir do nuálaíocht agus brandáil rathúil do chuideachtaí bia agus dí á chur ar fáil. Leanann Bord Bia ag tabhairt tacaíochta do chuideachtaí móra agus ar mheánmhéid agus i rith 2016 d'oibrigh le 100 cuideachta thar thionscadail straitéise, brandála agus nuálaíochta aonair. Sháraigh an líon seo an meánsprioc de 75 cuideachta faoi Mheán Fómhair 2017 agus an sprioc-aschur de 60 tionscadal chun branda aonair agus NPD a shuíomh do 2016. Den 100 tionscadal seo, tharla 16 tionscadal léargais laistigh den mhargadh baile, tugadh 17 chun críche i margaí thar lear, bhí 22 tionscadal *SuperBrands* ar siúl ar fud na hÉireann agus na RA, agus, tugadh 26 tionscadal brandála eile chun críche iad uile ag cuidiú le brandaí Éireannacha a chruthú agus a neartú.

Feidhmíonn cuideachtaí beaga bia agus dí i dtimpeallacht thapa agus spreagúil agus tá earnáil ghnólachtaí beaga na hÉireann ag fás go seasta. Tá Brandáil agus Nuálaíocht lárnach d'fhás inbhuanaithe agus rathúil do chuid mhaith gnólachtaí beaga. Chun dul san iomaíocht go rathúil le brandaí níos nó agus níos seanbhunaithe caithfidh táirgeoirí bia agus dí na hÉireann a Superbrands féin a chruthú. Is é ***SuperBrands do Ghnólachtaí níos Lú*** clár Fhoireann Léargas Margaidh & Tomhaltóra Bhord Bia atá ceaptha brandaí beaga a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile. Trí thaighde margaíochta agus comhairleoireacht shaincheaptha, cuidíonn an clár Superbrands le húinéirí branda beaga a straitéis brandála agus a ndearadh pacáistithe a fhorbairt. Seoladh é i 2015 agus tá an clár tar éis oibriú le 15 cuideachta.

Tá an clár forbartha branda seo talmhaithe i léargas tomhaltóra agus i rith 2016 d'oibríomar le 17 cuideachta mar chuid den tionscnamh seo.



## TREOCHTAÍ & RÉAMHFHÉACHAINT

I Meitheamh 2015, seoladh an t-eagrán nua de ***Treochtaí Stílmhaireachtála Tomhaltóra***. Aithníonn an clár na treochtaí is mó a mhúnlaíonn saolta daoine thar na chéad trí go cúig bliana. Trí choinneáil suas le treochtaí agus a thuiscint céard é atá le teacht, cuidíonn an clár le cuideachtaí laistigh den tionscal bia agus dí in Éirinn ullmhú níos fearr do riachtanais agus do mhianta a dtomhaltóirí, in Éirinn agus thar lear. Is iad na sé Treocht: Saolta Gnóthacha;

Taithí Roinnte, Iarrthóirí Luach Pearsanta, Maireachtáil Fhreagrach, Sláinte agus Folláine agus Á Choimeád Réadach.

Chun a chinntiú go mbíonn an clár CLT ábhartha i gcónaí agus é in uachtar ag cuideachtaí déanaimid athnuachan go rialta ar an gclár le samplaí nua treochta mar chuid de spotsholas dírithe ar gach treocht. Breathnaímid freisin ar threochtaí agus ar dheiseanna domhanda trínár mórábhair dhémhíosúla. Áiríodh ar na mór ábhair do 2016; *Tomhaltóirí Nua na hAfraice* –a aithníonn mór-roinn na hAfraice mar dheis fáis don onnmhairiú. *An Geilleagar Uber All* – ceann a thuigeann samhlacha gnó athraitheacha atá á ngiaráil ag an dul chun cinn sa teicneolaíocht. *Na Comórthaí Céad Bliain* – cén chaoi le do ghníomhaíochtaí a chur in oiriúint d'iompair agus do mheon cohórt tomhaltóra domhanda de mhéid 2.46 billiún. *Mná*: tumadh domhain i dtodhchaí ban, mar thomhaltóirí agus mar mhúnlóirí cultúir.

Chun smaointe agus cruthaitheacht a spreagadh agus chun cuidiú le cuideachtaí agus le fiontraithe le giniúint nuálaíochta céad céime, eagraíonn foireann Léargais ***Inspirations Expeditions***. Bíonn cuairteanna tumtha margaidh gríosaitheachta i gceist sa tionscnamh seo a bhreathnaíonn ar chultúr bia áitiúil agus treochtaí tomhaltóra infheicthe bunaithe thart ar ár sé Threocht Stílmhaireachtála Tomhaltóra féin.

I mbliana thugamar cuairt ar Vítneam agus chlúdaigh cathracha Ho Chi Minh agus Hanoi, ionadaithe ó raon leathan cuideachtaí bia agus di á dtabhairt linn. Bhí mionturas go dtí an Iaráin i gceist i gcomhar le misean trádála. Ghlac thart ar 25 cuideachta páirt i gclár 2016.

## STAIDÉAR TOMHALTÓRA AGUS CATAGÓIRE

I rith 2016 rinneamar coimisiúnú ar 10 staidéar léargais agus scaipeamar iad. Scaiptear na staidéir léargais seo de chuid Bord Bia ag leibhéal earnálach tríd ár Seisiúin Léargais áit a bhfreastalaíonn ionadaithe cuideachta ar na seisiúin faisnéise laistigh den *Thinking House*. Féadfaidh an freastal athrú de réir an staidéir ach sáraíonn ár bhfreastal bliantúil 250 lucht freastail.

### Bácáil bhaile

Tá fás bliain ar bhliain ar bhácáil bhaile in Éirinn. Ainneoin an fháis tá roinnt dúshlán fós roimh chuideachtaí comhábhar agus bácála: ar an gcéad dul síos, fás a thiomáint trí shuim a choinneáil ag imeacht sa chatagóir agus tuilleadh ócáidí úsáide a spreagadh; ar an dara dul síos, dul san iomaíocht leis an líon ard táirgí le lipéad príobháideach agus onnmhairithe agus sa tríú háit nuálaíocht a chothú agus tuilleadh ócáidí úsáide a spreagadh.

### Staidéar Iógart sa RA

Aithníodh cúig dheis a bhí ag teacht chun cinn do mhargadh na RA: Léiríonn Ábhar Níos Simplí fonn go mbeadh liosta gearr comhábhair agus gan aon bhreisithe. Díríonn Ionbhá leis an bhfoinse ar bhraistint scála daonna agus an muinín sa táirgeadh. Tá formáidí uathúla (neamh-chomhréireacht sa chruthú/dath/ábhair) á lorg ag tomhaltóirí agus sioncronacht (comhábhar faiseanta/tuairisceoir). Bíonn dúil freisin i bpléisiúr iomlán, ónar féidir nasc mothúchánach láidir a chruthú do bhrandaí.

### Aosú Folláin

Is ionann iad siúd in aois 50 plus agus 25% den daonra sa RA agus tá figiúr comhchosúil in Éirinn. Faoi 2032, méadóidh líon na ndaoine in aois a 65+ sa RA de 61%. Agus na méaduithe móra tuartha sa daonra dóibh siúd in aois a 50+, nílimid ag caint ar 'mheánaosachas leathnaithe; in áit "scothaosta" Athróidh riachtanais chothaithe an aoisghrúpa seo atá ag éirí níos gníomhaí toisc go bhfuil siad ag obair agus ag maireachtáil níos faide. Tabharfar tosaíocht níos mo d'fhoinsí sláintiúla fuinnimh agus bia le buntáistí feidhme de réir mar a bhíonn daoine gníomhach go heacnamaíoch, go fisiciúil agus ó thaobh meabhrach go dtí céim níos deireanaí ina saol, agus teastaíonn blianta níos iomláine ar scor uathu.

### Dearcthaí tomhaltóra ar Bhia Farraige in Éirinn

Tá an tóir ar bhia farraige méadaithe le blianta beaga anuas, agus cuid mhór tomhaltóirí a rá go simplí go raibh rogha níos mó le fáil i mbia farraige sa lá atá inniu ann. Ach tá an oidhreacht 'iasc ar an Aoine' ann i gcónaí do roinnt mhaith tomhaltóirí Éireannacha, a fhágann gur 'béile seachtainiúil' atá in iasc/táirgí bia farraige' do 43% de thomhaltóirí bia farraige na hÉireann. Ar cheann de na príomhthorthaí maidir le staid riachtanais agus spreagadh chun ceannaigh áirítear go bhfuil táirgí éisc reoite bainteach i bhfad níos láidre le riachtanais Treoraithe ón Taobh amuigh mar chócaireacht don chlann, taitneamh a bhaint as an mblas agus cócaireacht atá éifeachtach ó thaobh ama. Fágann sé seo bia farraige reoite in áit mhaith le rochtain a fháil ar ócáidí béile teaghlaigh sa mbaile. Os a choinne sin tá iasc agus bia

farraige úr bainteach níos éasca le staid riachtanais Treoraithe ón Taobh istigh agus mar sin le ócáidí béilí nach dtarlaíonn chomh minic sin.



### Ócáid an Bhricfeasta a thuiscint

Rinne an staidéar *"The Breakfast Club"* anailís ar dhearcthaí tomhaltóra maidir le bricfeasta agus cuideoidh sé chun treoir a thabhairt do thionscal bia agus dí na hÉireann ar nuálaíocht, brandáil agus deiseanna margaíochta bricfeasta sa todhchaí. Is iad tósta, gránach, leite agus uibheacha na príomhearraí ar an mbiachlár a itear sa mbaile. Tagann tae agus sú roimh chaife ó thaobh an rogha óil. Áirítear gur fiú an margadh bricfeasta iomlán lasmuigh den bhaile breis agus €12m in aghaidh na seachtaine, beár ceapaire agus caiféanna is bun le beagnach a leath den mhargadh. Tá an meánchaiteachas níos airde i siopaí caifé speisialaithe.

### Siúcra, céard atá i gceist leis inniu?

Tá tomhaltóirí ag iarraidh athchothromú a dhéanamh ar na scálaí. Ní shin le rá go bhfágtar siúcra as go hiomlán ach tomhaltóirí a chumasú chun ithe ar bhealach níos rialaithe agus níos taitneamhaí. Táthar tar éis bogadh ó mhearbhall faoi siúcra go dtí cumhachtú tríd an lipéad a sheiceáil, leideanna soiléire a lorg agus oideachas a chur ort féin. Leanann an feabhas ar thuiscint tomhaltóra maidir le siúcra a bhíonn ann go nádúrtha versus siúcra breise nó mínphróiseáilte, agus léirítear é seo i roghanna táirgí.

### Feasacht Tomhaltóra ar úlla & sútha talún na hÉireann a thuiscint

Rinne an staidéar seo iarracht leibhéil feasachta ar úlla agus ar shútha talún a fhástar in Éirinn a thuiscint. Agus anailís á dhéanamh ar shonraí Kantar faoi tháirge úr, léirítear ardú ar chaiteachas tomhaltóra ag ceann préimhe den chatagóir úlla, is é sin an branda Pink Lady. Cinneadh go raibh feasacht tomhaltóra ar úlla milse na hÉireann an-íseal, ach nuair a músclaíodh feasacht, tuiscint agus nuair a baineadh trial astu d'fhéadfaí úlla milse na hÉireann a shuíomh mar úll milis préimhe. Ach fágann an sofheictheacht agus an dáileadh teoranta in asraonta miondíola go bhfuil rochtain ar úlla milse na hÉireann teoranta.

### Dearcthaí tomhaltóra & spreagthachtaí i dtreo Bia Áitiúil a thuiscint

I 2007 & 2010 reáchtálamar dhá staidéar a rinne iniúchadh ar dhearcthaí tomhaltóra i leith Bia Áitiúil. Rinne na staidéir seo iarracht a thuiscint cén sainmhíniú a bhí ag tomhaltóir ar áitiúil agus céard iad an spreagadh chun ceannaigh. Chinn an staidéar is deireanaí nár tháinig aon athrú suntasach ar shainmhíniú an tomhaltóra ar Bhia áitiúil; gaireacht nó bunáitíocht táirgeora áitiúil atá ann i gcónaí. Bhí sé suimiúil a thabhairt ar aird go raibh Bia Áitiúil anois ina chatagóir, is rud príomhshrutha anois é agus é daingnithe inár ngnáthiompar nó iompar rialta ceannaigh. Áirítear go bhfuil bia áitiúil i bhfad níos inrochtaine sa lá atá inniu ann agus is rud suntasach é meas tomhaltóra ar infhaighteacht leanúnach.

### Coiste Taighde Iomaíoch DAFM

Mar chuid de phleananna 2016 chun eolas táirgeachta agus margaidh a chur ar fáil don tionscal i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, bhí baint ag Bord Bia le Coiste Taighde Iomaíoch na Roinne. Seachadadh léargas Margaidh & Cultúrtha do na margaí Síneacha agus Vítneamacha roimh mhisean trádála á threorú ag an Aire Michael Creed i rith Meán Fómhair 2016.



D'oibrigh an fhoireann go dlúth freisin leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus mara i dtabhairt chun críche agus i scaipeadh taighde don tionscal lena n-áirítear áireamh ar tháirgeadh gairneoireachta, táirgeacht baint prátaí, iniúchtaí ar mhargaí miondíola, etc.

Éascaíonn an fhoireann taighde taighde tomhaltóra freisin i réimsí táirgí úra agus garraíodóireachta, margadh miondíola na RA, margadh miondíola táirge úir, treochtaí a rianú san earnáil taitneamhachta, etc. Is é an margadh táirge úir an príomh-mhargadh do dhíolacháin táirge úir agus déanann Bord Bia an margadh seo a thomhas go bliantúil tríd an soláthraí seirbhíse Kantar Worldpanel. Leanfaidh an mhonatóireacht seo i 2017. Is é Margadh Muisiriún Miondíola na RA an margadh is tábhachtaí d'onnmhairí muisiriún na hÉireann agus ceannaíonn Bord Bia, i gcomhar leis na cuideachtaí onnmhairithe, na sonraí miondíola ar mhargadh na RA. I 2016 rinneadh taighde ag tomhas an mhargaidh gharraíodóireachta in Éirinn. Beidh an tuarascáil dheiridh ar fáil in Eanáir 2017 nuair a chuirfear na torthaí in iúl don earnáil taitneamhachta. I 2016 rinneadh áireamh ar earnáil na nglasraí páirce.

## STAIDÉIR EITNEAGRAFACHA

### Feoil na hÉireann sa tSín

Ba é cuspóir an staidéir tuiscint a fháil ar an margadh don mhairteoil agus do mhuiceoil sa tSín agus an deis do mhairteoil agus do mhuiceoil na hÉireann a aithint. Rinne beirt bhall inmheánacha den fhoireann Léargais obair pháirce sa tSín i mí Lúnasa. Ba obair eitneagrafach í seo agus tugadh cuairteanna ar thithe tomhaltóirí.

### Deiseanna déiríochta san India

Thug beirt bhall den fhoireann léargais cuairt ar an India i rith mí na Samhna chun staidéar eitneagrafach a dhéanamh maidir leis an gcatagóir déiríochta chun deiseanna do chuideachtaí déiríochta Éireannacha a aithint. Thug an turas cuairt ar thrí chathair agus thug ár dtaighdeoirí cuairt ar thithe i ndeighleoga difriúla tomhaltóirí. Áiríodh sna cuairteanna seo freisin roinnt oícheanta aíochta leis na tomhaltóirí le taithí a fháil ar an saol mar a bhí acu siúd.

### Deiseanna déiríochta san Iaráin

Thug beirt bhall den fhoireann léargais cuairt ar roinnt cathracha san Iaráin le am a chaitheamh le tomhaltóirí áitiúla ina dtithe siúd. Rinne an staidéar iniúchadh ar iompar tomhaltóra áitiúil laistigh den chatagóir déiríochta ach ar leibhéal cultúrtha freisin chun deiseanna do chuideachtaí déiríochta Éireannacha a aithint.

## FÓRAM BRANDA 2016

Tá Fóram Branda Bhord Bia ag feidhmiú anois le 16 bliain anuas. Oibríonn sé le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann chun a mbrandaí agus a ngnó a fhorbairt agus a fhás. Cuireann sé raon uirlisí brandála atá tomhaltóir-lárnach agus pragmatach ó thaobh tráchtála ar fáil dá mbaill. Agus 200 cuideachta is ball rannpháirteach go gníomhach sa bhFóram Branda i 2016, cuireann an Fóram Branda deis líonraithe uathúil ar fáil. Tá sé oscailte agus cairdiúil agus is foinse uathúil comhairle é mar aon le mol don fhoghlaim agus don inspioráid araon.

Déanann an Fóram Branda imeachtaí a óstáil ar bhonn ráithiúil, rud a thugann deis dá bhaill seasamh siar ón dúshlán laethúil le go bhfaighidh siad inspioráid, go gcuirfear ar an eolas iad agus gur féidir leo nascadh le

comhghleacaithe tionscail. Agus cainteoirí branda sainithe acu ón tionscal bia & dí domhanda, cuireann an Fóram ceannaireacht smaointe ar fáil agus dea-chleachtas i mbrandáil. Ar na cainteoirí áiríodh: Graze, Heineken, Dominos, Keelings, Propercorn agus Glanbia.

Áiríodh ar raon ceardlanna neartaithe branda saincheaptha a tairgeadh do bhaill i 2016– Suíomh Branda, Dearadh Pacáistithe, Margaíocht ó Thaithí, Optamú cuardaigh físeáin, Grianghrafadóireacht Bia &do Thogra Ar Líne a Stíleáil agus a Fheabhsú. Bíonn na ceardlanna seo go léir saincheaptha d'úinéirí branda bia agus dí.

Chuaigh an Fóram Branda i bpáirt le 15 ball den Fhóram Branda le fístéipeanna oidis a dhéanamh go dtí na caighdeáin léirithe is airde. Ina theannta, tugadh cúnamh d'úinéirí branda a bhí rannpháirteach leis an gcuardach d'fhístéipeanna oidis a optamú.

Tairgeann an Fóram Branda cruinnithe faisnéise Stiúrthóra freisin a thugann deis do cheannairí tionscail a bheith rannpháirteach i seisiúin géarchúiseach Q&A le príomh-shaineolaithe tionscail. Ar na buaicphointí i 2016 bhí cruinniú faisnéise le Seán O'Driscoll, Uachtarán Glen Dimplex.

Don chúigiú bliain as a chéile rinne an Fóram Branda *Health Check* le 54 branda. Is suirbhé siopadóirí grósaeireachta ar scála mór, ar líne, é seo thar 45 catagóir. Tá sé ceaptha eolas tábhachtach a bhailiú agus a anailísiú chun cuidiú le húinéirí branda mar Fheasacht Bhranda, Breithniú Branda, Taithí Branda, Cothromaíocht Bhranda, Tiomantas Branda, Ionchas Todhchaí Branda agus méadracht fhoriomlán Sláinte Branda.

### SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE & EOLAIS

Coinníonn Bord Bia seirbhís eolais & leabharlainne ardchaighdeáin chun cuidiú le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann cinntí straitéiseacha níos eolasaí agus níos fearr a dhéanamh. Féadfaidh an tionscal agraibhia cuardaigh eolais ghairmiúla a lorg ó fhoireann leabharlannaithe cáilithe a chuireann rochtain ar léargas margaidh agus tomhaltóra ar fáil a theastaíonn chun dul san iomaíocht go rathúil sna margaí baile agus domhanda. I rith na bliana bhainistigh ár bhfoireann leabharlannaithe breis agus 2,800 cuardach eolais thar cheann an tionscail, an fhoireann léargais agus foireann mhargaidh & earnála laistigh de Bhord Bia.

Bíonn *Food Alert* á fhoilsiú i gcónaí ar láithreán gréasáin Bhord Bia agus ríomhphoist á gcur chuig 2,000 síntiúsóir gach seachtain ag tarraingt aird ar na príomhathruithe/saincheisteanna a tharlaíonn sa tionscal. D'ardaigh an figiúr seo de 500 síntiúsóir le bliain anuas. Díríonn *Food Alert* peirspictíocht Bhord Bia ar na forbairtí is deireanaí sa tionscal bia agus dí ar fud an domhain, mar aon le heolas margaidh cothrom le dáta a chur ar fáil. Bíonn an obair seo le feiceáil go rialta ar na meáin idirnáisiúnta agus náisiúnta.

Tá an fhoireann leabharlainne tar éis clár *Webinar* nua a chur ar bun a reáchtáiltear sa seomra Taighde Tomhaltóra laistigh den *Thinking House*. Cuirtear seimineár gréasáin difriúil ar fáil gach seachtain don fhoireann inmheánach a chlúdaíonn topaicí agus catagóirí difriúla. Seachadtar iad seo trínár soláthraithe seirbhíse leabharlainne mar Mintel agus Kantar.

## FOOD WORKS – FIONTRAITHE BIA DOMHANDA A CHRUTHÚ

Is clár géaraithe é **Food Works** d'fhiontraithe bia ar mian leo gnólachtaí onnmhairithe inscálaithe a thógáil. Tar éis próiseas roghnaithe pitseála iomaíoch cuireann an clár tacaíochtaí saincheaptha diana ar fáil do líon beag fiontraithe. Tugadh an 4ú timthriall den chlár chun críche i 2016 le 68 céimí go dtí seo, aithnítear Food Works agus breathnaítear air mar chlár ardspeisialaithe a bhfuil píplíne de ghnóthlachtaí rathúla bia agus dí á sheachadadh aige. Lean comhpháirtithe an chláir, Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus Teagasc ag obair le hiar-rannpháirtithe tríd an alumni, Food Works Plus. I 2016 reáchtáladh dhá imeacht alumni mar aon le cuairt staidéir ar Pháras, comhcheangailte le cruinnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna gnó.

## ASCENT

Tairgeann Bord Bia cúnamh saincheaptha do chuideachtaí beaga tríd an gclár ***Ascent*** ar seirbhís saincheaptha í atá ceaptha diantacaíocht a thabhairt do ghrúpa beag cuideachtaí agus iad ag athrú go dtí céim fáis níos ionsaithí. Aithnítear go dteastaíonn athbhreithniú ar straitéis cuideachta, a scileanna agus a hacmhainní ag an gcéim seo leis na hathruithe forbartha riachtanacha a

dhéanamh ag an staid seo. Déantar Ascent a sheachadadh thar meascán do chóitseáil duine ar dhuine, líonrú piara, gnó straitéiseach agus athbhreithnithe catagóire, agus léargas tomhaltóra ag díriú ar nuálaíocht bhranda agus táirge. Is é cuspóir soiléir an chláir aon deacrachtaí a aithint atá ag cur isteach ar a gcéad chéim eile fáis agus chun cuidiú le cur chun feidhme na n-athruithe riachtanacha. I 2016, thug thart ar 11 chuideachta an clár chun críche.

## SEIRBHÍSÍ MARGAÍOCHTA

### AONTAÍ TRÁDÁLA/TAISPEÁNTAIS/ IMEACHTAÍ

Rinne an Rannóg Imeachtaí Margaíochta 52 imeacht in iomlán a bhainistiú thar na hearnálacha tionscail agus na hardáin phromóisin go léir.

Dearadh, tógadh agus eagraíodh seastáin *Origin Green* na hÉireann ag 22 aonach trádála agus taispeántais idirnáisiúnta i 2016, a raibh lucht éisteachta sa bhreis ar 792,000 ceannaitheoir agus cuairteoir i gcomhar, i láthair acu.

Ag teacht le straitéis Bhord Bia chun bealaí go dtí an margadh a choinneáil, ghlac Bord Bia páirt ag príomhsheónna móra *ESE* agus *SIAL* mar aon le aontaí trádála earnáil shonrach mar *ISM* (milseogra), *Biofach* (orgánach), *PLMA* (lipéad príobháideach), *Prowein* (deochanna alcólacha), *Speciality & Fine Food Fair* (táirgí ceardaí), *Conxemar* (bia farraige), *Chinese Fisheries, Seafood Expo*, *CIMIE* (feoil). Áiríodh ar thaispeántais a dhírigh ar réigiún ar leith *Gulfood* in Dubai, *SIAL China* i Shanghai, *Golden October Fair Moscow* agus *Food & Hospitality South Africa*.

Agus iad ag tacú le cuideachtaí Éireannacha agus gnó nua á lorg acu ghlac an earnáil bianna ullmhaithe páirt den chéad uair i *Free From Food* in Amstardam agus *Lunch* i Londain. Bhí an earnáil feola agus beostoic rannpháirteach i *Fieragricola* san Iodáil agus an *US Meat Conference & Exhibition* i Nashville i SAM. Ghlac cuideachtaí bia farraige páirt ag *Boston Seafood*. Eagraíodh imeacht *Meet the Buyer* i Vársá sa Pholainn.

Cuireadh béim ar thábhacht réigiún an Mheánoirthir le rannpháirtíocht ag dhá thaispeántas in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha *Gulfood* i Dubai agus *GIFA Exhibition & Conference*. Thug an ceann deireanach sin deis do Phríomhfheidhmeannach na linne, Aidan Cotter tús a chur leis an gcomhdháil le cur i láthair agus plé ar *Origin Green*.

Eagraíodh trí Mhisean Trádála Aireachta i 2016, an chéad cheann san Iaráin san Aibreán. Bhí misean go dtí Vítneam, an tSín agus Singeapór i Meán Fómhair agus bhí an tríú ceann ar siúl san Ailgéir agus í Maracó i mí na Samhna.

Ar na príomhimeachtaí a eagraíodh in Éirinn áiríodh an Cruinniú Faisnéise Tionscail ar an mBreatimeacht, rannpháirtíocht ag *Agri Careers Exhibition* an IFJ, Mairteoil 2016. Rinne an Rannóg Imeachtaí Margaíochta suiteáil an *Food Village*, Gníomhaíocht ó Thaithí *Origin Green* agus an lónadóireacht fhoriomlán ag Bloom a bhainistiú agus is iad a d'eagraigh láithreacht Bhord Bia ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta freisin. Ar ghníomhaíocht urraíochta Bhord Bia áiríodh *Mojocon 2016*.

Chuaigh Bord Bia i gcomhar le BIM ag Seafest i mí Iúil a bhí ar siúl mar chuid den chlár foriomlán 2 lá. D'eagraigh Bord Bia agus reáchtáil léiriú ar chócaireacht bia farraige agus ar cheannacht éisc agus bhí suas le 10 gcuideachta bia farraige áitiúla páirteach i margadh bia ar an lá.

Ar ghníomhaíochtaí eile áiríodh Dámhachtainí Feirmeora *Origin Green*, na Dámhachtainí Orgánacha Náisiúnta, clár imeachtaí an Fhóraim Branda, an Chomhdháil Éanlaith Chlóis & Uibheacha, Seimineár Seirbhíse Bia agus Seimineár na Margaí Feola.

### URRAÍOCHTAÍ

I rith 2016, rinne Bord Bia urraíocht ar an seachtú sraith de *Home Chef* le Neven Maguire ar RTÉ 1 dírithe ar thuiscint tomhaltóra ar an Marc Cáilíochta a mhéadú agus dílseacht dó a mhéadú. Léirigh an tsraith seo de 7 gclár Neven Maguire ag taispeáint don lucht féachana cén chaoi le béilí laethúla a dhéanamh don chlann agus comhábhair Dearbhaithe Cáilíochta, foinsithe go háitiúil, in úsáid iontu. Bhí roinnt aíonna ar an tsraith freisin a labhair le Neven ar thábhacht sláinte, folláine agus ar an ngá atá le aiste bia cothromaithe. Mheall sraith 2016 258,000 lucht féachana in aghaidh an chláir ar an meán. Díobh siúd a bhí feasach ar an urraíocht nó a raibh an clár feicthe acu, d'aontaigh 210,000 duine fásta go mbeadh sé níos dóchúla go gceannóidís bia leis an Marc Cáilíochta dá bharr.

Leanann tionchar na sraithe ag fás agus 280,000 duine ag maíomh go raibh tionchar dearfach aici ar a gclaonadh chun táirge Dearbhaithe Cáilíochta a cheannach.

Ar urraíochtaí dámhachtana i 2016 áiríodh catagóirí bia agus dí Chónaidhm na nGnólachtaí beaga agus Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann, mar aon leis an gCatagóir Ardchuraidh agus catagóir an Táirgeoir Ceardaí is Fearr ag dámhachtainí Blas na hÉireann.

Thug roinnt imeachtaí agus comhdhálacha bainteach le himeachtaí agraibhia deiseanna do Bhord Bia an chuid is fearr de tháirgí bia agus dí na hÉireann a thaispeáint agus béim a chur ar Chlár Inbhuanaitheachta *Origin Green* do lucht éisteachta idirnáisiúnta. Áiríodh orthu seo Cruinniú Mullaigh Bia Domhanda IUFOST i mBaile Átha Cliath, an Siompóisiam *Food on the Edge* i nGaillimh, an Siompóisiam Chomhnaidhm Déiríochta Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath, Féile Liteartha Bia Bhaile Uí Mhaoluaidh, Fóram Bia Chorcaí/Chiarraí, agus an tSeachtain Náisiúnta Eolaíochta.

## AIRGEADAS MARGAÍOCHTA

I 2016 d'fheidhmigh Bord Bia trí chlár deontas margaíochta, le tabhairt isteach an Chláir Diansaothraithe Margaíochta (MIP) taobh leis an gClár Cúnaimh Margaíochta (MAP) agus an Clár Athrú Céime (SCP). Bhí an MIP dírithe ar tháirgeoirí bia agus dí na hÉireann a fheidhmíonn le láimhdeachas idir €1m agus €30m agus a onnmhairíonn 20% ar a laghad dá láimhdeachas go dtí an RA. Ba é cuspóir an MIP tacaíochtaí margaíochta spriocdhírithe a chur ar fáil do chuideachtaí le ardspleáchas ar mhargaí na RA. Chuir an cúnamh ar chumas cuideachtaí a suíomh a neartú sa mhargadh sin agus ina n-iarrachtaí ar éagsúlú margaidh.

Bhí MAP oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le láimhdeachas sa raon €100k agus €3.5m. Bhí an SCP, faoina raibh  suas le €50,000 ar fáil le cuidiú le "tionscadal/ gníomhaíocht nua" suntasach a raibh mórathrú céime nó athrú don chuideachta i gceist leis, oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a bhfuil láimhdeachas sa raon €100k go €5 milliún acu. Cuireann na deontais margaíochta seo cúnamh ar fáil d'fhiontair bia chun a dteicníochtaí agus a n-acmhainní margaíochta a fheabhsú.

I rith 2016, tugadh faomhadh do 32 cuideachta do €655,000 in iomlán faoin MIP; tugadh faomhadh €826,500 in iomlán do 208 cuideachta sna hearnálacha cáis tí feirme, dí, déiríocht fhuaraithe, milseogra, báicéireacht, bianna ullmhaithe, charcuterie, bia farraige agus gairneoireacht faoin MAP, agus tugadh faomhadh do €400,000 in iomlán do 11 chuideachta eile faoin SCP. Íocadh deontais arbh fhiú €1,299,060 in iomlán le 12 cuideachta i rith na bliana thar na trí chlár.

## AN MARGADH BAILE

Bhí clár margaíochta an Mharc Cáilíochta mar chuid den cholún straitéiseach 'Cumarsáid Bhranda san Aois Dhigiteach'. Ba é an aidhm fhoriomlán dílseacht siopadóirí Éireannacha agus ceannach bia leis an Marc Cáilíochta a mhéadú. Baintear é seo amach trí chuntas a thabhairt ar na caighdeáin cháilíochta, na próisis iniúchta agus an inrianaitheacht taobh thiar den Mharc agus ábharthacht na mbuntáistí seo do lucht siopadóireachta. Rinneadh na teachtaireachtaí seo a chomhtháthú ar fud na ngníomhaíochtaí cineálacha go léir ar an Marc Cáilíochta agus ar fud na gclár margaíochta d'uaineoil, do liamhás & bagún agus uibheacha.

Ag díriú ar shiopadóirí grósaeireachta baineann 30-60 bliain d'aois, áiríodh ar ghníomhaíochtaí cineálacha urraíocht ar chlár teilifíse RTÉ 'Home Chef' le Neven Maguire, promóisean feola leis an Marc Cáilíochta ag Bloom agus monatóireacht ar chion na dtáirgí feola leis an Marc ar fud miondíoltóirí.

Baineadh méadú ar mhinicíocht chaithimh raon feola agus uibheacha amach go príomha trí fhógraíocht TV, gníomhaíochtaí PR agus forbairt agus cur sa timpeall ábhair dhigitigh nua. Reáchtáladh naoi bhfeachtas i 2016 lena n-áirítear ocht seachtain déag d'fhógraíocht ar an teilifís. Lean an feachtas 'Just Ask' freisin chun spreagadh a thabhairt do bhialanna béim a chur ar bhunús agus soláthraithe na feola ar a mbiachláir dá gcustaiméirí.

Measann lucht siopadóireachta gurb é Marc Cáilíochta Bhord Bia an foinse ceannasach dearbhaithe ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar bhunús bia ar an margadh baile i gcónaí. Tá 91% de shiopadóirí grósaeireachta na hÉireann feasach ar an Marc agus díobh seo deir 72%  gur mó an seans go gceannóidís táirge bia tar éis an Marc Cáilíochta a fheiceáil air. Chomh maith leis seo bhíodar sásta 10% níos mó a íoc ar bhia dearbhaithe cáilíochta, rud a léiríonn láidreacht a dtiomantais don Mharc.

D'fhág an t-éileamh tomhaltóra méadaithe ar fheoil leis an Marc Cáilíochta ar a sheal gur mhéadaigh miondíoltóirí an cion spáis ar an seilf d'fheoil dearbhaithe cáilithe. Thar miondíoltóirí, mhéadaigh céatadán na n-aghaidheanna táirgí feola a raibh Marc Cáilíochta Bhord Bia orthu de 3% go dtí 70%.

Ainmníodh Bord Bia mar a eagraíocht is mo cáil in Éirinn dar le staidéar bliantúil Ireland RepTrak® 2016. Cuireadh agallamh ar bhreis agus 5,000 duine fásta mar chuid den staidéar agus is é an phríomhchúis a thugadar an vóta muiníní seo ná cumarsáidí Marc Cáilíochta Bhord Bia.

Ba í 2016 an chéad bhliain de straitéis sliogéisc trí bliana ar an margadh baile agus an fócas ar dhiúilicíní. Ba é an príomhchuspóir méid na ndiúilicíní Éireannacha a ceannaíodh in asraonta miondíola a mhéadú. Baineadh é seo amach trí dhíriú isteach ar shiopadóirí baineann le hioncam níos airde san aoisghrúpa 30 – 50 trí fhógraíocht preasa, raidió agus lasmuigh agus trí ghníomhaíochtaí digiteacha. Dá thoradh mhaígh príomhsholáthraí miondíola diúilicíní go raibh méadú 120% i méid na ndiúilicíní a díoladh le linn fheachtas Bhord Bia, rud a léiríonn an deis chun díolachán diúilicíní ar an margadh baile a thiomáint tuilleadh.

### COMHAIRLE TASTE

Is comhlacht deonach neamhspleách é Comhairle TASTE a dhéanann ionadaíocht thar ceann na hearnála ceardaí agus speisialtachta agus a gcuireann Bord Bia ról rúnaíochta ar fáil di.

D'fhreastail breis agus 100 táirgeoir ceardaí, chefanna, agus gníomhaireachtaí tacaíochta ar shéú Scoil Shamhraidh Bhliantúil na Comhairle Taste in óstán Brooklodge i gContae Chill Mhantáin. Ar na topaicí áiríodh forbairt agus cosaint táirgeoirí beaga bia, feirmeacha teaghlaigh, soithigh bheaga iascaireachta lae mar aon le miondíoltóirí bia lonnaithe i mbailte agus i sráidbhaile atá fite fuaite le cosaint agus le forbairt phobal tuaithe na hÉireann.

Go náisiúnta chláraigh 174 scoil le páirt a ghlacadh in Aonad na hIdirbhliana 'The Future is Food' a d'fhorbair an Chomhairle Taste i gcomhar le Bord Bia. Cuideoidh sé leis na daltaí a n-eolas agus a dtuiscint ar thionscal an bhia a leathnú, go háirithe ar na hearnálacha bia ceardaí agus speisialaithe. Rachaidh na scoileanna atá rannpháirteach i bpáirt le táirgeoir ceardaí áitiúil, chef nó curadh bia a chuideoidh leis na hábhair fiontraithe agus nuálaithe is daltaí a dtáirge uathúil féin a fhorbairt nó a oibreoidh leo ar tháirge atá ann cheana. Áirítear sa chlár fiche a haon plean ceachta ag díriú ar thopaicí mar fhiontraíocht, bunús bia agus clár inbhuanaitheachta Origin Green Bhord Bia mar aon le taighde, forbairt táirge nua agus margaíocht.

Tá Bord Bia ag obair le Comhairle Taste chomh maith chun bunachar sonraí táirgeoirí ceardaí, speisialaithe agus ceardaí beaga bia a chur le chéile. Is í an aidhm teagmháil a dhéanamh le gach ceann de na táirgeoirí seo féachaint ar mhaith leo go ndéanfadh an Chomhairle Taste ionadaíocht ar a ndearcthaí. Bainfear úsáid freisin as an mbunachar sonraí mar bhonn don Chomhairle Taste chun eolas a thabhairt nó a fháil ar an earnáil seo. Go dtí seo fuarthas 290 freagra, ó tháirgeoirí tí feirme agus ceardaí go príomha.

## MARGAÍ

I 2016 leathnaigh Bord Bia a lorg fisiciúil go dtí 13 láthair thar lear. Tá ocht n-oifig ag Bord Bia a fheidhmíonn san Eoraip anois, agus an líon atá ag feidhmiú go hidirnáisiúnta ná 5. Neartaíonn na hoifigí nua acmhainní Bhord Bia san Eoraip agus san Áise Thoir-Theas. Déanfaidh an oifig i Singeapór feidhmíochtaí a bhainistiú in 8 margadh sa réigiún lena n-áirítear an Téalainn, Vítneam agus an Chóiré. Tá oifig Vársá freagrach as 11 margadh i lár agus in oirthear na hEorpa lena n-áirítear an Pholainn, an Laitvia agus an Úcráin. Seoladh straitéis Bhord Bia don Afraic 2016-2019 i 2016. Ar cheann de phríomh-mholtaí na straitéise seo bhí ionadaíocht áitiúil i 3 réigiún Afracacha a aithint agus a earcú. Déantar athbhreithniú leanúnach ar dháileadh acmhainní agus ar struchtúr ár ngníomhaíochtaí margaidh chun freastal ar riachtanais cuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann atá ag teacht chun cinn trí phróiseas tosaíochta margaidh.

Chun freastal ar riachtanais cuideachtaí Éireannacha, ar chur chun cinn táirgí Éireannacha agus ar léiriú a thabhairt ar acmhainneacht soláthair na hÉireann, cuireadh acmhainní ar fáil chun:

Gníomhaíocht teagmhála ceannaitheora mhéadaitheach a dhéanamh

- Seirbhísí áit an mhargaidh a sholáthar chun cuideachtaí a threalmhú le gnó nua a chinntiú
- Eolas margaidh ábhartha a fháil agus a athshamhlú agus a thabhairt ar láimh do chliantchuideachtaí.
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann tionscal bia na hÉireann agus caidreamh á fhorbairt le múnlóirí tuairim, leis na príomh-mheáin trádála agus tomhaltóra.


Anuas ar fhorfheidhmiú clár agus tionscadal rinne pearsanra margaidh Bhord Bia seo a leanas i rith 2016:

- 973 cruinniú ceannaitheora agus cur i láthair
- Threoraigh 3 Mhisean Agraibhia go dtí 6 thír
- Thug 925 freagra ar iarratais cheannaitheora aonair
- 1177 cruinniú pleanála gnó le cliantchuideachtaí Éireannacha
- 970 iarratas ar eolas margaí ó chliantchuideachtaí Éireannacha
- Rinne ionadaíocht thar ceann an tionscail i 59 cruinniú faoi rochtain mhargaidh le húdaráis rialála agus tréidliachta sa Mheánoirthear, sa Rúis agus san Áise.

## CUR CHUIGE COMHOIBRÍOCH

Leanann Bord Bia air ag obair i gcomhar le príomhranna rialtais, gníomhaireachtaí agus cumainn i bhforbairt agus i bhfeidhmiú tacaíochta don tionscal bia agus dí. Áirítear orthu seo an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, BIM, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Fiontraíocht Éireann, Fáilte Ireland (agus Tourism Ireland) Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eile.

# ÁR RIALACHAS



# RÁITEAS CORPARÁIDEACH

## Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Bord Bia faoin Acht um an mBord Bia 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um an mBord Bia 1994 & 2004 agus faoi choimirce an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

### STRUCHTÚIR AN BHOIRD

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn réimsí seirbhísí chun polasaí agus cláir a fheidhmiú. Soláthraíonn an Bord an chothromaíocht chuí  scileanna agus taithí chun tacú le straitéis Bhord Bia. Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus de cheithre ghnáthchomhalta déag a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Faigheann gach comhalta boird nua eolas airgeadais agus eile faoi Bhord Bia, agus eolas maidir le ról an bhoird agus coistí an bhoird. Is rólanna ar leithligh iad rólanna an chathaoirligh agus an phríomhfheidhmeannaigh.

Tá cúig Fho-Bhord (Bianna Tomhaltóirí, Déiríocht, Gairneoireacht, Feoil agus Beostoc agus Dearbhú Cáilíochta) comhdhéanta de Chathaoirleach agus de dhá ghnáthchomhalta déag a cheapann an Bord le toiliú an Aire Talmhaíochta, Bia agus mara. Bíonn Cathaoirleach gach Fo-Bhord mar chomhalta den Bhord.

Buaileann an bord le chéile go rialta, seacht n-uair sa bhliain de ghnáth, agus tá sé freagrach as bainistiú cuí a dhéanamh ar Bhord Bia. Is é an bord a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus a choinníonn smacht iomlán agus éifeachtach agus dóthain solúbthachta á ceadú don bhainistíocht fheidhmiúcháin chun an gnó a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh de chreat tuairiscithe lárnaithe.

### RIALACHAS

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde Rialachas Corparáide agus Dea-chleachtais a choinneáil agus tá an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit glactha ag an mBord agus tá forálacha an Chóid á gcur i bhfeidhm. Tá an Bord tar éis glacadh le Téarmaí Tagartha a leagann amach an creat reachtúil; feidhmeanna ginearálta agus sainfheidhmeanna; ballraíocht, dualgais mhuiníneacha; údarás; ról an rúnaí; freagrachtaí tuairiscithe; sceidealú cruinnithe; nósanna imeachta do chinntithe idir cruinnithe Boird agus chun déileáil le coinbhleachtaí leasa; agus, sceideal foirmiúil cúrsaí a choinnítear don Bhord le cinneadh a dhéanamh. Déanann an Bord athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird, na bhFo-Bhord agus na gCoistí ar bhonn bliantúil. I rith 2016, thionól an Bord dhá chruinniú gan an feidhmeannas i láthair. Chun críocha feidhmiú an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit breathnaítear ar Bhord Bia mar Chomhlacht Stáit neamhthráchtála. Is é dualgas an Chathaoirligh:

- Treoraíonn sé an Bord agus cinntíonn éifeachtúlacht agus ardchaighdeáin ionracais

agus macántachta maidir le cultúr, luachanna agus iompair do Bhord Bia agus d'atmaisféar na bpléití ag leibhéal an Bhoird.

- Cinntíonn sé, in éineacht leis an CEO, go ndéantar clár an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach, go gcuirtear am leordhóthanach ar fáil don phlé agus do chur is cúiteamh. Éascaíonn cultúr oscailteachta plé éifeachtach agus ionchuir ón bhfeidhmeannas, a fhreastalaíonn ar chruinnithe Boird iomlána nó ar chuid díobh, agus comhaltaí an Bhoird.
- Cinntíonn sé go gcuirtear tuarascálacha agus páipéir ábhartha, airgeadas, tuarascáil an CEO, tuairiscí ó Fho-Bhoird agus ó Choistí agus nuashonraithe cothrom le dáta ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm an bhuiséid bhliantúil agus an phlean straitéisigh nuair is cuí, ar bhealach tráthúil chuig comhaltaí an Bhoird.
- I gcomhairle leis an Rúnaí cinntíonn sé go gcuirtear gach eolas rialachais ar fáil don Bhord agus dá Choistí agus go mbíonn sreafaí maithe eolais idir an Bord, na Fo-Bhoird agus na Coistí mar aon le héascú ionduchtaithe, meantóireachta agus ag cuidiú le forbairt ghairme leanúnach.
- Cinntíonn sé go bhfuil deighilt shoiléir freagrachtaí idir an Bord a threorú agus a bhainistiú agus tá freagracht ar an bhfeidhmeannas as Bord Bia a reáchtáil.
- Thug an Bord faoi luacháil féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht i rith na bliana agus ar fheidhmíocht an Choiste Iniúchta & Riosca agus tugadh aghaidh ar aon laigeachtaí a aithníodh. Iarradh ar gach comhalta Boird an measúnú a scóráil ina nduine agus ina nduine, rinne an Cathaoirleach na freagraí a bhreithniú agus cuireadh i láthair an Bhoird é áit ar aithníodh roinnt gníomhaíochtaí chun feidhmíocht an Bhoird a fheabhsú.
- Coinníonn sé an tAire Talmhaíochta, Bia agus mara ar an eolas faoi chúrsaí a eascraíonn maidir le Bord Bia.
- Cuireann sé tuarascáil Chuimsitheach faoi bhráid an Aire de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Cuireann an Bord treoir straitéiseach ar fáil, déanann monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtúlacht na bainistíochta agus déanann monatóireacht ar chomhlíontacht ar bhonn leanúnach a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht, rialacháin agus treoirlínte ábhartha.

Tá ceanglais an Chóid Cleachtais nua chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a eisíodh i Lúnasa 2016, curtha i bhfeidhm den chuid is mó agus áirítear ar na ceanglais sin nochtuithe breise sna Ráitis Airgeadais mar réiteach do 2017 nuair a bheidh an Cód nua le cur i bhfeidhm ina iomláine.

## EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ

Tá forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 curtha i bhfeidhm. Tugann comhaltaí Boird agus foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis sainleasa don Rúnaí an tráth a cheaptar iad agus ar bhonn bliantúil.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Is eagraíocht fhorordaithe í Bord Bia faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Bhunaigh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise trí cheart reachtúil:

- Ceart rochtana de réir dlí ag gach duine ar aon eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Ceart de réir dlí ag gach duine eolas oifigiúil a bhíonn i seilbh comhlachta poiblí a bhaineann leis nó léi sa chás go mbíonn sé neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach a leasú;
- Ceart de réir dlí na cúiseanna a fháil do chinntí a dhéanann difear do dhuine féin arna dtógáil ag comhlacht poiblí

I dteannta riachtanas na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, tá feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 le Bord Bia chomh maith. Tugann na hAchtanna um Chosaint Sonraí cosaint do príobháideachas daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil. Is éard is sonraí pearsanta ann eolas a bhaineann le duine beo ar féidir a aithint ó na sonraí iad féin nó i gcomhar le heolas eile atá i seilbh.

## COMHIONANNAS

Tá Bord Bia tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú agus nach gcaitear le níos lú fabhar le duine den fhoireann nó iarrthóir ar fhostaíocht ná aon duine eile ar bhonn inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine, nó ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil. Tá cláir forbartha phearsanra agus foirne Bhord Bia leagtha amach dá réir.



Déanann Bord Bia iarracht cuidiú leis an bhfoireann maidir le riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha agus feidhmítear polasaithe cuí a chlúdaíonn réimsí ar nós forbartha gairmiúla, saoire staidéir, fleisc-ama agus sosanna gairme. Tá Bord Bia tiomanta freisin polasaí rialtais a fheidhmiú i ndáil le daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí. Rinneadh soláthairtí breise sonracha do chuairteoirí faoi mhíchumas agus Ionad Bia Bhord Bia á thógáil. Tá polasaí maidir le ciapadh gnéis i bhfeidhm le tacaíocht agus cosaint a thabhairt do dhínit gach duine.

## AN tACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Níor dearnadh aon nochtadh cosanta do Bhord Bia i rith 2016.

## SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Tá Bord Bia ag feidhmiú forálacha na reachtaíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta a ullmhú agus a oibriú a thabharfaidh aghaidh ar gach ceist a mbíonn tionchar aice ar shábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann Bhord Bia agus cuairteoirí a thugann cuairt ar áitreabh Bhord Bia.

## CAIRT SEIRBHÍSE

Leagann Cairt Seirbhíse Bhord Bia amach a thiomantais do Phrionsabail Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus do Chliaint na hEarnála Poiblí. Tacaíonn Plean Gnímh agus nósanna imeachta inmheánacha iomchuí leis an gCairt le héifeacht phraiticiúil a thabhairt don tiomantas sin.

## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AGUS CAOMHNÚ

Tá Bord Bia tiomanta gach iarracht a dhéanamh le bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus le bearta caomhnaithe agus athchúrsála cuí a fheidhmiú. Is iad solas agus teas, a sholáthraítear ó leictreachas, príomh-réimsí úsáid fuinnimh i mBord Bia. Laghdaíodh úsáid bhliantúil fuinnimh go suntasach ó cuireadh tús le hathbhreithniú ar úsáid fuinnimh. Is í seo a leanas úsáid na príomhoifige i mBord Bia:

| | **2016** |
|---|---|
| mWh leictreachais | 194 |
| *(Bunbhliain 2009: 379 mWh)* | |

Osclaíodh an *Thinking House* i rith na bliana agus d'úsáid sé10 mWh leictreachais.  Toisc gur tharla sé sin i rith na bliana atá caite is 2017 a bheidh mar bhunbhliain chun críocha monatóireachta todhchaí.

Déantar monatóireacht ar úsáid leictreachais mar aon le haithint diomailte, neamhéifeachtaí agus tionscnaimh costéifeachtacha chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh.

## ÍOCAÍOCHTAÍ PRASA

De réir forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Íocaíocht Dheireanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, tá Bord Bia tiomanta a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí go pras. I rith 2016 íocadh 99% d'íocaíochtaí laistigh de 15 lá.

## MAOINIÚ ÓN AONTAS EORPACH

Riarann Bord Bia roinnt feachtas margaíochta agus promóisin atá incháilithe do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach lena n-áirítear iad siúd  do Mhairteoil & d'Uaineoil, do Mhuisiriúin, Prátaí, Cáis Tí Feirme agus Bia Farraige.

## ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Tagann Bord Bia faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 chun creat reachtúil a fhoráil do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

## COMHALTAÍ BOIRD AGUS NEAMHSPLEÁCHAS

Tá rochtain ag gach comhalta boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí/Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta boird, agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin infheidhme. Bíonn comhairleoirí

gairmiúla Bhord Bia ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ag comhaltaí boird de réir mar a theastaíonn. Féadfaidh comhaltaí boird aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil más gá.

## COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

Tá mionsonraí faoi chomhaltaí an Bhoird i mBord Bia leagtha amach ar leathanach 66.

## COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS FREASTAL AR CHRUINNITHE

Tionóladh seacht gcruinniú Boird i rith 2016 agus tá mionsonraí faoi fhreastal gach comhalta leagtha amach thíos

| Comhalta Boird | Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|
| M. Byrne | 7 as 7 |
| M. Carey | 7 as 7 |
| J. Comer | 5 as 6 |
| E. Downey | 1 as 2 |
| R. Doyle | 7 as 7 |
| F. Hayes | 6 as 7 |
| J. Healy | 3 as 5 |
| R. Holland | 4 as 7 |
| J. Horgan | 7 as 7 |
| C. Keeling | 4 as 7 |
| T. Keohane | 7 as 7 |
| T. Moran | 7 as 7 |
| F. O'Gara | 4 as 7 |
| R. O'Rourke | 3 as 4 |
| B. Sweeney | 7 as 7 |
| P. Whelan | 3 as 7 |

## RÓLANNA AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is é an Cathaoirleach a threoraíonn an Bord i gcinneadh a straitéise agus i mbaint amach a chuspóirí. Tá an Cathaoirleach freagrach as eagrú gnó an Bhoird, as a éifeachtacht a chinntiú agus a chlár oibre a leagan amach. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach gach comhalta den bhord agus caidreamh inchiallach idir an feidhmeannas agus comhaltaí an bhoird, agus cinntíonn go bhfaigheann comhaltaí an bhoird eolas tráthúil, iomchuí agus cruinn.

Tá an Príomhfheidhmeannach i bhfeighil Bhord Bia go díreach ar bhonn laethúil agus tá sé/sí freagrach don Bhord as feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais Bhord Bia.

## COISTÍ BOIRD

Bhuail Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird, atá comhdhéanta de cheathrar comhalta den Bhord (F. Hayes, J. Horgan, T. Keohane agus R. O'Rourke) agus comhalta seachtrach amháin (R. Nolan) le cúlra airgeadais, le chéile ceithre huaire i rith 2016. Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as caidreamh iomchuí a choinneáil le hiniúchóirí seachtracha agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní iniúchta inmheánaigh Bhord Bia, srianta airgeadais inmheánacha agus ar an bpróiseas iniúchta. Cuidíonn sé leis an mbord agus iarracht á dhéanamh a chinntiú go dtugann an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais measúnú cothromaithe ar an seasamh atá againn. Tá rochtain iomlán agus neamhtheoranta ag an Iniúchóir Inmheánach agus ag an Iniúchóir Seachtrach ar Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird. Tionóltar seisiúin faisnéisithe chun comhaltaí Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird agus an Bord a chur ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha a tharla le deireanaí maidir le saincheisteanna Rialachais Chorparáidigh.

Bhuail an Coiste Luach Saothair agus Pinsin, atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Bhord, (M. Carey, M. Byrne, F. Hayes agus T. Moran) le chéile ceithre huaire i rith 2016. Is é an Coiste Luach Saothair agus Pinsin a chinneann, thar ceann an Bhoird, ceapachán, luach saothair agus measúnú maidir le feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus pleanáil faoin té a thiocfaidh mar chomharba air; agus leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne.

Tá an Coiste Straitéise comhdhéanta faoi láthair de chúigear comhalta den Bhord (M. Carey, M. Byrne, R. Holland, T. Moran agus B. Sweeney). Tá ról tábhachtach ag an gCoiste Straitéise maidir le tuairimí agus moltaí faoi shaincheisteanna straitéiseacha atá roimh Bord Bia amach a chur ar fáil agus cuireann sé lenár bpróiseas pleanála straitéiseach agus le forbairt na straitéise. I rith 2016, ghlac an Bord freagracht dhíreach as tabhairt chun críche an *Ráiteas Straitéise 2016 go 2018–Difear an Domhain a Dhéanamh*, a foilsíodh in Eanáir 2016.

## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Leagtar amach freagrachtaí an Bhoird maidir le hullmhú na Ráiteas Airgeadais ar leathanach 70.

Déanann an Bord measúnú leanúnach ar phríomhrioscaí agus tá comhthéacs bunaithe acu le rioscaí a aithint, le anailís, measúnú, cóireáil agus monatóireacht a dhéanamh ar riosca. Ar na príomhrioscaí a aithníodh áirítear an riosca gan tosaíocht chuí a thabhairt do phleananna oibre chun cuspóirí a bhaint amach; gan tiomantais tionscail a bhaint amach d'fhorbairt agus do chur chun feidhme Origin Green; rioscaí a bhaineann le clú bainteach le mí-úsáid phríomhbhrandaí agus marcanna; rioscaí clú a bhaineann le cáilíocht agus le sábháilteacht bia, rioscaí do mhaoiniú scéimeanna dearbhaithe cáilíochta, agus foinsí maoinithe éagsúla tionscail; etc.

Comhlíonann an Bord na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus áirítear ar chúrsaí a choinnítear go ndéanann an Bord cinneadh orthu, faomhadh, inter alia, fálacha suntasacha, mór-infheistíochtaí, mórdhiúscairtí, mórchonarthaí, buiséid bhliantúla agus ráitis airgeadais, soláthar foirne, leibhéil údaráis tarmligthe, cisteán agus beartas riosca. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara d'fhála ábhartha nó diúscairt talún, foirgneamh nó sócmhainní ábhartha eile. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara mar aon le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do ghníomh beartaithe ar bith a leathnódh nó a chuirfeadh athrú suntasach ar nádúr, scóip nó scála gníomhaíochtaí Bhord Bia.

Leagann an Plean Straitéiseach 'Difear an Domhain a Dhéanamh' amach na gníomhaíochtaí atá beartaithe i rith tréimhse na straitéise, 2016 – 2018 agus ailínítear buiséid bhliantúla leis an straitéis. Tugann an Bord faomhadh do bhuiséid bhliantúla agus do mheasúnuithe ar fheidhmíocht iarmhír in aghaidh buiséid. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo léargas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Bhord Bia i rith na bliana.

Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais Bhord Bia agus ar a sheasamh airgeadais ag deireadh na bliana.

| | |
|---|---|
| **Michael Carey** | **Tara McCarthy** |
| Cathaoirleach | Príomhfheidhmeannach |

# STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL

**AN PRÍOMHBHORD**
An Cathaoirleach

- **AN BORD FEOLA & BEOSTOIC** – An Cathaoirleach
- **AN BORD BIANNA TOMHALTÓRA** – An Cathaoirleach
- **AN BORD DÉIRÍOCHTA** – An Cathaoirleach
- **AN BORD GAIRNEOIREACHTA** – An Cathaoirleach
- **AN BORD DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA** – An Cathaoirleach

**AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH**

- FEOIL & BEOSTOC
- BIA & DEOCHANNA
- MARGAÍ EORPACHA & IDIRNÁISIÚNTA
- GAIRNEOIREACHT
- INBHUANAITHEACHT CHÁILÍOCHTA
- SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA & AIRGEADAIS
- CÓRAIS FAISNÉISE
- LÉARGAS TOMHALTÓRA & MARGAIDH
- SEIRBHÍSÍ MARGAÍOCHTA
- CUMARSÁID CHORPARÁIDEACH
- ACMHAINNÍ DAONNA

**TÁ BORD BIA COMHDHÉANTA DEN BHORD, DE CHÚIG FHO-BHORD, DEN PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH AGUS DEN FHEIDHMEANNAS A SHOLÁTHRAÍONN RAON SEIRBHÍSÍ ATÁ RIACHTANACH CHUN BEARTAS AGUS CLÁIR AN BHOIRD A CHUR I BHFEIDHM.**

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá cúig Fho-Bhord ann (Feoil agus Beostoc, Bia Tomhaltóirí, Déiríocht, Dearbhú Cáilíochta, agus Gairneoireacht) atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus 12 gnáthchomhalta atá ceaptha ag an mBord le toiliú an Aire. Ta Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

Tá na Coistí Boird seo a leanas i bhfeidhm: an Coiste Iniúchta, an Coiste Luach Saothair agus Pinsin agus an Coiste Straitéise.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta d'fhoireann atá lonnaithe i gceann oifig an Bhoird agus thar lear.

## EOLAS GINEARÁLTA

**AN CHEANNOIFIG:**
Cúirt Chlann Liam,
Sráid an Mhóta Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

**INIÚCHÓIRÍ:**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**BAINCÉIRÍ:**
Bainc Aontais Éireann

**ATURNAETHA:**
Philip Lee Aturnaetha

# STRUCHTÚR NA FOIRNE

| | |
|---|---|
| **An Príomhfheidhmeannach** | Tara McCarthy |
| **Margaí** | Padraig Brennan |
| **Dearbhú Comhshaoil agus Cáilíochta** | Michael Maloney |
| **Seirbhísí Margaíochta** | Una Fitzgibbon |
| **Feoil & Beostoic agus Forbairt Inbhuanaitheachta** | Vacant |
| **Bia agus Deochanna** | Eileen Bentley/Karen Tyner |
| **Gairneoireacht/Food Dudes** | Mike Neary |
| **Léargas Margaidh & Tomhaltóra** | Helen King |
| **Córais Faisnéise** | Julian Smith |
| **Cumarsáidí Corparáideacha** | Rosaleen O'Shaughnessy |
| **Acmhainní Daonna** | Susan Doyle |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | Frank Lynch |
| **Airgeadas** | John O'Grady |

| **OIFIGÍ THAR LEAR** | |
|---|---|
| Amstardam | Laura Crowley |
| Dubai | Michael Hussey |
| Dusseldorf | Donal Denvir |
| Londain | Henry Horkan |
| Maidrid | Cecilia Ruiz |
| Milano | Nicolas Ranninger |
| Moscó | Alla Barinova |
| Nua-Eabhrac | Karen Coyle |
| Páras | Noreen Lanigan |
| Shanghai | James O'Donnell |
| Singeapór | Ciaran Gallagher |
| Stócólm | Linda Madigan |
| Vársá | Judith Clinton |

Tacaíonn gníomhaíochtaí Acmhainní Daonna laistigh de Bhord Bia leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann chun freastal ar dhúshláin áit an mhargaidh trí:

- Struchtúir bhainistíochta iomchuí agus córais bhainistíochta feidhmíochta a bhunú chun aidhmeanna straitéiseacha na heagraíochta a sheachadadh
- Seachadadh ceannaireachta cláir fhorbartha inniúlachta agus ardfheidhmíochta foirne
- Cumarsáid rialta, tionscnaimh ghníomhaíochta agus inspreagtha

Tá an cultúr eagraíochtúil á thiomáint ag tosaíocht agus nuálaíocht leanúnach, a chinntíonn ábharthacht d'áit an mhargaidh, do chliaint agus don tomhaltóir, uasmhéadú aschur, agus seachadadh éifeachtúlachtaí trí úsáid optamach acmhainní agus córas. Tá fócas mór ar shoiléireacht a chinntiú de shíor thart ar an nasc idir straitéis agus rannpháirtíocht róil. Ós eagraíocht oscailte, údarach agus aclaí í, cinntíonn sé gur féidir lenár muintir dul i dtaithí ar athrú agus go bhfuil siad freagrúil don timpeallacht atá ag athrú go tapa ina bhfuil cónaí orainn inniu.

# BORD BHORD BIA

## CATHAOIRLEACH

**An tUasal Michael Carey**
The Company of Food

## COMHALTAÍ

**Marian Byrne Uasal**
Príomhoifigeach, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An tUasal John Comer**
Uachtarán, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**Rachel Doyle Uasal**
Stiúrthóir, Ionad Garraíodóireachta Arboretum

**An tUasal Frank Hayes**
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, Kerry Group Plc.

**An tUasal Joe Healy**
Uachtarán Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Rhona Holland Uasal**
Stiúrthóir Margaíochta Faisnéis Domhanda, PepsiCo.

**An tUasal John Horgan**
Stiúrthóir Bainistíochta, Grúpa Kepak

**Caroline Keeling Uasal**
Príomhfheidhmeannach, Keelings, Saothróirí/ Allmhaireoirí Torthaí

**An tUasal Tony Keohane**
Iar-Chathaoirleach, Tesco Ireland

**An tUasal Tom Moran**
Iar-ArdRúnaí na Roinne Talmhaíochta Bia & Mara

**An tUasal Raymond O'Rourke**
Dlíodóir Bia & Tomhaltóra

**An tUasal Brody Sweeney**
Fiontraí Bia

**An tUasal Patrick Whelan**
Búistéirí Whelan

## PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

**Tara McCarthy***

## RÚNAÍ/STIÚRTHÓIR

**Frank Lynch**

## ATHRUITHE I RITH 2016

**Téarma Oifige in Éag 11 Aibreán:**
An tUasal John Comer
(athcheaptha 13 Bealtaine)

An tUasal Frank Hayes
(athcheaptha 12 Aibreán)

**D'éirigh as 11 Bealtaine:**
An tUasal Eddie Downey, Iar-Uachtarán, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Ceaptha 12 Bealtaine:**
An tUasal Joe Healy

**Téarma Oifige in Éag 10 Nollaig:**
Caroline Keeling Uasal
(athcheaptha 11 Nollaig)

## ATHRUITHE I RITH 2017

*D'éirigh Aidan Cotter as mar Phríomhfheidhmeannach 25 Eanáir

**Téarma Oifige in Éag 29 Eanáir:**
An tOllamh Fergal O'Gara, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

# BORD BIA – BORD BIANNA DO THOMHALTÓIRÍ

## CATHAOIRLEACH

**Rhona Holland Uasal**
Stiúrthóir Margaíochta Faisnéis Domhanda, PepsiCo.

## COMHALTAÍ

**Triona Byrne Uasal**
Stiúrthóir Airgeadais, Aran Candy Teo.

**An tUasal Vincent Carton**
Príomhfheidhmeach, Grúpa Carton

**An tUasal Pat Connors**
Stiúrthóir Díolacháin & Próiseála, Marine Harvest

**An tUasal Bernard Coyle**
Cathaoirleach, Mr Crumb

**An tUasal Mike Doyle**
Stiúrthóir Bainistíochta– Ionad Nuálaíochta & Domhanda Kerry

**An tUasal  Colin Gordon**
Príomhfheidhmeannach, Bianna Tomhaltóora Glanbia

**An tUasal Larry Murrin**
Stiúrthóir Bainistiochta, Bianna Feirme Dawn

**An tUasal John Noonan**
Stiúrthóir Díolacháin & Margaíochta, E. Flahavan & Sons

**An tUasal Joe O'Flynn**
Comhpháirtí Sinsearach, Agrifood Business Partners

**An tUasal Eddie Power**
Stiúrthóir Bainistíochta, Bianna Green Isle

**An tUasal Pat Rigney**
Stiúrthóir Bainistíochta, Fastnet Brands Co. Teo.

## ATHRUITHE I RITH 2016

**Téarmaí Oifige in Éag 2 Deireadh Fómhair:**
(athcheaptha 3 Deireadh Fómhair)
An tUasal Pat Connors
An tUasal Bernard Coyle
An tUasal Colin Gordon

## ATHRUITHE I RITH 2017

**Téarmaí Oifige in Éag an 9 Bealtaine:**
An tUasal Pat Rigney
(athcheaptha an 31ú Bealtaine)

# BORD BIA – AN BORD FEOLA AGUS BEOSTOIC

### CATHAOIRLEACH

**An tUasal Tony Keohane**
Iar-Chathaoirleach, Tesco Ireland

### COMHALTAÍ

**An tUasal Vincent Carton**
Príomhfheidhmeannach, Grúpa Carton

**An tUasal Michael Guinan**
Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**An tUasal Jim Hanley**
Príomhfheidhmeannach, Rosderra Irish Meats

**An tUasal Tom Hogan**
Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Muc & Muiceola, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**An tUasal John Lynskey**
Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Caorach, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**An tUasal Brendan Mallon**
Associated Craft Butchers of Ireland

**An tUasal Finbarr McDonnell**
Stiúrthóir Bainistíochta, ABP

**An tUasal Nigel Renaghan**
Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Éanlaith Chlóis, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**An tUasal Kevin Quinn**
Onnmhaireoir Beostoic Quinn Beostoic Idirnáisiúnta Teoranta

**An tUasal Paddy Walsh**
Dawn Meats

**An tUasal Angus Woods**
Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Beostoic, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

### ATHRUITHE I RITH 2016

**Téarma in Éag 13 Márta (athcheaptha 16 Meitheamh):**
An tUasal Jim Hanley

**Téarma in Éag 25 Aibreán:**
An tUasal Paddy Gernon
Onnmhaireoir Beostoic

**Ceaptha 16 Meitheamh:**
An tUasal Angus Woods

### ATHRUITHE I RITH 2017

**D'éirigh as 8 Feabhra:**
An tUasal Pat O'Flaherty, Iar-Chathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Muc & Muiceola, IFA.

**Ceaptha 28 Feabhra:**
An tUasal Tom Hogan

**Ceaptha 22 Márta:**
An tUasal Kevin Quinn

# BORD BIA – AN BORD DÉIRÍOCHTA

### CATHAOIRLEACH

**An tUasal Tom Moran**
Iar-ArdRúnaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara

### COMHALTAÍ

**An tUasal Noel Corcoran**
Stiúrthóir Díolachán & Margaíochta, Comhábhair Bia Carbery

**An tUasal John Jordan**
CEO EMEA Ornua Foods

**Catherine Lascurettes Uas.**
Rúnaí Feidhmeach Náisiúnta Déiríochta & Bainne Leachtaigh IFA

**An tUasal James Lynch**
Leas-Chathaoirleach, Comharchumann Dairygold

**An tUasal Pat McCormack**
Leas-Chathaoirleach, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**An tUasal Sean Molloy**
**Stiúrthóir Straitéise & Caidreamh Soláthróirí Glanbia**

**An tUasal Padraig Sayers**
Leas-Uachtarán, Comhábhair & Blasanna Kerry Group plc

**An Dr Pat Shiels**
Bainisteoir Ginearálta, An Roinn Agraibhia, Lakeland Dairies

### ATHRUITHE I RITH 2016

**Téarmaí in Éag 9 Meitheamh (athcheaptha 16 Meitheamh)**
An tUas Pat McCormack
An tUas. Padraig Sayers
An Dr Pat Shiels

### ATHRUITHE I RITH 2017

**D'éirigh as 9 Bealtaine:**
An tUas. Fergal McGarry
Stiúrthóir Domhanda Bianna Tomhaltóra Ornua

**Ceaptha 9 Bealtaine:**
An tUas. John Jordan

**Téarma in Éag an 9 Meitheamh**
Catherine Lascurettes (athcheaptha an 10ú Meitheamh)

An tUasal Padraig Young
Cathaoirleach Lakeland Dairies

# BORD BIA – AN BORD DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA

### CATHAOIRLEACH

**An tUasal Raymond O'Rourke**
Dlíodóir Bia & Tomhaltóirí

### COMHALTAÍ

**An tUasal Ray Bowe**
Bainisteoir Sábháilteachta & Cáilíochta Bia, Musgrave Retail Partners

**An tUasal Denis Carroll**
Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**An tUasal John Cunningham**
Dairygold Food Products roimhe seo

**An tUasal Dermott Jewell**
Comhairleoir Beartais & Comhairle, Comhlachas Tomhaltóirí Éireann

**An tUasal John Mohan**
Cathaoirleach, The Egg Association

**An tUasal Paul Nolan**
Bainisteoir Forbartha Grúpa, Dawn Group

**An tUasal Liam O'Flaherty**
Comharchumann Dairygold

**Joyce Roche Uasal**
Stiúrthóir & Bainisteoir Teicniúil, Codd Mushrooms

**An Dr Declan Troy**
Ceann Ionaid, an tIonad Náisiúnta Bia, Teagasc

**An tUasal Angus Woods**
Cathaoirleach, An Coiste

### ATHRUITHE I RITH 2016:

**Téarma in Éag 25 Márta (athcheaptha 16 Meitheamh)**
An tUasal Liam O'Flaherty

**Téarma in Éag 15 Bealtaine (athcheaptha 16 Meitheamh):**
An tUasal Denis Carroll

**Téarma in Éag 26 Samhain:**
An tUasal Henry Burns
An tUasal John Cunningham

### ATHRUITHE I RITH 2017:

**Ceaptha 2 Feabhra:**
An tUaal John Cunningham
An tUasal Angus Woods

**Téarma in Éag an 12ú Bealtaine (athcheaptha an 31ú Bealtaine)**
Joyce Roche Uasal

**D'éirigh as an 20ú Meitheamh**
An tUasal Colm Hayes
An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara

# BORD BIA – AN BORD GAIRNEOIREACHTA

### CATHAOIRLEACH

**Caroline Keeling Uasal**
Príomhfheidhmeannach, Keelings, Saothróirí/Allmhaireoirí Torthaí

### COMHALTAÍ

**An tUasal Paul Brophy**
Paul Brophy Produce

**An tUasal Eddie Doyle**
Doyle Produce

**An tUasal Matt Foley**
Plandlanna Kilbush

**Karen Kerrigan Uasal**
Kerrigan's Mushrooms

**Jane McCorkell Uasal**
Ailtire Tírdhreacha & Comhairleoir Gairneoireachta

**Celine Murrin Uasal**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**Áine O'Neill Uasal**
Tréidlia Sillis Green

**An tUasal Brian O'Reilly**
Saothróir Muisiriún

**An tUasal Eoin Reid**
Ionad Garraíodóireachta Fernhill

**Margot Slattery Uasal**
Uachtarán Tíre, Sodexo Ireland

**An tUasal Padraig Tully**
Tully Nurseries

### ATHRUITHE I RITH 2016

**Ceaptha 26 Eanáir:**
An tUasal Brian O'Reilly
An tUasal Eoin Reid

**Téarmaí Oifige in Éag 27 Feabhra:**

An tUasal Thomas Carpenter, T & J Carpenter

An tUasal John Hogan, Dunsany Landscapes

Karen Kerrigan Uasal (athcheaptha 16 Meitheamh)

Jane McCorkell Uasal (athcheapatha 16 Meitheamh)

An tUasal Philip Moreau, Plandlanna Glenbrook

**Ceaptha 16 Meitheamh:**
An tUasal Paul Brophy

**Ceaptha 27 Meán Fómhair:**
An tUasal Eddie Doyle

**Téarmaí Oifige in Éag 26 Samhain:**

An tUasal Henry Burns, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

An tUasal Paddy Callaghan, Nature's Best

An tUasal Matt Foley

An tUasal Ciaran O'Brien, Peter O'Brien Landscaping

### ATHRUITHE I RITH 2017

**Athcheaptha 2 Feabhra:**
An tUasal Matt Foley

**Ceaptha 31 Bealtaine:**
Celine Murrin Uasal
Áine O'Neill Uasal
Margot Slattery Uasal
An tUasal Padraig Tully

# ÁR gCUNTAIS



# FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994 ar an mBord go "keep in such form and in respect of such accounting periods as may be approved by the Minister, with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform, all proper and usual accounts of monies received or expended by it, including a Statement of Income and Retained Revenue Reserves, a Statement of a Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue, a Statement of Cash Flow and a Statement of Financial Position and, in particular, shall keep in such form as aforesaid all such special accounts as the Minister may, or at the request of the Minister for Public Expenditure and Reform shall, from time to time direct and the Board shall ensure that separate accounts shall be kept and presented to the Board by any Subsidiary Board that may be established by the Board under this Act and these accounts shall be incorporated in the general statement of account of the Board."

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

1. Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
2. breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
3. na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú go ceann i bhfad; agus,
4. luaigh cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar nó a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais Bhord Bia. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus mar sin trí chéimeanna réasúnacha a ghlacadh le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

**Michael Carey**
Cathaoirleach
5 Iúil 2017

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach
5 Iúil 2017

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**Tuairisc le cur i láthair Thithe an Oireachtais**

## An Bord Bia

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Bhord Bia don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 faoin Acht um an Bord Bia 1994. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchiste ioncaim coinnithe, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 21 den Acht agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta.

### Freagrachtaí Comhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá orm ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta ag an am céanna.

### Scóip iniúchta na ráiteas airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca Bhord Bia, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil Bhord Bia chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas is cosúil atá mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas a fuair mé le linn an t-iniúchadh seo a chur i gcrích, nó aon eolas nach bhfuil ag teacht go hábhartha leis an eolas sin, a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí Bhord Bia amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2016; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir chleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntais Bhord Bia leordhóthanach chun iad a iniúchadh go réidh agus i gceart. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntais.

### Ábhair lena dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil Bhord Bia ag teacht leis na Ráitis Airgeadais bainteacha, nó leis an fhaisnéis a fhaighimse le linn an iniúchta, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach comhlíonadh Bhord Bia leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**7 Iúil 2017**

# RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Thar ceann Bhord Bhord Bia, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú críochnaitheach a chur ar fáil go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó ar neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad i dtréimhse thráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an mBord lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht na heagraíochta agus le sócmhainní a chosaint.
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis bunaithe ag an mBord le rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- Nádúr, méid agus tionchar airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar atá inghlactha.
- Measúnú ar an seans go dtarlódh rioscaí aitheanta.
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann faoi spriocanna Bhord Bia agus tacaíocht do straitéisí an Bhoird chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat d'eolas bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú agus comhaontú air.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
- Cloí le gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag Bord Bia, a oibríonn de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach chuig Coiste Iniúchta & Riosca an Bhoird. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an gcomhlacht agus bíonn pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Ceadaíonn Coiste Iniúchta & Riosca an Bhoird an anailís riosca agus an plean Iniúchta Inmheánaigh agus tuairiscítear iad don Bhord. Déantar athbhreithniú ar an gclár riosca ag gach cruinniú de Choiste Iniúchta & Riosca an Bhoird agus ag gach cruinniú den Bhord.

Tagann Coiste Iniúchta & Riosca an Bhoird le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana le leordhóthanacht agus le héifeachtacht an chórais Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh a athbhreithniú agus a dhearbhú.

Cuireann obair an Iniúchóra Inmheánaigh monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh ar an eolas, mar aon le Coiste Iniúchta & Riosca an Bhoird a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Bhord Bia atá freagrach as creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil agus a chuirtear ar an eolas trí obair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina iniúchadh bliantúil. Níor tuairiscíodh aon sáruithe ábhartha i rialú, caillteanais ábhartha nó calaoisí i rith na bliana.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir Cód Cleachtais 2009 do Rialachas Comhlachtaí Stáit le nochtuithe breise, mar ullmhú do lánghlacadh Cód Cleachtais 2016, a eisíodh i Lúnasa 2016, i Ráitis Airgeadais 2017.

Dearbhaím go ndearna an Bord i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig, 2016 athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Rinneadh an t-athbhreithniú i rith mí Dheireadh Fómhair.

Thar ceann an Bhoird

**Michael Carey**
Cathaoirleach

5 Iúil 2017

# RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 2 (a) | **32,569** | 30,836 |
| Oireachtas - Maoiniú Eile: | | | |
| Leathadh Amach Náisiúnta Food Dudes | 2 (b) | **2,867** | 2,775 |
| Maoiniú Speisialta do Scéimeanna Dearbhaithe Cailíochta | 2 (c) | **5,801** | 5,742 |
| Maoiniú Speisialta do Chur Chun Cinn Bia | 2 (d) | **2,004** | 700 |
| Tobhach Reachtúil | 2 (e) | **5,655** | 5,456 |
| Ioncam ó Thionscadail agus Eile | 2 (f) | **8,300** | 8,256 |
| Glan-mhaoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir | 12 (a) i | **3,142** | 3,073 |
| | | **60,338** | 56,838 |
| Aistriú (chuig) an gCuntas Caipitil | 3 | **(415)** | (62) |
| **Ioncam Iomlán** | | **59,923** | 56,776 |
| **Caiteachas** | | | |
| Caiteachas Margaíochta agus Chur Chun Cinn | 5 (a) | **33,670** | 32,809 |
| Leathadh Amach Náisiúnta Food Dudes | | **2,867** | 2,775 |
| Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta | | **5,876** | 5,741 |
| Airgeadas Margaíochta | 5 (b) | **1,299** | 933 |
| Pá | 6 | **11,873** | 11,450 |
| Caiteachas Oibríochta | 4 | **3,068** | 2,596 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **58,653** | 56,304 |
| Barrachas oibríochta | | **1,270** | 472 |
| Ús infhaighte | | **1** | 2 |
| Ús iníoctha | | **-** | (14) |
| **Glan-bharrachas don bhliain roimh Ranníocaíocht Sochair Scoir leis an Státchiste** | | **1,271** | 460 |
| Rannaíocaíocht Sochair Scoir leis an Státchiste | | **(640)** | (699) |
| **Glan-bharrachas / (easnamh) don bhliain i ndiaidh Ranníocaíocht Sochair Scoir leis an Státchiste** | | **631** | (239) |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe amhail an 1 Eanáir | | **325** | 564 |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe amhail an 31 Nollaig | | **956** | 325 |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha amhail an dáta tuairiscithe.

**Michael Carey**
Cathaoirleach
5 Iúil 2017

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach
5 Iúil 2017

# RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH

## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig

| | Nótaí | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Glan-bharrachas/(Glan-easnamh) don bhliain | | **631** | (239) |
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais na Scéime Sochair Scoir | 12 | **(6,784)** | 2,043 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha | 12 | **6,784** | (2,043) |
| **Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain** | | **631** | (239) |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 19.

**Michael Carey**
Cathaoirleach
5 Iúil 2017

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach
5 Iúil 2017

# RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS

amhail an 31 Nollaig

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ IN ÚSÁID** | | | |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, Fearas agus Trealamh | 8 | **625** | 210 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardail | | **4** | 2 |
| Infháltais Trádála agus Eile | 9 | **4,227** | 3,398 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | | **6,009** | 4,638 |
| | | **10,240** | 8,038 |
| **Dliteanais Reatha: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | |
| Suimeanna Iníoctha Trádála agus Eile | 10 | **8,620** | 7,085 |
| Glan-Sócmhainní Reatha | | **1,620** | 953 |
| Iomlán Sócmhainní lúide dliteanais reatha | | **2,245** | 1,163 |
| **Dliteanais Fadtréimhseacha: méideanna a bheidh dlite tar éis bliana nó níos faide** | | | |
| Soláthar in Aghaidh Dliteanas agus Muirear | 13 | **664** | 628 |
| Dliteanais Sochair Scoir | 12 | **(62,082)** | (52,583) |
| Maoiniú Sochair Scoir Iarchurtha | 12 | **62,082** | 52,583 |
| | | **-** | - |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais** | | **1,581** | 535 |
| **MAOINITHE AG** | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Cuntas Caipitil | 3 | **625** | 210 |
| Statement of Income and Expenditure and Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | **956** | 325 |
| | | **1,581** | 535 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 19.

**Michael Carey**
Cathaoirleach
5 Iúil 2017

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach
5 Iúil 2017

# RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID

don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| **SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | | |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain airgeadais | **631** | (239) |
| Coigeartuithe maidir le: | | |
| Dímheas ar Shócmhainní Seasta Inláimhsithe | **179** | 126 |
| Aistriú Cuntas Caipitil | **415** | 62 |
| Ús Faighte | **(1)** | (2) |
| (Méadú) / Laghdú ar Fhardail | **(2)** | 1 |
| (Méadú) ar infháltais trádála agus eile | **(829)** | (836) |
| (Laghdú) ar shuimeanna iníoctha trádála agus eile | **1,535** | (616) |
| Méadú ar sholáthar eile | **36** | 14 |
| Glan-Insreabhadh (Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhachtaí Oibríochta | **1,964** | (1,490) |
| **SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA** | | |
| Maoin, fearas agus trealamh a ceannaíodh | **(595)** | (188) |
| Ús Faighte | **1** | 2 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | **1** | - |
| Glan-Airgid Tirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | **(593)** | (186) |
| Méadú / (Laghdú) glan ar Airgead Tirim agus Comhluach in Airgead Tirim | **1,371** | (1,676) |
| Airgead Tirim agus Comhluach in Airgead Tirim amhail an 1 Eanáir | **4,638** | 6,314 |
| Airgead Tirim agus Comhluacht in Airgead Tirim amhail an 31 Nollaig | **6,009** | 4,638 |

**Michael Carey**
Cathaoirleach
5 Iúil 2017

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach
5 Iúil 2017

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

### 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

**(a) Bonn an ullmhúcháin:**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 de réir an Chaighdeáin Thuairiscithe Airgeadais 102 – An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (“FRS 102”) , agus leis an Acht um An Bord Bia, 1994. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbonn costais stairiúil. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a cheaptar a bheith bainteach le ráitis airgeadais Bhord Bia.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€), an t-airgeadra feidhmeach.

**(b) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta shuntasacha**

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais go ndéanfaidh an bhainistíocht breithiúnais, boinn tuisceana agus meastacháin chuntasaíochta shuntasacha. Ar na nithe sna ráitis airgeadais a ndearnadh na meastacháin agus breithiúnais seo áirítear:

- Tá an t-ioncam ó thobhaigh baile bunaithe ar líon measta beostoc a maraíodh;
- Soláthar d’infháltais trádála amhrasacha;
- Soláthar do dhliteanais sochair scoir, atá bunaithe ar ríomhaireachtaí achtúireacha;
- Soláthar do dhímheas;
- Soláthar do lagú ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh; agus
- Soláthar do throchlú foirgnimh.

**(c) Ioncam**

Is ionann an t-ioncam a léirítear sna ráitis airgeadais faoi Dheontais ón Oireachtas agus na fáltais achtúireacha ón bhfoinse sin sa tréimhse sin.

Scaoiltear an t-ioncam ó Chiste Speisialta na Scéime Dearbhaithe Cáilíochta, ó Food Dudes - Leathadh Amach Náisiúnta agus ó Mhaoiniú  Speisialta do Chur Chun Cinn Bia chuig ioncam de réir caiteachais agus tá aon iarmhéideanna eile atá dlite chuig nó ón mBord Bia sa áireamh faoi Infháltais Trádála agus Eile agus faoi Shuimeanna Iníoctha Trádála agus Eile de réir mar is cuí.

Déantar ioncam a eascraíonn ón Tobhach Reachtúil a thuairisciú ar an mbonn fabhruithe.

**(d) Príomhbheartais chuntasaíochta**

*(1) Maoin, gléasra agus trealamh*
Déantar maoin, gléasra agus trealamh a mhaoiniú ó dheontais Oireachtais agus tomhaistear iad ag costas lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais laige sóchmainne. Ríomhtar dímheas chun an costas bunaidh lúide luach iarmharach measta sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh, thar a saolta úsáideach measta, agus modh na líne dírí in úsáid.

Is iad seo na rátaí infheidhme:

| | |
|---|---|
| Feabhsúchán léasachta | 10% |
| Troscán agus feistis | 12.5% |
| Trealamh ríomhaireachta | 33.3% |
| Trealamh oifige | 20% |

*(2) Lagú ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh*
Ag gach dáta tuairiscithe déantar athbhreithniú ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh chun a chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ann gur bhain caillteanas lagaithe do na sócmhainní sin.  Má tá léiriú ar aon lagú a d’fhéadfadh a bheith ann, déantar méid inghnóthaithe aon sócmhainn a ndearadh difear di a mheas agus a chur i gcomparáid lena glanluach sócmhainne. Má tá an méid inghnóthaithe measta níos ísle, déantar an glanluach a laghdú go dtí an méid inghnóthaithe measta, agus aithnítear caillteanas lagaithe láithreach sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

*(3) Fardal*
Tomhaistear fardal leis an modh is Túisce Isteach, is Déanaí Amach (FIFO).

*(4)  Trádáil agus Infháltais Eile*
Déantar infháltais ghearrthéarmacha a thomhas ag praghas an idirbhirt, lúide soláthar d’fhiacha amhrasacha. Déantar drochfhiacha aitheanta a dhíscríobh.

*(5) Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile*
Tomhaistear suimeanna infhála gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt.

*(6) Folálacha do Dhliteanais agus Mhuirir*
Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid láithreach ag An Bord Bia (dlíthiúil nó inchiallaithe) de thoradh imeacht a tharla, is é is dócha go mbeidh ceangal ar an eagraíocht a réiteach, agus féadfar meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide sin.

Is é an méid a aithníodh mar fhoráil an meastachán is fearr ar an gcomaoin a éilítear chun an oibleagáid láithreach a shocrú ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, ag cur san áireamh na rioscaí agus na neamhchinnteachtaí thart ar an oibleagáid.

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

I gcás go bhfuil éifeacht amluacha airgid ábhartha, aithnítear an méid a mheastar a bheith riachtanach chun an oibleagáid a shocrú ag an luach láithreach agus ráta lascaine réamhchánach in úsáid. Aithnítear leachtú an lascaine mar chostais airgeadais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa téimhse ina eascraíonn sé.

**(e) Sochair fostaithe**

*Sochair Scoir*

Tá trí Scéim Aoisliúntais i bhfeidhm laistigh de Bhord Bia.

Is scéim neamh-mhaoinithe í príomhscéim Bhord Bia ó 31ú Nollaig 2009. Roimh an 1ú Eanáir 2010 íocadh ranníocaíochtaí fostóra agus fostaí isteach i gciste. Faoi théarmaí an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, aistríodh sócmhainní na scéime chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin le héifeacht ón 31ú Nollaig 2009. Tá an scéim fós ann do chomhaltaí a bhí ann cheana féin. Ón 1ú Eanáir 2010, bhí Bord Bia freagrach as riaradh íocaíochtaí pinsin do phinsinéirí thar ceann an Státchiste. Faoin socrú nua leanfaidh na ranníocaíochtaí maoinithe agus tá sé iníoctha leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tar éis cuntas a ghlacadh ar na sochair scoir a íocadh. Cuirfidh an Roinn maoiniú ar fáil i gcás go sáraíonn na sochair pinsin a íoctar an maoiniú agus ranníocaíochtaí fostóirí.

Maidir le fostaithe Bhord Glas mar a bhí, feidhmítear scéim scoir sochair sainnithe neamhranníocach agus scéim leanaí agus céilí ranníocach ar bhonn riaracháin ag feitheamh ar údarú na scéimeanna ag an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Faoi fhorálacha an Achta um an mBord Bia (Leasú), 2004, aistríodh gach duine de fhoireann Bhord Glas mar a bhí ann, chuig Bord Bia le héifeacht ón 1ú Iúil 2004.

Tháinig an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair nua ("An Scéim Aonair") i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2013.

Beidh gach iontrálaí nua i bhfostaíocht inphinsin sa tseirbhís phoiblí an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina chomhalta, go hiondúil, den Scéim Aonair. Tá rialacha na Scéime Aonair leagtha síos san Acht um Pinsin na Seirbhísí Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Léiríonn costais i leith sochair scoir na sochair scoir a thuilleann fostaithe sa bhliain. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don mhuirear sochair scoir mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus déantar é a fhritháireamh le Deontais a fuarthas sa bhliain sin chun íocaíochtaí sochair scoir don Scéim Bhord Glas agus aon easnamh sa mhaoiniú a eascraíonn ó scéim Bhord Bia.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanas scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn Dliteanais Shochair Scoir luach reatha íocaíochtaí sochair scoir amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn Maoiniú Sochair Scoir an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le hin-aisghabháil i dtéimhsí amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

*Sochair ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, mar saoire le pá mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana sa bhfigiúr 'Suimeanna Iníoctha Trádála agus Eile' sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

**(f) Aistriú airgeadra coigríche**

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, aithnítear aistrithe in airgeadra seachas an t-airgeadra feidhmeach ("airgeadraí coigríche") ag an spotráta ag dátaí na n-idirbheart nó ag meánráta nuair atá an ráta sin gar go maith don ráta iarbhír ag dáta an idirbhirt. Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe déantar míreanna airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí coigríche a athaistriú ag na rátaí a bhí i réim ag an dáta sin. Ní dhéantar míreanna neamh-airgeadaíochta atá

tomhaiste i dtéarmaí costais stairiúil in airgeadra coigríche a athaistriú. Aithnítear difríochtaí malartaithe sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa tréimhse ina n-eascraíonn siad.

**(g) Sócmhainní ar Léas**

Muirearaítear cíosanna i ndáil le léasanna oibríochta chuig an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a thaibhítear iad.

**(h) An Cuntas Caipitil**

Déantar gné deontais chaipitil de dheontais a fhaigheann Bord Bia ón Oireachtas a chur chun sochair an Chuntais Chaipitil mar atá leagtha amach i nóta 3, agus aistrítear chuig an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe í thar saol úsáideach measta na sócmhainní ábhartha, ag teacht le dímheas.

**(i) Cánachas**

Tá soláthar déanta i ndáil le dliteantais CBL, cáin shiarghabhála agus párolla.

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

### 2. IONCAM OIBRIÚCHÁIN

(a) Tarraingíodh deontais Oireachtais €32,569,000 ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoin Vóta Talmhaíochta (Fo-cheannteideal A6)

(b) Eascraíonn méid iomlán €2,867,000 faoin teideal Food Dudes - Leathadh Amach Náisiúnta i ndáil le maoiniú arna chur ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Fo-cheannteideal A10) chun an costas a bhaineann le leathadh amach náisiúnta an chláir Food Dudes a chlúdach.

(c) Eascraíonn méid iomlán €5,801,000 faoin teideal Ciste Speisialta na Scéime Dearbhaithe Cáilíochta i ndáil le maoiniú arna chur ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Fo-cheannteideal A10) chun an costas a bhaineann le cigireachtaí feirme neamhspleácha agus próisis deimhniúcháin ghaolmhara faoi Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Bhord Bia a chlúdach.

(d) Eascraíonn méideanna faoi Mhaoiniú Speisialta do Chur chun Cinn Bia i ndáil le maoiniú arna chur ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Fo-cheannteideal A10) i ndáil leis na cláir seo a leanas:

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Cur Chun Cinn** | | |
| Muisiriúin | **512** | 266 |
| Uaineoil | **199** | 207 |
| Prátaí | **116** | 59 |
| Bia Orgánach | **120** | 69 |
| Tomhaltóir Feola Muice | **82** | - |
| Aonach Bia Tomhaltóirí & Feol Orgánaí Biofach | **56** | - |
| Cáis Feirme | **42** | 83 |
| Aonach Biamara Orgánaí Biofach | **34** | - |
| Féile Ghairdín (Orgánach) Bloom | **10** | 16 |
| **Aontaí Trádála** | | |
| Seafood Expo Global (SEG) | **428** | - |
| Boston Seafood | **216** | - |
| China Fisheries | **78** | - |
| Conxemar | **73** | - |
| Speciality & Fine Food Fair | **24** | - |
| Private Label Manufacturers Association (PLMA) | **14** | - |
| | **2,004** | 700 |

(e) Déanann an tAcht um an mBord Bia, 1994, foráil go n-íocfaí tobhach an ceann leis an mBord maidir le beostoc maraithe nó onnmhairithe. Faoi alt 37 den Acht, socraíodh na rátaí ag €1.90 an ceann maidir le heallaigh, 25c an ceann maidir le caoirigh agus 35c an ceann maidir le muca. In 2016, rinneadh gach tobhach a chuntasú ar bhonn fabhraithe. Sna blianta roimhe sin, rinneadh onnmhairiú caorach agus muc beo a chuntasú ar an mbonn airgead tirim a fuarthas. Níl figiúr 2015 athluaite mar ní bheadh suim an choigeartaithe, €42,000, ábharthach i gcomhthéacs an tobhaigh ioncaim iomláin.

(f) Áirítear ar ioncam ó thionscadail agus eile ranníoca tionscail le cur chun cinn i gcomhar, aontaí trádála, seirbhísí eolais agus táillí ó sheimineáir agus comhdhálacha.

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

### 3. CUNTAS CAIPITIL

Is ionann an cuntas Caipitil agus na deontais charnacha a fuarthas a aistríodh ón Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is ionann na Cúlchistí agus an barrachas carnach ioncaim thar chaiteachas.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid an Chuntais Chaipitil amhail an 1 Eanáir | 210 | 148 |
| Méid caipitlithe i ndáil le sócmhainní seasta ceannaithe | 595 | 188 |
| Méideanna scaoilte ar dhiúscairt sócmhainní seasta | (1) | - |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní | (179) | (126) |
| Glanaistriú ó / (chuig) an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. | 415 | 62 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 625 | 210 |

### 4. CAITEACHAS OIBRÍOCHTA

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Luaitear an glanbharrachas i ndiaidh muirearú: | | |
| Dímheas maoine, fearas agus trealaimh | 179 | 126 |
| Cíos agus Rátaí | 1,225 | 1,192 |
| Luach Saothair an Iniúchóra | 25 | 25 |
| Costais Ghnó Ghinearálta | 1,639 | 1,253 |
| Iomlán | 3,068 | 2,596 |

(a) Áirítear sa chaiteachas oibríochta seirbhísí comhairleoireachta/comhairliúcháin seachtracha dlí €35,000, cánachas agus comhairliúcháin airgeadais €55,000, caidrimh phoiblí agus margaíocht chorparáideach €0, pinsin agus acmhainní daonna €81,000.

(b) In 2016, b'ionann na costais taistil agus cothabhála a áirítear sa tsuim thuas agus €13,000 sa bhaile agus €25,000 do thaisteal idirnáisiúnta.

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

### 5. CAITEACHAS MARGAÍOCHTA AGUS CUR CHUN CINN

(a) Anailís de réir Philéir Straitéiseacha an Ráitis Straitéisigh

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Léargas Tomhaltóra | **4,561** | 4,033 |
| Infrastruchtúr maidir le Tallann Daoine | **2,667** | 2,563 |
| Origin Green | **2,346** | 3,098 |
| Bealaí i dtreo an Mhargaidh | **7,028** | 9,221 |
| Cumarsáid Branda | **15,886** | 12,270 |
| Seirbhísí Tacaíochta | **1,182** | 1,624 |
| Iomlán | **33,670** | 32,809 |

Anailís de réir an chineáil Caiteachais

| | | |
|---|---|---|
| Cur Chun Cinn | **5,402** | 5,080 |
| Forbairt Margaíochta | **5,654** | 5,832 |
| Aontaí Trádála agus Taispeántais | **6,196** | 8,131 |
| Seirbhísí Eolais - Taighde | **1,724** | 569 |
| Eolas - Seirbhísí Eile | **4,118** | 4,044 |
| Dearbhú Cáilíochta | **3,223** | 2,684 |
| Forbairt Trádála | **4,601** | 4,139 |
| Tacaíocht Theicniúil - An Earnáil Mhuiceola | **378** | 368 |
| Seirbhísí eile do Chliaint | **190** | 172 |
| Fellowship Plus | **2,184** | 1,790 |
| | **33,670** | 32,809 |

(b) ***Airgeadas Margaíochta***

In 2016 rinneadh deontais €925,000 in iomlán (€808,000 in 2015) faoin gClár Cúnaimh Margaíochta. Rinneadh deontais €283,000 in iomlán (€125,000 in 2015) faoin gClár Step Change. Cuireadh €91,000 eile ar fáil faoi Chlár Treisithe Margaidh nua in 2016.

(c) In 2016, ba ionann na costais taistil agus cothabhála atá san áireamh sa chaiteachas margaíochta agus cur chun cinn thuas agus €180,000 sa bhaile agus €601,000 go hidirnáisiúnta.

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

### 6. PÁ

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Mar seo a leanas a bhí costais foirne le linn na bliana airgeadais: | | |
| Pá agus Tuarastail | **7,785** | 7,367 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | **946** | 1,010 |
| Costais i leith sochair scoir | **3,142** | 3,073 |
| | **11,873** | 11,450 |
| **Deighilt Chostas na bhFostaithe** | | |
| Margaíocht agus cur chun cinn | **10,383** | 10,102 |
| Riarachán | **1,490** | 1,348 |
| | **11,873** | 11,450 |
| **Deighilt Chostas na bhFostaithe** | **Number** | Number |
| Margaíocht agus cur chun cinn | **94** | 78 |
| Riarachán | **18** | 17 |
| | **112** | 95 |
| **Deighilt Pá agus Tuarastail** | **€'000** | €'000 |
| Tuarastal | **7,748** | 7,347 |
| Ragobair | **9** | 8 |
| Liúntais | **28** | 12 |
| | **7,785** | 7,367 |

De réir chiorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 13/2014 leagann an méid seo a leanas amach sochair d'fhostaithe os cionn €60,000 in 2016. Tabhair ar aird go bhfuil an méid seo a leanas i gceist sula ndéantar aon asbhaint a bhaineann le tobhach pinsin na hearnála poiblí.

| **Sochair d'fhostaithe** | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|
| | **2016** | 2015 |
| €60,000 go dtí €69,999 | **20** | 21 |
| €70,000 go dtí €79,999 | **21** | 20 |
| €80,000 go dtí €89,999 | **10** | 8 |
| €90,000 go dtí €99,999 | **5** | 4 |
| €100,000 go dtí €109,999 | **4** | 5 |
| €110,000 go dtí €119,999 | **-** | - |
| €120,000 go dtí €129,999 | **1** | 1 |
| €130,000 go dtí €139,999 | **-** | - |
| €140,000 go dtí €150,000 | **1** | 1 |

**Mar seo a leanas luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh a áirítear sna costais phá thuas:**

| | € | € |
|---|---|---|
| Tuarastal | **149,175** | 149,175 |

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

Chomh maith leis sin tá an Príomhfheidhmeannach ina chomhalta de Scéim Aoisliúntais Bhord Bia agus tá teidlíochtaí sochair scoir nach dtéann thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim Eiseamlárach aoisliúntais shainithe na hearnála poiblí.

B'ionann an líon iomlán fostaithe (fostaithe páirt-aimseartha san áireamh) amhail an 31 Nollaig 2016 agus 112 (2015: 95). Tá an costas a bhain le fostaithe páirt-aimseartha áirithe arb ionann é agus €14,285 (2015: €38,824) san áireamh i gcaiteachas Margaíochta agus Chur Chun Cinn.

Ð367,542 (2015: €387,715) an tobhach pinsin iomlán a íocadh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le linn 2016.

### 7. MAR SEO A LEANAS A BHÍ LUACH SAOTHAIR I nDÁIL LE COMHALTAÍ BOIRD:

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| Seo a leanas táillí na gComhaltaí Boird: | **€** | € |
| Ms. M. Byrne** | **-** | - |
| Mr. M. Carey* | **-** | - |
| Mr. J. Comer | **10,937** | 11,970 |
| Mr. E. Downey | **4,362** | 11,937 |
| Ms. R. Doyle | **11,970** | 6,726 |
| Mr. F. Hayes* | **-** | - |
| Mr J Healy | **7,625** | - |
| Ms. R. Holland* | - | - |
| Mr. J. Horgan* | - | - |
| Ms. C. Keeling* | - | - |
| Mr. T. Keohane | **11,970** | 6,726 |
| Mr. T. Moran | **11,970** | 6,726 |
| Prof. F. O'Gara | **11,970** | 11,970 |
| Mr. R. O'Rourke* | **5,985** | - |
| Mr. B. Sweeney | **11,970** | 6,727 |
| Mr. P. Whelan | **11,970** | 6,726 |
| Iomlán | **100,729** | 69,508 |
| Méideanna íoctha le Comhaltaí Boird maidir le costais taistil agus chothabhála | 8,200 | 7,164 |
| Méideanna íoctha le Comhaltaí Fo-Bhoird maidir le costais taistil agus chothabhála | 19,123 | 19,831 |

*Na Comhaltaí Boird a tharscaoil cuid de nó iomlán na dtáillí iníoctha, mar Chomhalta Boird, in 2016.
**Níl aon táillí iníoctha le M. Byrne, Uasal, Príomhoifigeach, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

### 8. MAOIN, FEARAS AGUS TREALAMH

| | Feabhsúcháin ar Léasacht | Troscán agus Feistis | Trealamh Ríomhaireachta | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Amhail an 1 Eanáir 2016 | 1,615 | 614 | 818 | 190 | 3,237 |
| Suimeanna Breise | 462 | 125 | 6 | 2 | 595 |
| Diúscairtí | (53) | (122) | (63) | (27) | (265) |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | **2,024** | **617** | **761** | **165** | **3,567** |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2016 | 1,600 | 565 | 688 | 174 | 3,027 |
| Muirearaithe don bhliain airgeadais | 56 | 27 | 88 | 8 | 179 |
| Diúscairtí | (53) | (121) | (63) | (27) | (264) |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | **1,603** | **471** | **713** | **155** | **2,942** |
| **Glanluach leabhair amhail an 31 Nollaig 2016** | **421** | **146** | **48** | **10** | **625** |
| Glanluach leabhair amhail an 31 Nollaig 2015 | 15 | 49 | 130 | 16 | 210 |

### 9. INFHÁLTAIS TRÁDÁLA AGUS EILE

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | € '000 |
| Infháltais Trádála | **3,154** | 2,773 |
| Lúide Soláthar Drochfhiacha | **(403)** | (373) |
| | **2,751** | 2,400 |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhruithe | **1,476** | 998 |
| | **4,227** | 3,398 |

### 10. SUIMEANNA INÍOCTHA TRÁDÁLA AGUS EILE

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| *Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin* | **€'000** | € '000 |
| Suimeanna Iníoctha Trádála | **3,023** | 2,286 |
| Rannaíocaíocht sochair scoir leis an Státchiste | **383** | 477 |
| Cánachas agus Leas Sóisialach (nóta 11) | **1,507** | 1,346 |
| Fabhruithe* | **3,475** | 2,734 |
| Ioncam iarchurtha | **233** | 242 |
| | **8,620** | 7,085 |

Tá suimeanna iníoctha trádála le socrú ag dátaí éagsúla sna míonna amach romhainn de réir ghnáththéarmaí creidmheasa soláthraithe.

* Fabhrú saoire le pá de €180,000 (€154,000 in 2015) san áireamh. Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, mar saoire le pá mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana sa bhfigiúr Suimeanna Iníoctha Trádála agus Eile sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

### 11. CÁNACHAS AGUS LEAS SÓISIALACH

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| *Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin* | € '000 | € '000 |
| CBL | 297 | 461 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 609 | 454 |
| Cánacha párolla | 442 | 273 |
| ÁSPC* | 159 | 158 |
| | 1,507 | 1,346 |

Níl an Bord Bia faoi dhliteanas cáin chorparáide a íoc in Éirinn ná sna tíortha ina bhfeidhmíonn sé mar ní comhlacht Stát-urraithe neamhtráchtála é.

Tá sé faoi dhliteanas cánacha fostóra a íoc in Éirinn agus cloíonn sé leis na hoibleagáidí siarchoinneála, tuairiscithe agus íocaíochta gaolmhara sna tíortha go léir ina bhfeidhmíonn sé.

### 12. COSTAIS I LEITH SOCHAIR SCOIR

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € '000 | € '000 |
| **a i) Anailís ar chostais iomlán i leith sochair scoir a mhuirearú chuig an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.** | | |
| Costas seirbhíse | 2,230 | 2,270 |
| Ranníocaíochtaí ó fhostaithe | (315) | (297) |
| Costas seirbhíse reatha | 1,915 | 1,973 |
| Costas úis | 1,227 | 1,162 |
| Iomlán | 3,142 | 3,135 |

**a ii) Ranníocaíocht leis an Státchiste**

De réir an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 agus na socruithe atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta, b'ionann na ranníocaíochtaí atá iníoctha leis an Státchiste agus €640,248 sa bhliain (2015: €699,565).

Bhí méid de €383,574 dlite an 31 Nollaig 2016 (2015: €477,380 i ndáil le hasbhaintí fostaithe iníoctha leis an Státchiste tar éis sochair scoir a fhritháireamh iníoctha faoi scéim Bhord Bia. I bhfigiúirí comparáide 2015 áiríodh suim a bhain leis an Scéim Pinsin Aonair a raibh dliteanas nialas i gceist ag deireadh na bliana 2016.

**a iii) Anailís ar an méid a aithnítear sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Éifeachtaí Atomhais Iomlána arna n-aithint | (6,784) | 2,043 |

**b i) Luach reatha oibleagáidí scéime**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Luach reatha oibleagáidí scéime ag tús na bliana | 52,583 | 52,053 |
| Costas seirbhísí | 2,230 | 2,270 |
| Costas Úis | 1,227 | 1,162 |
| Caillteanas / (Gnóthachan) achtúireach | 6,784 | (2,043) |
| Sochair íoctha | (742) | (859) |
| Luach reatha oibleagáidí scéime ag deireadh na bliana | 62,082 | 52,583 |

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

**b ii) Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha**

Faoi théarmaí an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, aistríodh sócmhainní Scéimeanna Aoisliúntais Bhord Bia chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin le héifeacht ón 31 Nollaig 2009. Leanfaidh na scéimeanna sochair scoir a bhaineann leis na cistí sin i bhfeidhm do chomhaltaí atá ann cheana féin gan aon tionchar ar shochair nó ar sholáthairtí do chomhaltaí. Cuirfidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maoiniú ar fáil sa chás go sáraíonn na sochair scoir a íocadh na ranníocaíochtaí. Tá an cur chuige agus nochtadh a éilítear leis an gcaighdeán cuntasaíochta Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (Alt 28) glactha ag an mBord Bia chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú. Cé go bhfeidhmítear an socrú maoinithe leis an Roinn ar bhonn glanphá a aistriú, tá An Bord Bia sásta gur ionann an socrú agus aisíocaíocht ar an dliteanas sochair scoir nuair a bhíonn na dliteanais sin dlite le híoc agus dá réir sin aithníonn sé a cheart ar an aisíocaíocht mar shócmhainn ar leithligh i suim a bheidh comhionann leis an dliteanas ag deireadh na bliana.

Aithníonn an Bord Bia sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamh-mhaoinithe do shochair scoir ar scéim an Bhoird Ghlais ar bhonn roinnt bonn tuisceana agus imeachtaí roimhe seo lena n-áirítear na scéimeanna aoisliúntais a bhunú agus an polasaí agus an cleachtas atá ar bun faoi láthair maidir le sochair scoir na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear an próiseas meastacháin bliantúil.

Aithnítear sócmhainn mhaoinithe iarchurtha €62.082 milliún is comhionann leis an dliteanas sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2016 (2015: €52.583 milliún). Cinneadh an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha ag deireadh na bliana tar éis cuntas a thabhairt do ghlan-mhaoiniú iarchurtha do shochair scoir sa bhliain €3.142 milliún agus do choigeartuithe a lean as an gcaillteanas achtúireach €6.784 milliún agus ó shochair scoir a bhí iníoctha faoi scéim Bhord Bia €742,111 a rinneadh a fhritháireamh i gcoinne na ranníocaíochta a bhí iníoctha leis an Státchiste.

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€ '000** | € '000 |
| **b iii) Glan-mhaoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir a aithnítear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.** | | |
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais i leith sochair scoir na bliana reatha | **3,142** | 3,135 |
| Deontais ón Oireachtas a cuireadh le híocaíochtaí sochair scoir (Scéim an Bhoird Ghlais) | | (62) |
| | **3,142** | 3,073 |

.

**c) Tuairisc ar scéimeanna agus boinn tuisceana achtúireacha**
Oibríonn an Bord trí scéim aoisliúntais shochair shainithe d'fhostaithe incháilithe áirithe.

1) Príomhscéim Bhord Bia, dá bhfuil ceadú ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faighte. Go dtí 31 Nollaig 2009, íocadh ranníocaíochtaí fostaithe agus Bhord Bia isteach i gciste arna bhainistiú ag na hiontaobhaithe. Mar a shonraítear i nóta 12 ii) thuas, aistríodh sócmhainní na scéime chuig chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin le héifeacht ón 31 Nollaig 2009.

2) Iarscéim an Bhoird Ghlais. Is éard atá sa scéim seo scéim pinsin sochair sainithe neamhranníocach agus scéim leanaí agus céilí ranníocach arna feidhmiú ar bhonn riaracháin ar feitheamh údarú na scéimeanna ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3) Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá rialacha na Scéime Aonair leagtha síos san Acht um Pinsin na Seirbhísí Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

   Comhlíonann Bord Bia costas reatha scoir. Íoctar sin as ioncam reatha. Baintear úsáid as ranníocaíochtaí a fhaigheann An Bord Bia ó chomhaltaí na scéimeanna ranníocacha neamh-mhaoinithe thuas luaite chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar dhliteanais phinsin leanúnacha..

   Rinneadh luacháil achtúireach ar Scéimeanna Aoisliúntais Bhord Bia amhail an 31 Nollaig 2016 chun críocha an nochtadh FRS17 seo a ullmhú. Rinneadh na dliteanais agus na costais a mheasúnú agus úsáid a bhaint as an modh aonaid fortheilgthe.

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

**Boinn tuisceana airgeadais**

Ba mar seo a leanas a bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha a úsáideadh chun dliteanais an tsochair scoir faoi FRS102 a ríomh:

| | **31/12/2016** | 31/12/2015 |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | **1.90%** | 2.35% |
| Ráta Boilscithe | **1.85%** | 1.70% |
| Arduithe ar thuarastail | **4.10%** | 3.95% |
| Arduithe ar shochair scoir le haghaidh sochar íocaíochta | **3.6% / 1.85%** | 3.45% / 1.7% |
| Arduithe ar shochair scoir le haghaidh sochar iarchurtha | **3.6% / 1.85%** | 3.45% / 1.7% |
| Dáta deiridh tarraingt siar ó bhallraíocht an phlean | **31/12/2016** | 31/12/2015 |

Rinneadh na méideanna seo a leanas a thomhas de réir na riachtanas in FRS102.

**Boinn tuisceana déimeagrafacha**

Is éard atá sa tábla básmhaireachta 88% de ILT15 d'fhir (Fir) agus 91% de ILT15 do mhná (Mná), le feabhsuithe básmhaireachta CSO 2013 i bhfeidhm ó 2010. Léirítear rátaí ionadaíocha thíos.

Léirítear thíos saolré ionchais rannpháirtí 65 bliain d'aois agus saolré ionchais (ó 65 bliain d'aois ar aghaidh) rannpháirtí a mbeidh 65 bliain d'aois slánaithe aige i gceann 25 bliain, agus sin bunaithe ar na táblaí básmhaireachta thuas.

| **Aois** | **Fir** | **Mná** |
|---|---|---|
| 65 | 21.1 | 23.6 |
| 65 i gceann 25 bliain | 24.1 | 26.2 |

**d) Stair na n-oibleagáidí sochair sainithe, sócmhainní agus taithí gnóthachain agus caillteanais**

| | **2016** | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 | €'000 | €'000 | € '000 |
| Oibleagáidí sochair sainithe | **62,082** | 52,583 | 52,053 | 40,846 | 42,143 |
| Luach cóir shócmhainní na scéime | **-** | - | - | - | - |
| Easnamh ar Scéimeanna Aoisliúntais | **(62,082)** | (52,583) | (52,053) | (40,846) | (42,143) |
| Coigeartuithe ó thaithí ar oibleagáidí scéime | **(6,784)** | 2,043 | (8,854) | 4,261 | (14,092) |
| Coigeartuithe ó thaithí ar shócmhainní scéime | **-** | - | - | - | - |

## 13. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR

| | Trochluithe | CBL | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | **€'000** |
| Amhail an 1 Eanáir 2016 | 615 | 13 | **628** |
| Suimeanna Breise | 49 | (13) | **36** |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | **664** | **-** | **664** |

Tá an Soláthar do Throchluithe comhdhéanta de chostas measta athchurtha maoine ar léas de réir oibleagáidí faoi léasanna oibríochta.

# NÓTAÍ MAR CHUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS
## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

### 14. TIOMANTAIS

*Maoiniú*

I dtéarmaí na gClár Airgeadais Margaíochta arna bhfeidhmiú ag Bord Bia tá an bhainistíocht tiomanta íocaíochtaí €1,514,000 (2015: €932,000) laistigh den chéad 12 mhí eile. Níl aon choinníollacha ar leith a bhaineann le feidhmíocht ag gabháil leis na gealltanais seo ach amháin go raibh ar na tairbhithe beartaithe an caiteachas a bheith tabhaithe acu roimh a n-éilimh a chur isteach. Tá na tiomantais sin á maoiniú trí ioncam deontais an Oireachtais.

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Amhail an 1 Eanáir | **932** | 923 |
| Suimeanna Breise | **582** | 9 |
| Amhail an 31 Nollaig | **1,514** | 932 |

*Léasanna oibríochta*

| | | |
|---|---|---|
| Is iad seo a leanas íocaíochtaí íosta na léasanna oibríochta sa todhchaí: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **1,214** | 733 |
| Idir bliain agus cúig bliana | **3,594** | 2,932 |
| I gcúig bliana nó níos mó | **282** | - |

Tá áitreabh ag Bord Bia ag Cúirt Clanwilliam, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 faoi chomhaontú cíosa. Tiocfaidh deireadh leis an gcomhaontú seo, a thosaigh in 2010, in 2021. B'ionann na muirir iomlána lena n-áirítear cíos, rátaí agus costais chóiríochta maidir leis an áitreabh sin in 2016 agus €812,370. Ina theannta sin, tá seilbh ag an mBord Bia ar thrí mhaoin déag eile in áiteanna éagsúla ar fud an domhain. €412,316 an cíos a íocadh ar na háitribh sin in 2016.

### 15. IDIRBHEARTAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Cúiteamh don phríomhbhainistíocht pearsanra | **523** | 530 |

Áirítear ar chúiteamh don phríomhbhainistíocht pearsanra sochair fostaithe a íocadh le comhaltaí sinsearacha na foirne bainistíochta ag Grád Leibhéal 1.

### 16. COMHALTAÍ BOIRD - IDIRBHEARTA A NOCHTADH

I ngnáthchúrsaí gnó féadfaidh an Bord deontais a cheadú agus féadfaidh sé freisin socruithe conartha a dhéanamh le gnóthais ina mbíonn comhaltaí Bhord Bia fostaithe nó leas acu ann. Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le leasanna a bheith á nochtadh ag Comhaltaí Boird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

Níor ceadaíodh ná níor íocadh deontas ar bith i rith na bliana le cuideachtaí a bhfuil baint ag comhaltaí Boird leo.

### 17. FAISNÉIS CHOMPARÁIDEACH

Tá athrangú déanta ar fhaisnéis chomparáideach nuair is gá chun cloí le heolas na bliana airgeadais reatha.

### 18. CUSPÓIRÍ BHORD BIA

Tá achoimre ar spriocanna Bhord Bia inár ráiteas Misin - "Rathúlacht tráchtála ardchaighdeáin thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a thiomáint i gcomhar leis an tionscal agus trí léargas ar an margadh." Tá léiriú iomlán air sin inár straitéis chorparáideach mar atá leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil.

### 19. NA RÁITIS AIRGEADAIS A CHEADÚ

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 5 Iúil 2017

# ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAIS MAIDIR LE CÚNAMH MARGAÍOCHTA

| Cuideachta | Suim € |
|---|---|
| Abbey Nurseries Ltd | 90 |
| Absolutely Fabulous Foods Ltd | 3,000 |
| Adare Farm | 3,000 |
| Aine's Handmade Chocolates | 6,000 |
| Alan Kelly-Golf Road Nurseries | 9,150 |
| Algaran Teo | 7,482 |
| Allihies Seafood Ltd | 3,000 |
| Amour Nurseries | 124 |
| An-Sean Teach Ltd t/a DV8 Beverages | 2,000 |
| AranBia Ltd t/a Crusts | 2,000 |
| Atlantic Marine Seafoods | 2,527 |
| Ballykelly Farms Ltd | 3,882 |
| Beechill Bulbs Ltd | 2,553 |
| Beechlawn Organic Farm | 3,000 |
| Beeline Healthcare | 6,000 |
| Beniel Ltd t/a Benoits Chocolate Factory | 4,000 |
| Bia Ganbresie-Freefrom Foods | 7,000 |
| Big Hand Brewing Co. | 2,000 |
| Big Red Kitchen | 5,500 |
| Boutique Bake Ltd | 6,535 |
| Boylan Fruits Ltd | 3,486 |
| Brookridge Farm | 3,000 |
| Brú Brewery | 52,409 |
| Burren Smokehouse Ltd | 9,000 |
| Caherbeg Free Range Pork Ltd | 5,944 |
| Cahills Farm Cheese | 24,000 |
| Carol Kinsella Chocolates | 2,936 |
| Carrigaline Farmhouse Cheese Ltd | 18,830 |
| Carrigbyrne Farmhouse Cheese | 8,000 |
| Cashel Fine Foods | 3,000 |
| Cathy's Spelt for Health | 3,500 |
| Celtic Chocolates Ltd | 40,000 |
| Celtic Salads | 760 |
| Chia Bia | 8,178 |
| Chris Brownlow Potatoes | 4,500 |
| Clanwood Farm | 2,000 |
| Con Traas Ltd | 4,983 |
| Connemara Seafoods Frozen | 3,772 |
| Connemara Seafoods Ltd | 9,000 |
| Cooleeney Cheese | 10,000 |
| Corleggy Cheeses | 3,000 |
| Couverture Ltd | 13,867 |
| Croagh Patrick Seafoods | 3,000 |
| Crossogue Preserves Ltd | 3,000 |
| Cuinneog Ltd | 6,417 |
| Cybercolors Ltd | 17,665 |
| D&S Gourmet Food-Gran Clarkes' Bakery | 3,000 |
| Delicious Gluten Free Bakery | 8,000 |
| Derrycamma Farm | 2,797 |
| Doran Nurseries Ltd | 3,624 |
| Dungarvan Brewing Co. | 5,000 |
| Dungarvan Shellfish Ltd | 5,000 |
| Durrus Cheese | 2,432 |
| Eight Degrees Brewing Co.Ltd | 8,939 |
| Elivar Ltd | 2,500 |
| Emaan Meal Solutions-Kohinoor | 19,846 |
| Farm Fresh Homemade Foods | 3,854 |
| Finnegans Farm | 2,500 |
| Fitzeally Foods Ltd | 4,000 |
| Fitzgerald Nurseries Ltd | 18,786 |
| Flannerys Nurseries Ltd | 1,824 |
| Food 360 | 6,824 |
| Foods of Athenry | 10,000 |
| Galway Hooker Brewery | 9,000 |
| Galway Natural Health-Revive Active | 2,500 |
| Gannet Fishmongers Ltd | 1,098 |
| Garden of Eden Herbs | 12,847 |
| George Harrington Home Bakery Ltd | 3,500 |
| Glendalough Irish Whiskey Ltd | 12,338 |
| Glenilen Farm Ltd | 50,000 |
| Glydefarm Produce | 1,932 |
| Goatsbridge Trout Farm Ltd | 10,000 |
| Gold Circle Mushrooms | 9,676 |
| Goodness Grains Gluten Free Bakery | 5,000 |
| Green Earth Organics Ltd | 3,000 |
| Green Saffron Spices Ltd | 7,000 |
| Green Valley Farms Ltd-Killowen Farm | 20,000 |
| Greenbean Coffee Roasters | 2,656 |
| Greenhill Fruit Farm Ltd | 8,000 |
| G's Gourmet Jams Ltd | 7,000 |
| Harvest Moon Foods | 3,000 |
| Healy Fine Foods- Chocolate Garden of Ireland | 6,000 |
| Healy's Honey Ltd | 11,314 |
| Heatherfield Ltd-Seerys | 2,237 |
| HF Foods Ltd | 2,990 |
| Hickeys Bakery Waterford | 2,240 |
| Hickeys Bakery Ltd Clonmel | 2,327 |
| Highbank Orchards | 2,178 |
| Honest Bread & Cakes Ltd | 3,000 |
| Howth Cuisine | 2,500 |
| Hughes Roses Ltd | 6,000 |
| Hyde Ltd t/a Ballymaloe Country Relish | 10,000 |
| Hyde Whiskey | 4,000 |
| IASC-Irish Atlantic Seafood Co. | 12,206 |
| Improper Butter | 3,619 |
| Inagh Farmhouse Cheese Ltd | 8,000 |
| Inch House Black Pudding | 4,000 |
| Irish Fish Canners | 2,224 |
| Irish Premium Oysters | 8,000 |
| Island Seafoods Ltd | 11,281 |
| Jack Cody's | 3,000 |
| Jane Russell's Original Irish | 4,000 |
| Janet's Country Fayre Ltd | 5,085 |
| JFS Produce | 2,825 |
| Jinny's Bakery | 2,837 |
| JOD Food Products t/a Old Irish Creamery Cheese | 15,000 |
| Joe's Farm Crisps | 4,000 |
| Kearneys Homebaking Ltd | 4,373 |
| Keelings F.Juices Ltd | 17,000 |
| Kelly's Mountain Brew | 1,556 |
| Kelly's Nursery Ltd | 8,350 |

| | |
|---|---|
| Kelly's of Newport | 4,000 |
| Keogh's Crisps Ltd | 37,556 |
| Key Ingredients Europe Ltd | 6,776 |
| Kilfera Food Manufacturers | 8,954 |
| Killeen Farmhouse Cheese | 2,297 |
| Kilmoon Cross Nurseries Ltd | 1,839 |
| Kinvara Smoked Salmon Ltd | 5,000 |
| Kitty O'Byrnes Ltd | 728 |
| Knockanore Farmhouse Cheese Co. | 7,000 |
| Knockdrinna Farmhouse Cheese | 5,495 |
| Laurence Whelan Potatoes | 3,000 |
| Lily's Tea Shop | 2,000 |
| Lovin Catering Ltd | 1,000 |
| M&J Nutrition ProU | 2,000 |
| M&M Products Ltd | 3,000 |
| Mags' Homebaking | 6,000 |
| Malone Food Products | 2,568 |
| Mannings Bakery | 3,360 |
| Michael Kelly Shellfish Ltd | 8,000 |
| Mileeven Fine Foods | 7,000 |
| Milleens Cheese | 5,635 |
| MMM Family Bakery Ltd | 5,358 |
| Moran's Homestore | 2,000 |
| Mossfield Organic Farm | 4,681 |
| Mr. Middleton Garden Shop | 4,000 |
| Murphys Ice Cream | 2,500 |
| Naturally Cordial Ltd | 2,000 |
| Newgrange Gold Ltd | 5,000 |
| Nightpark Nursery | 4,716 |
| Nobó Ltd | 4,000 |
| Normandy Ireland Fish Exporters Ltd | 4,000 |
| Nua Naturals | 4,000 |
| O'Donohues Bakery Ltd | 855 |
| O'Dowd Nurseries | 2,114 |
| Oishii Foods Ltd | 1,650 |
| On the Pigs Back | 2,120 |
| O'Neills Dry Cure Bacon Co. | 14,000 |
| Origin Spirits | 7,500 |
| Orpens | 4,835 |
| Pandora Bell | 2,000 |
| Paul Brophy Produce | 5,000 |
| Piranha Beverages Ltd | 6,000 |
| Ponaire Ltd | 3,867 |
| Ponticelli Coffee | 4,000 |
| Quality Irish Food-Mr. Crumb | 30,000 |
| Redbank Food Co. | 1,661 |
| Régale Biscuit Co.Ltd | 625 |
| Rentes Plants Ltd | 6,000 |
| Riceshill Farm | 6,000 |
| Rosie's Bakehouse | 456 |
| Ryan's Farm | 1,000 |
| Salad Ways Ltd | 7,767 |
| Sam's Cookies Ltd | 9,483 |
| Sea of Vitality | 1,393 |
| Secret Recipe | 8,176 |
| Seymours Fine Foods | 2,528 |
| Shannon Estuary Oysters Ltd | 4,000 |
| SiSú Juice Co.Ltd | 3,000 |
| Skelligs Chocolate | 12,000 |
| Slaney Farms Produce Ltd | 9,927 |
| Solaris Botanicals Ltd | 5,000 |
| Soupcafé | 1,000 |
| Speciale Donegal Bay Ltd | 8,000 |
| Springfield Nurseries | 3,000 |
| St.Patrick's Distillery Ltd | 3,000 |
| Stams Bamboo Nursery | 2,428 |
| Stonewell Cider | 5,000 |
| Summerhill Lawns Ltd | 2,851 |
| Sunnyside Fruit Ltd | 2,100 |
| The Cloudberry Bakery | 1,911 |
| The Cool Bean Company | 1,837 |
| The Delicious Food Company | 2,000 |
| The Dublin Cookie Co.Ltd | 2,000 |
| The Food Store | 1,500 |
| The Happy Pear Living Foods | 4,500 |
| The Just Food Company | 3,602 |
| The Lismore Food Co | 2,738 |
| The Little Milk Company | 17,353 |
| The Scullery Ltd | 9,000 |
| The Tipperary Kitchen | 1,119 |
| The White Hag Brewing Company | 3,865 |
| The Wicklow Brewery Ltd | 3,000 |
| Tipperary Kitchen | 829 |
| Toonsbridge Dairy Ltd | 3,500 |
| Treefields Nursery Ltd | 2,000 |
| Trouble Brewing | 4,603 |
| Trudies Catering Kitchen | 6,000 |
| Tully Nurseries | 3,574 |
| Virginia Health Food Ltd | 9,195 |
| Waldron Meats | 1,508 |
| Walsh's Bakehouse-Sunshine Bread & Confectionery | 7,000 |
| Wexford Fruit Producers Ltd | 3,958 |
| Wexford Home Preserves | 3,749 |
| Wicklow Farmhouse Cheese | 7,000 |
| Wild About Food Ltd | 3,000 |
| Wild Atlantic Shellfish Ltd | 6,000 |
| Wild Irish Sea Veg | 4,930 |
| Wild Orchard Natural Beverages | 2,000 |
| Wyldsson Ltd | 21,395 |
| Yawl Bay Seafood Ltd | 2,890 |
| Zanna Cookhouse | 3,000 |
| **Iomlán** | **1,299,060** |

# NÓTAÍ

**AN CHEANNOIFIG**
Cúirt Chlann Liam
Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath
D02 A344
Éire
T +353 1 668 5155

**AMSTARDAM**
World Trade Centre
Strawinskylaan 1351
1077 XX Amsterdam
An Ísiltír
T +31 20 754 6969

**DUBAI**
4th floor,
Office 4b, Monarch Office,
Tower No 1,
Sheikh Zayed Road,
PO Box 115425,
Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha
T +97 143 760 409

**DUSSELDORF**
Derendorfer Allee 6
40476 Dusseldorf
An Ghearmáin
T +49 211 470 5975

**LONDAIN**
201-203 Great Portland Street
Londain
W1W 5AB
An Ríocht Aontaithe
T +44 20 7307 3555

**MAIDRID**
Casa de Irlanda
Paseo de la Castellana
No 46 - 3a planta
28046 Maidrid
An Spáinn
T +34 91 435 6572

**MILANO**
Via E. De Amicis, 53
20123 Milano
An Iodáil
T +39 02 7200 2065

**MOSCÓ**
Prospekt Mira 26 building 4
Moscó
An Rúis
T +7 499 682 9961

**NUA-EABHRAC**
Ireland House
345 Park Avenue
17th Floor
Nua-Eabhrac
NY 10154-0037
USA
T +1 212 935 4505

**PÁRAS**
Maison d'Irlande
33, rue de Miromesnil
75008 Páras
An Fhrainc
T +33 1 42 66 22 93

**SHANGHAI**
Suite 733
Shanghai Centre
No. 1376 Nanjing Road West
Shanghai 200040
An tSín
T +86 21 627 98829

**SINGEAPÓR**
Ireland House
541 Orchard Road
Liat Towers, 8th Floor
Singeapór
238881
T +65 6804 9344

**STÓCÓLM**
Ambasáid na hÉireann
Hovslagargatan 5
11148 Stócólm
An tSualainn
T + 46 8 545 04058

**VÁRSÁ**
Ambasáid na hÉireann
Mysia 5
Vársá
An Pholainn
T + 48 22 564 2224

